

€1.65 (£1.50)
Uimh. 25



Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

20.06.2012

Bíonn tionchar níos déine ag easpa gréine ar Éireannaigh ná easpa donnúcháin

L. 8 & 9



'Hack-áladh' mé!

Diarmuid Ó Muirgheasa ar cad a tharlaíonn nuair a ghoidtear pasfhocail ríomhaireachta

L. 10



www.gaelisceal.ie

'Ullmhaigh plean teanga nó fág an Ghaeltacht' - Aire

Bille Gaeltachta foilsithe faoi dheireadh

Colm Ó Broin

BEIDH an chumhacht ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ceantair a chaitheamh amach as an nGaeltacht mura gcuireann siad plean teanga i bhfeidhm de réir an Bhille Gaeltachta a foilsíodh inné.

Tá sonraí sa Bhille faoi 'Bhailte Seirbhíse Gaeltachta' agus 'Líonraí Gaeilge' chomh maith. Is éard atá i gceist leis na Bailte Seirbhíse ná bailte ina bhfuil neart seirbhísí a dhéanann freastal ar mhuintir na Gaeltachta.

Seans nach mbeidh ceantair ar bith ag fágáil na Gaeltachta ar feadh tamaill mhaith, áfach, óir bheadh roinnt blianta ag grúpa pobail chun plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm

agus fiú sa chás nach n-éireodh leo bheadh deis ag grúpa eile plean nua a réiteach ina dhiaidh sin.

Tá fáilte curtha ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge roimh fhoilsiú an bhille ach tá amhras léirithe acu faoi ghnéithe áirithe den reachtaíocht. Cháin polaiteoirí an fhreasúra an bille.

Tá 19 gceantar pleanála teanga Gaeltachta ainmnithe ag an Aire Stáit, Dinny McGinley, cheana féin agus beidh sé ag lorg iarratas ó eagraíochtaí pobail chun pleananna teanga a réiteach iontu. Mura bhfaigheann an tAire iarratas sásúil, nó mura gcuirtear i bhfeidhm é go sásúil, beidh sé de rogha ag an Aire stádas Gaeltachta an ceantair a chealú.

Ní fios go fóill ceard a tharlóidh má bhíonn éagsúlacht ag baint le cur i bhfeidhm pleananna laistigh de na ceantair, áfach. Mar shampla, beidh ar eagraíocht phobal plean teanga amháin a ullmhú do na Forbacha, an Spidéal agus Indreabhán, ceantair atá an-difriúil ó thaobh láidreachta na Gaeilge de.

Ar lean ar leathanach 6

"Cupán Tae don Aire"!



Páraic Seosamh Ó Ceannabháin ó Choillín, Carna, agus Caoilinn Ó Murchú ó Ghabhla, Caiseal, Co na Gaillimhe, ag tabhairt cupán tae don Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Dinny McGinley, ó "Chistin na nÓg" in Ionad Cúraim Leanaí Charna a d'oscail an tAire go hoifigiúil ar an Luan. PIC: SEAN O MAINNIN

Nuacht TG4 agus Nuacht RnaG le Cónascadh

Colm Ó Broin

TUIGTEAR go bhfuil RTÉ ag smaoineamh ar chónascadh a dhéanamh idir Nuacht TG4 agus Nuacht Raidió na Gaeltachta mar chuid d'iar-rachtaí an chraoltóra caiteachas a laghdú.

Táthar ag breathnú ar bhealaí chun an dá sheomra



nuachta a lonnú in aon aonad amháin.

Deir foinsí i TG4, áfach, go mbeadh an-chostas ag baint le

seomra nuachta an stáisiúin teilifíse a bhogadh ó Bhaile na hAbhann go ceanncheathrú Raidió na Gaeltachta i gCasla. Lena chois sin, tá sé measta go bhféadfadh TG4 suas le €300,000 de tháille cíosa a chailliúint in aghaidh na bliana dá n-aistreadh RTÉ an seomra nuachta amach as an stáisiún

Ar lean ar leathanach 2

Gadhair agus cait ag dul ar an imirce freisin

Máirtín Ó Catháin

Ní hé amháin go bhfuil na daoine ag imeacht; tá na gadhair agus na cait ag imeacht freisin.

Chuille sheachtain anois, téann cúig nó sé de cheanna gadhair ar bord eitleáin i mBaile Átha Cliath agus iad ar an mbealach don Astráil agus don Nua-Shéalainn.

Íocann a n-úinéirí na mílte euro leis na peataí a thabhairt anonn leo agus iad ag dul ar imirce iad féin.

"Ní chreidfeá ach a bhfuil de pheataí á dtabhairt i bhfad ó bhaile le cúpla bliain" a deir Colm Ó Loideáin, an bainisteoir ar chomhlacht Air Sea Forwarding Ltd. atá lonnaithe gar d'Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Cuireann an comhlacht seo seirbhís iompair ar fáil - do chait, do ghadhar agus d'ainmhithe eile. "Tá borradh mór tagtha faoin ngnó seo le cúpla bliain," arsa Colm.

"Amannta socraítear i dteaghlach go dtabharfar na peataí chun bealaigh freisin leis an gcomhlúadar agus iad ag imeacht ag obair go tír éicint eile.

Ar lean ar leathanach 3

NUACHT NÁISIÚNTA

Ionad Leanaí Charna oscailte tar éis iarrachta fada

Dóchas ann go dtreiseofar an teanga.

Máirtín Ó Catháin

BHÍ sé ina cheiliúradh i gCarna arú inné nuair a d'oscail an tAire Stáit, Donncha Mac Fhionnlaoich, T.D., an tIonad Cúram Leanaí nua go hoifigiúil.

Tá 44 naonán agus gasúr ag freastal ar an Ionad anois; tá naíolann, naíonra agus áiseanna iarscoile do ghasúir i measc na seirbhísí atá ar fáil ann. Tá ceathrar ag obair ann agus faightear cúnamh freisin ó fhoireann na scéime de chuid na heagraíochta "Solas" sa gceantar.

Ar an Eastát Tionsclaíochta atá ag Údarás na Gaeltachta i Roisín na Mainiach atá an tIonad nua suite agus táthar ag súil go gcuideodh an tseirbhís le buanú na Gaeilge i measc na ndaoine óga sa gceantar.

Bhí sé sin ar cheann de na haidhmeanna móra a bhain leis an iarracht a thosaigh in 2003 leis an Ionad seo a bhunú. Grúpa tuismitheoirí sa gceantar a tháinig le chéile i dtosach agus coinníodh an iarracht ag imeacht ó shin.

Chuaigh cúrsaí in aimhréidh roinnt tar éis tamaill agus tháinig Fóram Iorras Aitheach isteach ar an scéal i gcomhar le Comharchumann Chonamara Thiar. Tá an oiread staire ag baint leis an iarracht agus go raibh baint ag na hAirí Michael McDowell agus Brian Lenihan, nach maireann, leis an gcás.

In 2006 a tugadh an cás go Teach Laighean nuair a chuaigh grúpa a bhí eagraithe ag Fóram Iorras Aitheach chuig cruinniú ansin leis an Aire Michael McDowell. Cé gur mo cuimhne atá air mar Aire Dlí agus Cirt, bhí cúramá seirbhísí leanaí ar McDowell an uair sin freisin. Ag an gcrúinniú sin a bhronn an Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig - a bhí ar thoscaireacht Iorras Aitheach - cóip de leabhar Choilm Uí Ghaora, 'Mise' ar an Aire McDowell. Tharraing an bronntanas seo aird ar an stair; uncail le McDowell ab ea Eoghan Mac Néill, ceannaire Óglaigh na hÉireann.

Ar an bhfód dúchais, leanadh leis an idirbheartaíocht le hÚdarás na Gaeltachta agus rinneadh beart mór nuair a shocraigh siadsan go réiteodh an tÚdarás an suíomh.

Coinníodh an ceangal leis an Aire McDowell agus eagraíodh cruinnithe eile leis. Ansin bhí Brian Lenihan a fuair cúramá leanaí mar Aire Stáit istigh ar an scéal. Bhíothas ag iarraidh €1m ach sa deireadh tháinig €600,000 as an iarracht. Bhí Coiste Cúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe bainteach leis an iarracht faoin tráth sin freisin.

Le blianta beaga anuas, shocraigh Údarás na Gaeltachta go mbunófaí comhlacht forbartha, Forbairt Chonamara Láir, agus cuireadh de chúram ar an gcomhlacht socruithe a dhéanamh faoi thógáil an Ionaid. Ach ní raibh na coranna casta a bhain leis an scéal thart fós. Chlis cúrsaí gnó ar an gcéad chonraitheoir a cuireadh ag obair agus bhí tuilleadh moille ann dá bharr.



Antaine Ó Cualáin (3) ag seiceáil teachtaireachtaí ar fhón a mháthar, Deirdre Uí Chualáin, le linn oscailt oifigiúil Ionad Cúram Leanaí Charna, i gCo. na Gaillimhe. Ba é an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Dinny McGinley, a rinne an oscailt. Rinneadh Ionad Cúram Leanaí Charna a fhorbairt le hinfeistíocht iomlán de €1 milliún. PIC: SEAN O MAINNIN

Fostaíodh conraitheoir eile agus sa deireadh, tar éis feachtais agus obair 9 mbliana -

osclaíodh Ionad Cúram Leanaí Charna go hoifigiúil arú inné. Tá an Naíonra faoi scáth

Chomhar na Naíonraí Gaeltachta anois agus is í Máire Uí Chualáin an stiúrthóir.

Nuacht TG4 agus Nuacht RnaG le Cónascadh

Ar lean ó leathanach a haon

Maidir le Raidió na Gaeltachta a bheith in ann glacadh leis an tseirbhís nuachta ó TG4/RTÉ, ní cosúil go bhfuil an t-infreastruchtúr cuí i bhfearas i gCasla chuige sin faoi láthair. Freisin, léirigh staidéar a rinneadh ar a leithéid d'athrú roin-

nt blianta ó shin go mbeadh costas an-mhór ag dul leis an infreastruchtúr a thógáil ag ceanncheathrú an Raidió i gCasla.

Beidh RnaG ag déanamh míreanna nuachta Gaeilge ar stáisiúin raidió Béarla RTÉ amach anseo.

Is beag eolais atá tugtha ag an



mbainistíocht d'iriseoirí sa dá sheirbhís faoin méid atá beartaithe.

Tá tairiscint iomarcaíochta

tugtha ag RTÉ don fhoireann agus bhí go dtí Dé hAoine seo caite ag oibriú chun iarratas a dhéanamh air sin.

Tá an fhoireann sa dá sheomra nuacht óg go leor, áfach, agus mar sin ní fíor an mbeidh spéis ag mórán daoine post a fhágáil i lár géarchéime eacnamaíochta.

Deir Aontas Náisiúnta na nIriseoirí nach nglacfaidh siad le hiomarcaíocht éigeantach sa chás nach nglacann dóthain

daoine le hiomarcaíocht dheonach.

Bheadh ceist le socrú maidir le tuarastal i seomra nuachta comhnasctha freisin, óir tá lucht TG4 fostaithe mar iriseoirí ag RTÉ agus tuilleann siad thart ar 10% níos mó ná a chomhghleacaithe sa raidió atá fostaithe mar 'Chlár Reachtaireí'.



Gaelscéal

European
Newspaper
AWARD



Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an
Spidéil:
00353-91-897766

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelisceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelisceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgregal@gaelisceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Oideachais
scoil@gaelisceal.ie

Gráinne McElwain
Spóirt
grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgiachta
patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

Gadhair agus cait – ag dul ar an imirce freisin

Ar lean ó leathanach a haon
Ansin tarlaíonn sé scaití freisin go dtéann fear an tí ag obair don Astráil nó go Ceanada agus socraítear ar ball gurbh fhearr don chlann uilig a theacht amach leis. B'fhéidir nach bhfuil na gasúir sásta corraí nó go dtiocfaidh an gadhar nó an cat leo".
Tuirim agus €2,000 an costas iompair a bheadh ar ghadhar réasúnta mór – ar nós madra caorach – lena thabhairt don Astráil. Ach chosnódh an téarma coraintíne san Astráil tuairim agus \$550 sa tír sin agus bheadh costas tréadliachta agus insteallta le cur sa gcomhaireamh freisin. Bheadh cliabhán le ceannacht don ghadhar freisin lena

chuibhriú an fhad agus a bheadh sé ag taisteal.
“Tá Ceanada ar an dara tír is mo a bhfuil triail pheataí na hÉireann air,” a deir Colm Ó Loideáin, arbh as Gleann Trasna, gar do Chamas i gConamara, ó dhúchas dó. “Tugaim faoi deara go bhfuil cuid mhaith acu á gcur go Calgary in iarthar Cheanada,” a deir Colm.
“Is cosúil go bhfuil go leor Éireannach ag dul don chuid sin de Cheanada mar go bhfuil scéimeanna móra tógála ann”.
Tuirim \$800 a bhainfi amach ar ghadhar a mbeadh toirt réasúnta ann a thabhairt go Ceanada nó chuig na Stáit Aontaithe. Ach bheadh costais eile tréadliachta ag baint leis

an aistear sin freisin.
Tá seisear ag obair i gcomhlacht Air Sea Forwarding Ltd. agus tá ceangal acu le gníomhairí eile ar fud an domhain.
Cuireann siad seirbhís iompair earraí agus málaí eile ar fáil freisin sa gcás agus go mbíonn níos mo ag paisinéara ná an gnáth-mheáchan atá ceadaithe ag cuid de na heitleáin.
Bíonn siad in ann é sin a dhéanamh i bhfad níos saoire ná an praghas le cois a chaithfí a íoc ar na gnáth-eitleáin, a deir Colm Ó Loideáin. Sin gnó eile atá ag méadú – chomh maith leis na peataí – agus aghaidh cuimse Éireannach ar shaol eile thar lear.



Madadh ar tí dul ar imirce : baill fóirne in Air Sea International ag réiteach gadhair atá ag dul thar lear.

Cáin Réadmhaoine le theacht amach as tuarastail?



Táthar ag moladh go dtógfaí an cháin réadmhaoine ó thuarastail úinéirí tí atá ina bhfostaithe Íoc Mar a Thuillir (PAYE employees) agus beidh ar dhaoine féinfhostaithe an cháin a léiriú ina gcáin chuile bhliain. [PIC : EAMONN FARRELL/PHOTOCALL IRELAND]

Katie McGreal

TÁTHAR ag moladh go dtógfaí an cháin réadmhaoine ó thuarastail úinéirí tí atá mar fhostaithe Íoc Mar a Thuillir (PAYE employees) agus beidh ar dhaoine féinfhostaithe an cháin a léiriú ina gcáin chuile bhliain.
Deirtear go mbeadh an dualgas ar na Coimisinéirí Ioncaim an cháin a bhailiú ach, “toisc nach ndearna an rialtas aon chinneadh mar gheall ar an gceist seo, ní féidir linn aon rud a rá,” a deir urlabhraí an Choimisinéara.
Tá inní ar Chathaoirleach

Páirtí an Lucht Oibre, Colm Keaveney, faoin gceist seo toisc nach fostaithe Íoc Mar a Thuillir na daoine is saibhre sa tír agus mar sin, go mbeidh deacrachtaí acu an t-airgead a fháil as na daoine sin. Níor d'íoc 42% d'úinéirí tí an cháin réadmhaoine a tháinig isteach i mbliana. Bhí deireadh mhí an Mhárta mar spriodhata acu le híoc sula ngearrfaí pionóis orthu. Níor d'íoc 42% de na húinéirí tí fós agus táthar ag siúl go mbaileofar níos mó den cháin an bhliain seo chugainn má bhaintear go díreach é ó thuarastail na n-úinéirí.

‘Seisiún sa Siopa’

Katie McGreal

BEIDH an chéad ‘Seisiún sa Siopa’ eile ar siúl sa Siopa Leabhar ar Shráid Fhearchair an Déardaoin seo chugainn, 28 Meitheamh leis an mban-na ceoil, The Dirty 9s. Beidh an ócáid saor in aisce ach tá spás an-teoranta, mar sin más maith leat a bheith i láthair iarrtar ort ríomhphost a sheoladh chuig siopa@cnag.ie, nó glaoch a chur ar 01 478 3814 chun d'áit a chur in áirithe.
Ceolchoirm mhíosúil is ea ‘Seisiún sa Siopa’ i gcomhair le Raidió na Life, nuair a sheinneann aoicheoltóirí ceol beo sa Siopa Leabhar do lucht féachána beag teoranta. Thosaigh na seisiúin na Bealtaine le Tiger Cooke agus Dave Redmond ag seinm ann agus d'éirigh go hiontach leis.



NUI Galway
OÉ Gaillimh



publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Iarrtar iarratais ar na poist seo a leanas:

Coláiste an Leighis, an Altranais & na nEolaíochtaí Sláinte

- **Léachtóir** (Téarma Socraithe) le Paiteolaíocht
Spriodhata: Déardaoin, 21 Meitheamh 2012

Oifig Margaíochta agus Cumarsáide


- **Anailiseoir Margaidh**
Spriodhata: Déardaoin, 28 Meitheamh, 2012.
- **Oifigeach Cumarsáide Inmheánaí**
Spriodhata: Déardaoin, 28 Meitheamh, 2012.

Leabharlann Shéamais Uí Argadáin

- **Bainisteoir na Deisce Comhtháite** (Post ar chonradh dhá bhliain)
Spriodhata: Déardaoin, 14 Meitheamh 2012
- **Catalógaí na mBailiúchán Speisialta** (Post ar chonradh dhá bhliain)
Spriodhata: Déardaoin, 14 Meitheamh 2012

Sonraí/nós imeachta Iarratais:

Chun eolas breise a fháil agus chun iarratas a dhéanamh ar na poist thuas téigh chuig www.publicjobs.ie



www.nuigalway.ie

Fianaise Nua ag Gaolta na hÓmaí

Anton Mac Cába

BHUAIL gaolta chuid den mhuintir a maraíodh i mbuama na hÓmaí le hOwen Patterson, Státrúnaí an Tuaiscirt, Dé Luain seo caite.

Maraíodh 29 duine agus cúpla a bhí sa bhroinn nuair a phléasc an Fíor-IRA buama ar an bhaile ar an 15 Lúnasa 1998.

Dúirt Michael Gallagher, urlabhraí an ghrúpa, go raibh fáisnéis nua acu, a fuair siad faoi phribhléid.

Thug seo le fios go raibh eolas ag na fórsaí slándála ar dhá thaobh na teorann faoin eachtra agus thug siad comhad leis an bhfáisnéis do Patterson.

Os rud é go bhfuarthas an t-eolas faoi phribhléid, níorbh fhéidir é a dhéanamh poiblí. Is grúpa iad seo atá bainteach leis an Omagh Support and Self Help Group. Tá siad ag iarraidh cruinnithe le hEnda Kenny, rud nach bhfuair siad go dtí seo.

Tá siad ag éileamh go mbeadh fiosrúchán poiblí tras-



An radharc tar éis Uafás na hÓmaí

teorann ann. Dúirt Gallagher, i ndiaidh an chruinnithe, nach raibh sé dóchasach go bhfaigheadh siad a leithéidí.

Tá bunús leis an éadóchas sin. I Westminster, dúirt David Cameron nach mbeadh fiosrúcháin poiblí arís ann maidir le heachtraí a tharla sa Tuaisceart. Is fíor, leis, nach bhfuil aon ráchairt mhór dá leithéidí, fiú i measc an phobail náisiúnaigh.

Cuireann toradh Bhinse Saville, ar Domhnach na Fola,

leis an éadóchas sin. Thóg sé 10 mbliana ón gcéad éisteacht in 2000 go dtí gur eisíodh an tuarascáil in 2010. Chaill fiú pobal Dhoire suim ann.

Ní raibh fiosrúchán poiblí tras-teorann ann go dtí seo. Bheadh ceisteanna maoinithe ag baint lena leithéid.

Níl sé soiléir an mbaineann an t-éileamh ar fhiosrúchán le gach gné den bhuamáil, nó le ról na bhfórsaí slándála amháin.

Níl na gaolta ar aon intinn.

Ní dhéanann an Omagh Support and Self-Help Group ionadaíocht ach ar thart fá leathdhosaen teaghlach. Bhí scoilt i measc na dteaghlach, rud a bhain le pearsantachtaí agus le stráitéis.

Bhain seo le cúirt a cuireadh ar chúigear a bhí bainteach leis an Fíor-IRA, agus cúrsaí eile. Déanann an Omagh Moving On Group ionadaíocht ar níos mó teaghlach anois. Níl tromlach na dteaghlach bainteach le grúpa ar bith.

Is cinnte go nochtfar níos mó faoin Ómaigh nuair a éistofar cás Laurence Rush an bhliain seo chugainn.

Bhí Rush ag cur cúirte ar an Státrúnaí agus an Ardchonestábla, as faillí ina ndualgais: theip orthu an buama a stop, agus é a fhiosrú mar is ceart. Fuair Rush bás níos luaithe i mbliana ach tá teaghlach s'aige ag leanúint leis an gcás.

Dúirt Des Doherty, dlíodóir Rush, go raibh suil aige go bhfeidhmeodh seo mar fhiosrúchán poiblí.



Craig O'Donnell (5) ag léirsiú de chuid 'DCA Warriors Group' lasmuigh den Dáil inné. Tá an grúpa ag agóidíocht in éadan chinneadh an rialtais gan Liúntas Cúram Bhaile (Domiciliary Care Allowance) a thabhairt go tuismitheoirí pháistí le riachtanais speisialta. GRIANGHRAF LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND.

Gaeilgeoirí ag tabhairt aghaidh ar an Oileán Úr

Katie McGreal

BHRONN Fulbright Ireland 37 duais Fulbright san iomlán Dé Aoine seo caite agus bhí 10 gcinn acu sin sa rannóg Ghaeilge agus Chultúir.

Déanann rialtas na hÉireann

agus rialtas Mheiriceá maoiniú ar na duaiseanna seo a thugann siad deis do Ghaeilgeoirí na hÉireann Gaeilge a mhúineadh i Meiriceá. Bíonn deis acu staidéar agus taighde a dhéanamh thall freisin.

Roghnaíodh ochtar múin-

teoirí cúnta do theanga iasachta i mbliana, an méid is mó a bhí acu riamh de bharr éileamh ó na hollscoileanna. Sin iad; Ciara Nic Oscair, Lisa Nic an Bhreithimh, James Maher, Nóirín Ní Laighin, Gearóid Ó Duinn, Eibhlín

Walsh, Breandán Mac Ardghail agus Caitríona Ní Chadhain. Rachaidh na daoine sin go dtí ollscoileanna éagsúla timpeall na Stáit Aontaithe le Gaeilge a mhúineadh do na mic léinn.

Bhí beirt mhúinteoirí cúnta ag teastáil ag an ollscoil i Mon-

tana le tabhairt faoin éileamh atá acu ar ranganna Gaeilge a chuirtear ar fáil ar líne chomh maith le ranganna amhránaíochta agus damhsa ar an sean-nós. Roghnaíodh beirt acadóirí freisin, Dr. Nioclás Mac Cathmhaoil agus Rhona

Ní Chearbhaill a rachaidh go Nua-Eabhrac agus go California le taighde agus léachtóireacht a dhéanamh in ollscoileanna ansin.



Tá tuilleadh eolais faoi na duaiseanna ar fáil ar www.fulbright.ie.

Comórtas

Tá neart leabhair ildaite do ghasúir ó Chló Mhaigh Eo againn san oifig. Má tá sibh ag iarraidh iad a bhuachaint freagair an cheist thíos:

Cén cineál oibre a dhéanann Cló Mhaigh Eo?

Seol an freagra, in éineacht le d'ainm, do sheoladh poist agus d'uimhir gutháin chuig patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie roimh an Aoine, 29 Meitheamh 2012.



Gaeilge ar litreacha "ina céim siar" - Aontachtóirí

Anton Mac Cába

VÓTÁIL Comhairle Fhear Manach le gairid go mbeadh Gaeilge ar cheann litreach an Chomhairle, in éineacht leis an mBéarla. Vótáil Sinn Féin agus an SDLP ar son na Gaeilge bheith ann ach vótáil an dá pháirtí Aontachtach ina éadan.

Dúirt an Comhairleoir Stephen Huggett ó Sinn Féin gur riachtanas dlíthiúil a bhí ann an Ghaeilge a chur chun cinn. "Tá sé mar dhualgas ar an gComhairle an Ghaeilge a chur chun cinn, agus meas a léiriú uirthi," arsa Huggett. "Táimid ag comhlíonadh ár ndualgas, agus ag tabhairt tacaíochta don ilchineálacht agus do chaoifhulaingt."

Níl Aontachtaithe sásta leis an vóta, áfach. Dúirt Aontachtaí sa

chontae nach mbeadh Aontachtaí ar bith a sheasann ar son cothrom na Féinne in éadan daoine a bheith ag foghlaim Gaeilge agus ag ceiliúradh oidhreacht na teanga. Dar leis go bhfuil cuid mhór Aontachtaithe sa chontae, go háirithe an mhuintir cois teorann, den bharúil go bhfuil stíl ionsaitheach poblachtachais ann. "Déanfaidh seo an bhraistint sin níos measa," ar seisean. Tá sé ina bharúil coitianta sa phobal sin gur gléas polaitiúil an teanga.

Bhí sé ina thraidisiún ag comhairleoirí i bhFear Manach gur oibrigh siad go maith lena gcéile i gcónaí ar cheisteanna a bhain le leas an chontae. Bhí imní ar an Aontachtaí a labhair le Gaelscéal gur céim siar ó sin an vóta.

Bhí an díospóireacht ar an

Chomhairle rud beag teasaí in amanna. Bhagair an Comhairleoir Alison Brimstone (DUP), ar dlíodóir í, go mbeadh dúshlán dlíthiúil ann. B'sheo ar an bhonn nach ndearna an Chomhairle measúnacht tionchair chomhionannais.

Dúirt Brendan Hegarty, príomhfheidhmeannach na Comhairle, go mbeadh an ceann litreach Gaeilge ar fáil chomh luath agus is féidir. "Ní raibh dúshlán dlíthiúil ar bith ann don vóta," ar seisean.

Bhí Gaeilge dá labhairt le cuimhne na ndaoine in iarthar Fhear Manach. Ainneoin sin, níl an dul chun cinn nó an infheictheacht sa chontae agus atá i gcuid mhaith eile den tuaisceart. Níl ach bunscoil agus naiscoil amháin ann, agus gan iomrá ar níos mó.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**



Athrú bunúsach a bheadh ann an dlí a chur i bhfeidhm

LÉIRIGH Tuairisc Bhliantúil an Choimisinéara Teanga go raibh an Roinn Coimirce Sóisialaí ag déanamh éagóra ar Ghaeilgeoirí a bhí ag lorg ardú céime. Ní raibh an Roinn ag tabhairt marcanna breise d'iarthóirí le Gaeilge, rud a sháraigh an dlí de réir an Choimisinéara.

Dúirt an Roinn go raibh siad ag cloí le gnás an státhórais agus le treoracha ón Roinn Airgeadais nuair a dhiúltaigh siad aitheantas a thabhairt do líofacht Ghaeilge mar scil bhreise.

D'fhiafraigh Peadar Tóibín ó Shinn Féin ar an Aire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton, an tseachtain seo caite ceard atá déanta maidir leis an scannal seo.

"Athrú bunúsach ar oibriú na scéime a bheadh i moladh an Choimisinéara Teanga dá dtagraíonn an Teachta," arsa Burton, "agus dá bhrí sin tá na



Urlabhraí Gaeltachta Shinn Féin, Peadar Tóibín. GRIANGHRAF: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND.

moltaí curtha ar aghaidh ag mo Roinn chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dá mbreithniú."

Dúirt Peadar Tóibín go raibh an méid a dúirt Burton "dochreidte".

"Dar leis an bhfreagra níl i gceist ag an gCoimisinéir Teanga ach 'moladh'. Tá an Coimisinéir lán dáiríre go bhfuil an Roinn Coimirce Sóisialaí ag feidhmiú in aghaidh an dlí. An bhfuil sé i ceist go bhfuil treoir-línte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin ag feidhmiú in aghaidh an dlí?"

Dúirt sé freisin go mbeadh sé ag tabhairt cuireadh don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a theacht os comhair an Chomhchoiste um Imscrúduithe, Formhaoirsiú agus Achainíocha chun ceisteanna a fhreagairt maidir leis an éagóir.

Piollairí Frithghiniúnacha ag Cothú Éisc Dhéghnéasacha



Tá doingin fhireann ag léiriú tréithe bainneanna de bharr ceimicí san uisce de réir eolaithe.

MHOL Coimisiún na hEorpa i mí Eanáir go gcuirfí 15 cheimic eile ar liosta na substaintí atá le baint ó uiscí an Aontais Eorpaigh.

Má chuirtear an treoir i bhfeidhm beidh ar na rialtais na ceimicí a ghlanadh ó aibhneacha, locha, ionaid chóireála camrais agus foinsí uisce ólta. I measc na gceimicí tá Ethinyl estradiol nó EE2, an príomhábhar i bpiollairí frithghiniúnacha.

De réir dealraimh, tá go leor EE2 ag sileadh isteach in uiscí timpeall na cruinne agus tá tionchar aige ar éisc fhireanna, tionchar nach

mbeidh na héisc róshásta leis, shílfeá.

Go bunúsach tá sé ag déanamh éisc dhéghnéasacha as éisc fhireanna.

De réir staidéir a rinne an US Geological Survey in 2006, bhí tréithe bainneanna ag 80% de na doingin fhireanna in Abhann an Potomac i gcathair Washington.

Tá roinnt acu in ann uibheacha a tháirgeadh, mar shampla. Cuireann eolaithe agus gníomhaithe comhshaoil an milleán ar cheimicí mar EE2, faoin athrú seo.

Dar le halt san iris Nature le

déanaí, áfach, chosnódh sé £30 billiún chun treoir an AE a chur i bhfeidhm sa Bhreatain. An mbeidh bille mór ag Éirinn chomh maith?

Ag freagairt ceiste ó Tommy Broughan sa Dáil an tseachtain seo caite, dúirt an tAire Comhshaoil, Phil Hogan, go bhfuil sé soiléir nach dta-caíonn roinnt ballstáit de chuid an AE leis an treoir.

Dúirt sé freisin nach bhfuil mórán eolais ann faoin méid EE2 atá in uiscí na hÉireann ach go mbeadh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Chomhshaoil ag fiosrú an scéil.

An dtuigeann tú cúrsaí airgeadais?

Ó THÁINIG 'caiptleachas an chasino' chun cinn tá sé ráite go minic go bhfuil sé beagnach dodhéanta an méid a bhíonn ar bun ag lucht na margáí a thuiscint. Go minic ní thuigeann lucht na margáí iad féin céard atá siad a dhíol nó ag cheannach. Mar sin tá Gaelscéal ag iarraidh a fháil amach cé mhéad dár gcuid léitheoirí atá in ann freagra a thug an tAire Airgeadais, Michael Noonan, sa Dáil an tseachtain seo caite a thuiscint. Chuir Pearse Doherty ó Shinn Féin ceist air faoi €15.9m de theacht isteach a bhí luaite i gcuntais NAMA do 2011. Rinneadh cur síos ar an ioncaim seo mar "hedge ineffectiveness adjustment."

Seo freagra an Aire: "I have been informed by NAMA that the 'hedge ineffectiveness' adjustment of €15.9 million relates to interest rate swap contracts which were entered by the National Asset Man-



An dtuigeann éinne go baileach conas a oibríonn na margáí airgeadais?

agement Limited Group ('the Group') to hedge its exposure to cash flow variability arising from interest rate risk in its portfolio of debt securities. These interest rate swap contracts were formally designated into hedge relationships during 2010 when the fair value of these derivatives was an unrealised loss of €30.4m. This unrealised loss was recognised as a fair value loss in the income statement in 2010. In accordance with the

Group's accounting policy for derivative financial instruments and hedge accounting (as per note 2.10 of its Q4 2011 accounts), this loss is being amortised from the Income Statement to the cash flow hedge reserve as 'hedge ineffectiveness' over the remaining life of the derivatives."

An-soiléir, nach bhfuil? Má thuigeann tú é seo cuir míniú chuig nuacht@gaelisceal.ie agus foilseofar é. Coinnigh faoi 1,000 focal é más féidir!



Queen's University
Belfast

Ollscoil na Ríona, Béal Feirste

MA Aistriúchán

MA Léiriú Scannán agus
Scríbhneoireacht Scripte

Cúrsaí feidhmeacha, lán-aimseartha agus páirt-aimseartha

Eolas: (0044) 28 9097 5366 nó www.qub.ac.uk/irish-celtic

Baol ar Thithe Altranais de bharr moille le hÍocaíochtaí Stáit

Máirtín Ó Catháin

D’FHÉADFADH riar Tithe Altranais ar fud na tíre a bheith i mbaol anois de bharr na moille atá ag baint le láimhsiú iarratas ar chabhair faoin scéim ar a dtugtar an “Fair Deal”.

Seo í an scéim atá i bhfeidhm faoi láthair le cúnamh Stáit a thabhairt do dhaoine a dteastaíonn áit uathu i dTeach Altranais.

Is cosúil go bhfuil moill idir 6 mhí agus bliain scaití ar láimhsiú iarratais faoi láthair agus ní thagann na hÍocaíochtaí i bhfeidhm nó go gceadaítear an t-airgead.

Tá dhá athrú shuntasacha i gceist anois seachas mar a bhí nuair a tugadh isteach an scéim seo in 2009 i leaba na scéime fóirdheontais a bhíodh ann



roimhe sin.

Dá gceadaítí an scéim do dhuine roimhe seo, chuirfeadh leis ón lá arbh éigean do dhuine a dhul isteach i dTeach Altranais. Lena chois sin, bhítí ag láimhsiú na n-iarratas ar chabhair sciobtha go maith.

Tá an dá rud sin athraithe anois.

Is é an cinneadh nach gcuirtear feidhm leis na hÍocaíochtaí ón lá a dtagann duine isteach sa Teach Altranais an buille is measa, d’uinéirí an Tí Altranais féin agus do theaghlach an duine atá dulta chun cónaithe sa Teach

Altranais.

Cosnaíonn seirbhís Tí Altranais lánaimseartha idir €700 agus €1,000 sa tseachtain sa tír seo anois.

D’fhéadfadh bille a bheadh chomh hard le dhá scór míle euro a bheith sa mullach ar dhuine - nó ar a theaghlach - dá mbeadh cuid mhaith de bhliain caite aige/aice i dTeach Altranais agus gan cinneadh a bheith tógtha ag na húdaráis sláinte faoin gcúnamh a bheadh dlite dó, nó di, ón Stát.

Tá tuairiscí go leor ann go bhfuil na fadhbanna seo ag cur an-bhrú ar dhaoine anois...agus níl cuid acu in ann na billí a íoc.

San am céanna, is rud an-deacair duine atá ag dul amach sna blianta a chur amach as Teach Altranais, fiú mura bhfuil an íocaíocht ag teacht

isteach. Sa gcás sin, titeann an bille ar lucht an Tí Altranais féin.

Tá sé ina inní go gcuirfidh na billí seo - agus tá siad ag méadú de réir a chéile i gcuid mhaith áiteacha - brú mór airgeadais ar Thithe Altranais go leor. Ionaid nach bhfuil i bhfad bunaithe, nó nach bhfuil téagar maith airgid acu cheana, is mo a bheadh i mbaol.

D’fhógair an tAire Sláinte James Reilly, an mhí seo caite go ndéanfaí staidéar ó bhun go barr ar an scéim “Fair Deal” agus tá súil aige go mbeidh an tuarascáil aige roimh dheireadh na bliana seo nó i dtús na bliana seo chugainn. Ach beidh ceist an airgid i gcroílár réiteach ar bith a dhéanfar agus tá an Roinn Sláinte ag fáisceadh ar an spárán

‘Ullmhaigh plean teanga nó fág an Ghaeltacht’ - Aire

Ar lean ó leathanach a haon

“Tá inní léirithe roimhe seo ag an gComhdháil maidir le sainmhíniú na gceantar seo,” arsa Kevin De Barra, Stiúrthóir Gníomhach ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, “toisc go bhfuil siad an-fhairsing agus dar leis an gComhdháil nach bhfuil dóthain airde á thabhairt ar an gcatagóirí A, B agus C a cuireadh chun cinn sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht.”

Cuirfidh Údarás na Gaeltachta tacaíocht ar fáil do ghrúpaí chun pleananna teanga a chur i bhfeidhm ach ní fios cé mhéad maoinithe a bheas ar fáil don phróiseas.

Dúirt an Seanadóir Trevor Ó Chlochartaigh go bhfuil go leor

éiginnteachta ag baint leis an bpróiseas pleanála teanga.

“Is féidir le grúpa pobal plean teanga iontach a ullmhú ach mura bhfuil an Roinn sásta maoiniú bhreise a chur ar fáil, cén chaoi a gcuirfí i bhfeidhm é. Mar sin, is ar an Roinn a bheadh an locht dá dteipfeadh ar phlean teanga.

“Beidh sé cheantar as an 19 gcinn a ainmníodh ag ullmhú pleananna i dtosach báire, ach léiríonn sé sin nach bhfuil na hacmhainní ag an Roinn faoi láthair, dá mbeadh, bheadh plean á ullmhú i ngach ceantar.”

Dúirt an TD Éamon Ó Cuív ó Fhianna Fáil go raibh sé soiléir ón mbille nach bhfuil i gceist aon acmhainní a chur ar fáil le forálacha an bhille a chur i bhfeidhm, “mar sin ní féidir go n-

éireoidh leis an mbille a spriocanna a bhaint amach,” ar seisean.

Tá sonraí sa Bhille faoi ‘Bhailte Seirbhíse Gaeltachta’ agus ‘Líonraí Gaeilge’ chomh maith. Is éard atá i gceist leis na Bailte Seirbhíse ná bailte ina bhfuil neart seirbhísí a dhéanann freastal ar mhuintir na Gaeltachta. Luadh an Fál Carrach, an Clochán Liath, Béal an Mhuirthead, Cathair na Gaillimhe, an Daingean, Cathair Saidhbhín, Dún Garbhán agus Baile Átha Buí mar ábhar bhailte seirbhíse sa Staidéar Chuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Is faoi eagraíochtaí pobail a bheadh sé pleananna teanga a ullmhú do na bailte seo i gcomhar le hÚdaráis na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge, sa chás go bhfuil sé lonnaithe lasmuigh den

Ghaeltacht.

Dar le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, tá gá soiléiriú a thabhairt maidir leis an gcineál tacaíochta a bheidh á cur ar fáil do na heagrais phobail, “agus gur gá go mbeadh tacaíochtaí chomhchosúla á gcur ar fáil d’eagrais, bíodh siad á bhfáil ó Fhoras na Gaeilge nó ó Údaráis na Gaeltachta.”

Ceantair lasmuigh den Ghaeltacht traidisiúnta ina bhfuil pobal láidir Gaeilge a bheas sna Líonraí Gaeilge. Bhí sé beartaithe ‘Gaeltacht Gréasáin’ a ghlaoch ar na ceantair sin ach rinneadh cinneadh gan an téarma ‘Gaeltacht’ a úsáid ar eagla go gcuirfeadh sé as do dhaoine sna Gaeltachtaí traidisiúnta. Beidh Foras na Gaeilge ag déanamh measúnaithe ar iarratais do stádas Líonra Gaeilge.

Trí thimpiste mharfacha ar na bóithre

Katie McGreal

Tá na Gardaí ag lorg eolais faoi thrí thimpiste bóthair a tharla ar Luan agus an Máirt na tseachtain seo i nDún Laoighaire i mBaile Átha Cliath, i mBaile Mhistéil i gCorcaigh agus i nDún Mór i nGaillimh.

Fuair fear, 24 bhliain d’aois bás i dtimpiste roimh mheán oíche ar an Luan nuair a d’imigh a charr isteach i ndíog (ditch) cóngarach go Dhoire Mór, an Dún Mór. Thógadar an corp go dtí Ospidéal na hOllscoile Gaillimhe. Má tá eolas ag éinne faoin timpiste, téigh i dteagmháil le stáisiún na nGardaí i dTuaim ar 093 70840.

Fuair fear bás ar an bpríomhbhóthar idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath nuair a bhuail trucaíl é thart ar 11m inné. Tharla an timpiste cóngarach do Bhaile Mhistéil ar an mótarbhealach. Fuair sé bás ar an láthair. Iarrann na Gardaí ar éinne a bhí sa cheantar ag an am sin glaoch a chur orthu i stáisiún na nGardaí i mBaile Mhistéil ar 025 84833, nó má tá eolas ag éinne faoin timpiste, téigh i dteagmháil leo freisin.

Fuair fear ina thríochaidí bás i dtimpiste bóthair i nDún Laoighaire i mBaile Átha Cliath inné ag 2in. Má tá aon eolas ag éinne, cuir glaoch ar stáisiún na nGardaí i nDún Laoighaire ar 01 6665000.

Is féidir le héinne glaoch a chur faoi na timpistí sin ar líne rúnda na nGardaí ag 1800 666 111. In 2010 bhí na figiúirí ab ísle againn de dhaoine a maríodh ar na bóithre. Fuair 212 duine bás ar na bóithre an bhliain sin, laghdú de 26 ó 2009, de réir na figiúirí is déanaí ón Údarás Um Shábháilteacht ar Bhóithre. Níl figiúirí acu do 2011 ná do 2012. Bhí sé mar aidhm ag an rialtas figiúirí níos ísle ná 252 a fháil agus d’éirigh leo 3 bliana sular cheap siad go dtarlóidh sé.

Daltaí ó Scoil Náisiúnta Educate Together i nGleann an Ghrifin, Leamhcán, Baile Átha Cliath, ag moladh don rialtas níos mó a dhéanamh chun téamh domhanda a stopadh. Tá an tAire Chomhshaoil, Phil Hogan, ag freastal ar chruinniú mullaigh sa mBrasáil an tseachtain seo a bhfuil mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb.

GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND.



'Ann an Albainn Nuaidh'

Chaith **Dairín Ó Dochartaigh** bliain san 'Albainn Nuaidh', an t-aon Ghaeltacht taobh amuigh d'Éirinn nó d'Albain, áit nach bhfuil ach 200 cainteoirí dúchais fágtha.

Imí Aibreán anuraidh cuireadh seachtar go Ceanada leis an nGaeilge a theagasc trí Fhondúireacht Ollscoile Éireann Ceanada (ICUF). Is iomaí sin grúpa i gCeanada a bhfuil nasc acu le teanga agus le cultúr na nGael. Is ag teagasc Ghaeilge na hÉireann ar Ollscoil Naomh Pronias Xavier (St.FX) ar an Bhaile Mhór in Albain Nua a bhí mé féin, thart ar dhá uair an chloig ó thuaidh as Halifax, áit ar cuireadh coirp ón Titanic.

Is ollscoil í a bhfuil seancheangal aici le Gaeilge na hAlban. I dtaca leis an teanga sin, níl cómhaithe na Roinne Ceiltise le fáil i dtuaisceart Mheiriceá, ó tharla í a bheith comh cóngarach sin do Cheap Breatuinn, an t-aon Ghaeltacht amháin taobh amuigh d'Éirinn agus d'Albain.

Faraor tá an cainteoirí dúchais sna smeachannaí beaga deireanacha in Albain Nua. Tá idir 150 agus 200 fágtha agus aois mhór acu go duine. Ach ina dhiaidh sin, tá dream óg díograiseach dícheallach in Albain Nua a bhfuil a gcroí sa teanga acu. Tá dóchas ag an dream seo agus ábhar leis. Tháinig cuid mhór mhaith acu fríd St.FX, agus le gairid tá an rialtas ag ullmhú an chéad ghlúin eile de 'shaighdiúirí coise' trí scéim a dtugtar Gàidhlig aig Baile uirthi.

I mí na Nollag 2006 tugadh brontanas nach bhfuil ceannacht air do na Gaeil thall, mar atá Oifis Iomairtean na Gàidhlig (OIG). Is roinn de chuid an rialtais í OIG a bhfuil gnóthaí na teanga fána gcúram. Tamall de bhlianta ó shin, chuaigh Fionnlagh MacLeoid anonn as Albain agus chuir cúrsaí oiliúna ar fáil ar mhúnla an Total Immersion Plus.


Modh teagasc é seo a bhfuil a thoradh dearfach le feiceáil air in Albain féin an lae inniu. Rinne Gaeil Cheanada a gcuid féin den mhodh seo agus thug siad Gàidhlig aig Baile air.

Ní dhírítear ach ar an éisteacht agus ar an gcaint ar dtús, dalta páistí ag tógáil na chéad teanga. Coinnítear foghlaiméoirí nua níos faide dá bharr - rud a chonaic mé go minic i gCumann Chluain Aird i mBéal Feirste, áit nach mbíonn ann ach an cur chuige seo.

Ó tharla mé a bheith eolach ar mhodhanna Chumann Chluain Aird, bhí mé ar mo shuaimhneas le Gàidhlig aig Baile ón chéad lá, agus d'fhoghlaim cuifeallán beag di dá bharr.

Sna scoileanna fud fad na cúige, tá sraitheanna acu de Ghaeilge na hAlban taobh istigh de na scoileanna lár srutha. Roghnaítear go hóg cé acu ab fhearr le páiste, an Fhraincis nó Gaeilge na hAlban a fhoghlaim. Lá i ndiaidh lae fásann fáil na bpáistí seo ar an teanga agus ar an gcultúr.

Cuirtear iad in amannaí chuig A' Cholaisde Ghàidhlig, ionad cultúrtha istigh i gCeap Breatuinn, áit a mbítear



Comhartha dátheangach in Albainn Nuaidh

ag reáchtáil gach cineál ceardlainne, idir dhamhsa, cheol, dhrámaíocht agus theanga. Bíonn deis acu foghlaim fána gcultúr agus fána dteanga féin in An Clachan, iarsmalann cultúrtha i gCeap Breatuinn ar nós an Ulster Folk & Transport Museum,

Ar ámharaí an tsaoil, toghadh Ruaidhrí Domhnallach, iar-Phríomh-Aire an chúige, mar cheannaire ar A' Cholaisde Ghàidhlig le gairid. Tuigeann sé gurb í an teanga an ghné is mó tábhachta de chultúr ar bith. Tá sé i ndiaidh cuid an churaigh den mhaoiniú a chur ar leataobh don teanga.

Níor dearnadh seo roimhe i stair na choláiste. Tá siad ann nach bhfuil sásta leis seo agus gan lá moille orthu sin a chur i bhfocal. Maith é, a deirim féin, ní bhfuair a leath bás dá ndeachaigh i gcontúirt.

Cé go bhfuil tamall mór fada de bhlianta ann ón uair dheireanach arbh ionann an dá theanga go díreach, ní bhíonn tú i bhfad i mbun foghlama sula dtéann tú i dtaithe ar na difir bheaga eatarthu. Dream fial fáilteach iad muintir na hAlban Nua agus mholfaínn go mór do Ghaeil na hÉireann cuairt a thabhairt ar ár gcolanna ceathrar thall.

Roinn na Ceiltise, Ollscoil Naomh Pronias Xavier

Tá St.FX suite i dtuaisceart na hAlban Nua ar an Bhaile Mhór nó 'The Gateway to the Highlands' mar a bheir siad féin air. Ainneoin an ainm, is baile beag 10,000 duine é An Baile Mór, agus a leath acu siúd ar St.FX. Bunaíodh an Roinn Ceiltise sa bhliain 1853. Tá sé amuigh uirthi gur aici atá na bailiúcháin is fearr lámhscríbhinní i nGaeilge na hAlban i dtuaisceart Mheiriceá. Ábhar iontais í an tsuim atá ag mic léinn na hollscoile seo ina gcúlra, agus iad eolach air fosta. Tá ábhar innealtóirí, banaltraí, múinteoirí agus eile uilig ag staidéar an dá Ghaeilge (a bhfuil trácht anseo orthu)

agus cúrsaí eile Ceilteacha. Go dtí le gairid, bhíodh Gaeilge na hAlban ag gach uachtarán ar an ollscoil. Lena chois seo, tá Cumann Ceilteach ag an ollscoil a bíos ag obair Domhnach is dálach ag iarraidh an dá Ghaeilge a chur i láthair an phobail.

Fondúireacht Ollscoile Éireann Ceanada

Gach bliain ó bhí 2008 ann, bhí comórtas ann do shé Chúntóirtheacht Ghaeilge i gCeanada agus d'Ollamh cuairte amháin. An ICUF a



reáchtálann an comórtas agus a mhaoiníonn é. Ba é Craig Dobbin (1935-2006) as Talamh an Éisc, ar leis an comhlacht is mó héilecaptar ar domhan, a chuir an t-airgead ar fáil an chéad lá riamh, le gur féidir an ceangal idir an dá thír a neartú agus a fhorbairt. Chuir siad an clár Gaeilge ar bun trí bliana ó shin agus rath mór air go

dtí seo. Tá duine is fiche imithe anonn agus tagtha anall ó shin, agus seachtar eile le ghabháil amach san fhómhar.

Tugtar gach eolas ar a suíomh idirlín agus mholfaínn do dhuine ar bith ar suim leo teagasc na Gaeilge greim dhá láimh a fháil uirthi mar dheis. Bliain atá ann nach bhfuil a shárú le fáil.

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE



Tá an Coiste ainmnithe thuas ag earcú múinteoirí faoi láthair le haghaidh folúntais a d'fhéadfadh a bheith i gceist sa seisiún acadúil 2012/2013.

Tá na ceapacháin seo faoi réir fhaomhadh na Roinne Oideachais agus Scileanna agus Stiúrthóir na Scéime Ath-Imlonnaithe (Redeployment).

Is é an dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte:
4.00 i.n., Dé hAoine, 22 Meitheamh, 2012.

Chun sonraí iomlána na bpost seo a fháil, téigh chuig ár suíomh gréasáin
www.countygalwayvec.com

Sínithe: Seosamh Mac Donncha, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Fáiltíonn an Coiste roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla Tairgeann an Coiste raon seirbhísí trí Ghaeilge ach iad a iarraidh

Bíonn tionchar níos déine ag easpa gréine ar Éireannaigh ná easpa donnúcháin

Treasa Bhreathnach ar vitimín D agus cad a tharlaíonn duit nuair nach bhfaigheann tú go leor de.



Treasa Bhreathnach

LE seachtain anuas bhí rud éigin ais-teach ag tarlú in Éirinn. Bhí muintir na tíre níos cairdiúla, níos sona, agus níos séimhe. Ar aon taobh eile den scéal, bhí sciar mhaith den phobal a raibh craiceann níos deirge acu agus iad dubh dóite ag an ngrian. Níl mórán taithí ag muintir na hÉireann ar theacht na gréine. Bhuel, is dóigh gur cheart dom an ráiteas sin a athrú beagán, tá neart taithí againn ar theacht na gréine, ach, faraor an iomarca taithí againn chomh maith, ar imeacht na gréine. Ach taobh amuigh de na tionchair agus na héifeachtaí suntasacha atá le feiceáil i meon agus i gcraiceann na nÉireannach, cén tionchar eile a bhíonn ag easpa gréine ar an bpobal?

I measc na mbuntáistí éagsúla a thagann de thairbhe na gréine, bíonn an vitimín D ar cheann acu. Cruthaítear an vitimín D go príomha sa chorp trí thógáil na gréine, ach mar gheall go bhfuil Éirinn lonnaithe chomh fada sin ó thuaidh ní bhíonn dóthain gréine mhaith ann idir mí na Samhna agus mí an Mhárta. Le linn an tsamhraidh bíonn an ghrian le feiceáil scaití, ach, lenár sochaí mar atá sa lá atá inniu ann, bíonn a lán daone ag caitheamh a gcuid ama ag



obair taobh istigh in oifigí agus bíonn páistí faoi dhion ag imirt cluichí ríomhaireachta. Nuair a theánn daoine amach faoin aer, úsáideann siad uachtar gréine, mar ba cheart, ach, in amanna bíonn dainséar ag baint lena bheith róchúramach faoin ngrian.

Tá tábhacht faoi leith ag baint le vitimín D don chorp agus do shláinte an duine. Ní amháin go gcruthaítear vitimín D trí thógáil na gréine ach cruthaítear é trínár aiste bia chomh maith. Bíonn fáthanna éagsúla le heaspa vitimín D; aiste bia nach bhfuil an oiread bia le leibhéil ard vitimín D mar chuid dó, agus easpa tógáil na gréine an dá chúis is coitianta. Tá vitimín D riachtanach do shláinte ár gcnámha. Is féidir gur easpa vitimín D ceann de na cúiseanna a bhaineann le

hoistéapórois (osteoporosis) i ndaoine agus iad ag dul in aois.

Cruthaíonn gnáth aiste bia na nÉireannach idir 2-5 microgram de vitimín D in aghaidh an lae, ach an bhfuil an dóthain i gceist leis an méid seo?

Dar leis an Dr Dan McCartney ó Institiúid Cothúcháin agus Diaitéitice na hÉireann (INDI), “Bhí sé soiléir le tamall anuas go raibh dea-thionchar ag vitimín D ar shláinte ár gcnámha, ach tá níos mó fianaise ann anois go bhfuil dea-thionchar soláthar ceart de vitimín D i leith ról cosanta i gcoinne roinnt cineálacha ailse, galair cardashoithíoch (cardiovascular) agus neamhoird uath-imdhíonachta (auto-immune disorders).”

Is iad na neamhoird uath-imdhíonachta atá i gceist ná mar shampla, scléaróis iolrach

(MS), airtríteas réamatóideach (rheumatoid arthritis), galar Crohn (Crohn’s Disease) diaibéiteas den chéad chineáil (type 1 diabetes) agus i leith na gcineálacha ailse is iad na hailse a bhaineann leis na putóga go príomha atá i gceist. Ó thaobh na ngalar meitibileach (metabolic), ar na cinn atá i gceist ná an dara cineáil diaibéiteas agus brú fola ard.

Deir treorlínthe an Aontais Eorpaigh gur cheart don ghnáthdhuine 50 microgram de vitimín D a ghlacadh in aghaidh an lae, ach i Sasana is 25 microgram a mholtar. Is scéal difriúil arís é atá i gceist i Meiriceá. Tá siad tar éis a gcuid treorlínthe a athrú ó 2010 i leith agus táthar anois ag moladh do dhaoine gurb é an uasteorainn vitimín D ar cheart don duine a thógáil ná

100 microgram. Ceaptar go mbeidh tionchar aige seo ar threoirlínte an Aontais Eorpaigh agus i Sasana sa todhchaí agus go ndéanfar athbreithniú ar na treoirlínte seo gan mhoill.


Deir an Dr McCartney, “Is í an chiondail mholta laethúil (RDA) in Éirinn do vitimín D ná 0-10 microgram do dhuine fásta idir 18-64 bliain d’aois, agus moltar do dhaoine os cionn 64 bliain d’aois 10 microgram in aghaidh an lae a thógáil. Dar leis na Moltaí Eolaíocha () do Threoirlínte Bhia Shláintiúil (Scientific Recommendations for Healthy Eating Guidelines) a d’fhoilsigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) in 2011, ‘ba cheart do gach éinne forbhia laethúil de vitimín D a thógáil - 5 microgram in aghaidh an lae dóibh siúd atá idir 5-50 bli-

ain d’aois agus 10 microgram dóibh siúd atá os cionn 51 bliain d’aois.”

Bíonn sé deacair in amanna an fhírinne a fheiceáil i leith na scéalta a chloiseann muid faoinár sláinte. Tá sé cloiste againn ar fad go dtugann an iomarca de ghlasra amháin galar duit, nó easpa an ghlasra chéanna galar eile duit; go bhfuil seacláid go maith duit, nó go dona duit; gur cheart dhá phionta a ól in aghaidh na seachtaine, nó gur cheart dhá phionta a ól in aghaidh an lae.

Is léir gurbh é an teachtaireacht amháin atá coitianta ná gur cheart go mbeadh cothromaíocht ag baint le do shaol agus d’aiste bia chun gach iarracht a dhéanamh a bheith ar bharr do shláinte.

Is é an scéal céanna é i gcás na gréine. Tá roinnt gréine go maith duit agus moltar gur



cheart idir 20 agus 30 nóiméad den ghrian a thógáil gan uachtar gréine faoi dhó nó faoi thrí in aghaidh na seachtaine. Ina ndiaidh sin, ba cheart, ar ndóigh uachtar gréine a úsáid agus hata a chur ort féin chun tú féin a chosaint ó dhó na gréine agus do chraiceann a chosaint. Deir an Dr McCartney, “Tá sé fíor go gcruthaíonn muid an-chuid vitimín D nuair a théann muid amach faoin ngrian gan uachtar gréine sa samhraidh.. Ach, tá fianaise ann chomh maith go dtagann méid ar líon na ndaoine le hailse craicinn agus galair eile de bharr an iomarca gréine a fháil. Is é an fadhb is mó anseo ná má thosaíonn eagraíochtaí sláinte ag moladh do dhaoine dul amach faoin aer gan uachtar gréine chun a leibhéil vitimín D a ardú, go mbeidh míthuiscint i gceist leis na treoracha sin. I bhfocail eile, go gcreidfídh an pobal, ‘má tá maitheas i roinnt áirithe gréine, caithfidh sé go bhfuil maitheas i neart gréine’. Mar sin ba cheart dúinn na moltaí i leith thógáil na gréine a fhágáil mar atá siad agus níos mó béime a chur ar fhorbhia vitimín D inár mbeatha.” Is cosúil gur féidir leis an iomarca vitimín D drochthionchar a bheith aige ar ár tsláinte chomh maith. Dar leis an Dr Dan McCartney, “Tá roinnt cásanna faoi thocsaineacht (toxicity) vitimín D le fáil sa litríocht eolaíochta, ach i bhformhór na gcásanna sin tharla siad de bharr a lán vitimín D a bheith tógtha; tríd timpistí tion-sclaíochta nuair a bhí an iomarca vitimín D á úsáid mar fhorbhia trí thimpiste.” Ar ndóigh mar aon le gach scéal, ní mar a chéile a bhfuil an scéal do chách. Go minic in Éirinn bíonn

Le roinnt mhaith blianta tá cásanna den ghalar raicíteas (rickets), fiú, tagtha chun solais i bpáistí agus i ndaoine óga in Éirinn. Is galar é seo a bhí bainteach go traidisiúnta le tíortha forbartha bochta agus le haistí bia míshláintiúla.

easpa vitimín D níos coitianta i ndaoine le craicne níos dorcha nó i ndaoine gorma mar gheall go dteastaíonn níos mó gréine uathu chun vitimín D a chothú. Bíonn idir 10 agus 50 uair níos mó gréine ag teastáil uathu chun vitimín D a chruthú ná mar a theastaíonn uathu siúd le craicne níos gile. Bíonn éagsúlacht vitimín D ag teastáil ó pháistí agus ó mhná atá torrach. Os rud é go bhfuil vitimín D le fáil mar forbhia, ba cheart labhairt le do dhochtúir féin má tá aon cheist agat faoin méid vitimín D atá á fháil agat nó ar cheart duit a fháil. Tá leibhéil ard de vitimín D le fáil i roinnt bianna áirithe, mar shampla; uibheacha, ae uain (lamb's livers), ronnaigh, bainne, agus roinnt gránach bricfeasta. Ach, tá roinnt den bia seo nach bhfuil feiliúnach do mhná atá torrach ná do leanaí mar go bhfuil an iomarca den vitimín D iontu. Bíonn vitimín D le fáil mar forbhia in a lán bianna a cheannaítear san ollmhargadh. D’fhógair Kellogs le gairid, mar shampla, go bhfuil sé i gceist acu leibhéil vitimín D in a gcuid gránach bricfeasta féin a ardú chun a bheith mar chabhair i gcoinne easpa vitimín D in Éirinn. Tá

gránach bricfeasta Kellogs, de chineálacha éagsúla, le fáil i 75% de thithe na hÉireann. Tá sé i gceist ag Údarás Sábháilteacht Bia na hÉireann (FSAI), athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí atá acu d’aiste bia sláintiúil go luath agus tá se i gceist acu go mbeadh moltaí san áireamh ann i dtaca le vitimín D. Le roinnt mhaith blianta tá cásanna den ghalar raicíteas (rickets), fiú, tagtha chun solais i bpáistí agus i ndaoine óga in Éirinn. Is galar é seo a bhí bainteach go traidisiúnta le tíortha forbartha bochta agus le haistí bia míshláintiúla. Ceapadh gur ndearna díothú (eradication) ar an ghalar seo in Éirinn tar éis an Dara Cogadh Domhanda, d’uireasa vitimín D agus de bharr aistí bia níos fearr, ach is léir nach mar sin atá sa lá atá inniu ann. Má tá aon imní ort faoi do leibhéil vitimín D féin, ba cheart duit cúirt a thabhairt ar do dhochtúir agus do leibhéil vitimín D a thástáil trí thástáil fola. Mar sin, cén sórt forbhia vitimín D atá ar fáil agus an bhfuil aon chineáil faoi leith á mholadh ag an Dr Dan McCartney? “Tá níos mó cineálacha forbhia de vitimín D le fáil in Éirinn anois ná mar a bhí, agus tá níos mó micreagram iontu. Ba cheart dúinn ar fad a bheith ag tógáil forbhia vitimín D ina bhfuil, ar a laghad 5 mhicreagram iontu in aghaidh an lae (5-50 bliana d’aois), nó 10 micreagram (50+ bliain d’aois) mar atá molta ag an FSAI. Dóibh siúd ar mhaith leo leibhéil níos airde a thógáil, ba cheart dóibh dul i dteagmháil lena dhochtúir féin ar dtús.” Mas maith leat tuilleadh eolais a fháil faoi chothúcháin sláintiúla téigh chuig www.indi.ie.



Ag déanamh bolg le gréin i ngairdíní Choláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath [PIC : SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND]

Údarás na Gaeltachta NDP
Scoláireacht Chuntasaíochta
Tá scoláireacht á tairiscint ag Údarás na Gaeltachta do dhaoine Gaeltachta le líofacht Ghaeilge atá ag iarraidh cáilíocht phroifisiúnta chuntasaíochta a bhaint amach.
Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in Ard-Oifig Údarás na Gaeltachta sna Forbacha, Gaillimh agus freagrach don Chuntasóir Airgeadais.
Leanfaidh an duine a cheapfar clár oiliúna a chuirfidh taithí agus cleachtadh i gcuntasaíocht ar fáil dó/di. Ní mór d’iarratasóirí clárú agus ballraíocht a bhaint amach le hinstiúid aitheanta. Socrófar fad agus coinníollacha na scoláireachta leis an duine a cheapfar.
Cáilíochtaí: Is iad na bun-cháilíochtaí atá ag teastáil ná Céim sa Tráchtáil nó Dioplóma i gCuntasaíocht nó i Staidéar Gnó.
Cuirtear iarratais, mar aon le C.V., roimh Dé hAoine, 6 Iúil 2012 chuig:
An Feidhmeannach Acmhainní Daonna
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 503100 Facs: 091 503101 Ríomhphost: p.oconghaile@udas.ie

'Hack-áladh' mé!

Diarmuid Ó Muirgheasa ar cad a tharlaíonn nuair a ghoidtear pasfhocail ríomhaireachta

Ar na mallaibh, chaill an suíomh idirlín LinkedIn timpeall ar 6.5 milliún pasfhocal, a bhain le roinnt den 150 milliún úsáideoir atá acu.

Tá siad anois ar fáil ar líne do dhuine ar bith ar mian leo breathnú orthu. Tá an-chuid cainte á dhéanamh ar an eachtra, idir chaint dáiríre agus eile (sampla den eile: tuíteáil @marklittlenews ag an am "Hope hackers figure out a use for my account. I'm out of ideas").

Seachas díreach gur chóir do phasfhocal a athrú, is deis é seo le breathnú i gcoitinne ar na pasfhocail a mbaineann tú úsáid astu ar líne. An bhfuil siad sách maith?

De réir an eolais atá ar fáil anois, níor ghabh aon ainm úsáideora leis na pasfhocail a cailleadh. B'fhéidir go gceapfá, mar sin, nach bhfuil dainséar dáiríre ag gabháil leis an eachtra, os rud é go bhfuil, ar ndóigh, an dá rud sin ag teastáil ó dhuine ar bith ar mian leo logáil isteach i do chuntas. Faraor, níl sé sin iomlán cruinn.

Tá cúpla slí éagsúla ar féidir le duine do phasfhocal a aimsiú, agus le bheith iomlán slán is gá dul i ngleic le gach ceann acu.

An fhadhb a bhíonn ag daoine ná go mbíonn na treoracha a thugann beagnach chuile fhoinsé ar an ábhar seo rud beag áiféiseach. Ba chóir, dar leis na 'saineolaithe', go mbeadh gach pasfhocal fada, agus go mbeadh pasfhocal éagsúil agat do chuile cheann den chúpla dosaen áit a bhfuil pasfhocal agat.

Ba chóir go mbreathnódh chuile cheann acu cosúil le "aK3!sr6)€", le meascán randamach de litreacha, uimhreacha agus siombail. Ó - agus ná SMAOINIGH ar é a scríobh síos, mar go dtagann cuid suntasach den bhaol a bhaineann leis na rudaí sin ó dhaoine atá timpeall ort sa domhan fisiciúil.

Cé nach bhfuil aon rud ansin mícheart, per se, níl sé iontach réalaíoch, ná cabhrach, agus d'fhéadfadh sé a bheith níos cruinne. Tá neart slíte éagsúla le pasfhocal a bhriseadh, ach tá treoracha níos deise ann a chabhraíonn leat, is cuma cén modh a mbaintear úsáid as.

Ó thaobh fíad do phasfhocal de, cinnte is fearr a bheith níos faide seachas níos giorra. An éifeacht a bhíonn ag polasaithe a bhrúnn mionfhad 6 charachtar ar dhaoine, áfach, ná go mbíonn beagnach gach pasfhocal sa chóras áirithe sin 6, 7

nó b'fhéidir 8 gcarachtar ar fhad. Gan dul isteach go doimhin sa mhataitice atá taobh thiar de, éiríonn sé i bhfad níos éasca pasfhocal a bhriseadh ar mhodh "brute force" má tá an fad ar eolas agat roimh ré.

Ó thaobh do phasfhocal féin a dhéanamh níos deise, is fearr dó a bheith i bhfad níos faide ná an mionfhad (agus tiocfaimid ar mhodh chuide sin ar ball).

Smaoinigh ar an gcineál pasfhocal a luamar thuas, "2€wdAs7...". Chomh luath agus a théann sé sin thar b'fhéidir cúig nó sé charachtar éiríonn sé fiordheacair cuimhneamh air, agus le bheith deacair a bhriseadh ba chóir dó a bheith i bhfad níos faide ná sin.

An chúis nach féidir focal fada as

féin a úsáid, dála an scéil, ná rud ar a nglaoitear "ionsaí foclóra", is é sin modh bhriste pasfhocal ina bhfuil liosta fada pasfhocal féideartha ag an ionsaitheoir, agus go mbaineann siad úsáid as clár éigin speisialta le chuile phasfhocal ar an liosta a thriail.

An fhadhb le focal a roghnú ó fhoclóir ná gur cinnte go bhfuil chuile focal aonarach a mbainfeá úsáid as ar an liosta. (Sin an teoiric, ar aon chaoi - tá seans réasúnta ann nach mbeidh chuile fhocal Gaeilge ar an liosta).

Ach ní focail ón bhfoclóir amháin a mbíonn ar an liosta, áfach, ach focail nach fíor-fhocail iad, ach a mbaintear úsáid rialta astu mar phasfhocal. Tóg mar shampla "p@\$\$word", pasfhocal atá níos comónta ná mar a cheapfá.

Is as sin a thagann an dainséar is mó a ghabhann le heachtra LinkedIn. Más rud é go raibh do phasfhocal ar an liosta, tá gach seans ann go bhfuil sé anois in úsáid mar chuid den ghnáthstór focal a mbaintear úsáid as agus

Smaoinigh ar an gcineál pasfhocal a luamar thuas, "2€wdAs7...". Chomh luath agus a théann sé sin thar b'fhéidir cúig nó sé charachtar éiríonn sé fiordheacair cuimhneamh air, agus le bheith deacair a bhriseadh ba chóir dó a bheith i bhfad níos faide ná sin.

pasfhocail á mbriseadh ag daoine. Cúis iontach maith é sin le pasfhocal éagsúil a bheith agat ar chuile shuíomh.

Maidir le modh níos deise, rinneadh caint chiallmhar ar an ábhar ag xkcd.com/936. An freagra a bhí acu siúd ná ceithre focal comónta a chur le chéile (a sampla ná "correct horse battery staple" - ach ná úsáid é sin díreach).

Tá sé éasca cuimhneamh air, deacair do ríomhaire é a aimsiú, agus bheadh focail Gaeilge agus drochlitriú, níos fearr fós!

Ar deireadh, mura n-úsáideann tú ach ríomhaire amháin, is fearr arís úsáid a bhaint as clár speisialta le haire a thabhairt dod phasfhocail uilig, ar nós LastPass (goo.gl/zmvhZ).

Ní gá ansin ach cuimhneamh ar phasfhocal don chlár sin, agus tabharfaidh sé sin aire do chuile phasfhocal eile (pasfhocail ar féidir leo a bheith chomh fada agus chomh casta agus is mian leat, cé nach gá duit cuimhneamh anois orthu).

D'fhéadfaí fostaíocht a chruthú leis an turasóireacht chultúrtha Ghaelach

Mícheal Ó hAodha

Sa toghchán uachtaránachta anuraidh, bhí go leor cainte - caint an-ghinearálta, caint bhrionglóideach caithfear a rá - ar chúrsaí fise agus an tslí go mbeadh taithí na n-iarrthóirí cabhrach dúinn agus muid ag iarraidh an cúlú eacnamaíochta seo a chur dínn.

Fad is a bhí an chaint is an bladar sin go léir ar siúl, bhí glúin óg Éireannach eile ag tabhairt droim láimhe leis an tír seo arís. Bhíodar ag lorg an mhaire speisialta sin ar an bpas acu - an marc a deir gur ball den diaspóra Éireannach thú.

Bhí coinneal ar lasadh ar mhaithe leis an diaspóra céanna san Áras, tráth den saol. Sin a dúradh linn ar aon chuma.

Ní raibh mise riamh san Áras agus níl aithne agama ar éinne a thug cuairt air ach an oiread, mar sin ní fhéadfainn é sin a dheimhniú ná a bhréagnú. Na hiarrthóirí uachtaránachta, bhíodar go léir ag cur béime ar na naisc idirnáisiúnta a bhí acu agus an méid taithí a bhí acu ar thíortha difriúla - ar mhaithe le infheistíocht a chur inár dtreo.

Tá an dream a tháinig le chéile don Global Forum sin, Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain tamall ó shin, tá siad le moladh gan amhras. Tá siad sásta rud éigin a dhéanamh ar son leas na tíre, is léir.

Daoine saibhre fadradharcacha atá iontu, daoine atá sásta a gcuid saíneolais agus a gcuid ama a roinnt linn agus cruth praiticiúil a chur ar na smaointe nua a thiocfaidh chun cinn, le cúnaimh Dé. Faraor, ní raibh mórán daoine ina measc a raibh cur amach acu ar ár n-oidhreacht Ghaelach.

Rud amháin a rithfeadh leat ó am go chéile ná seo: cén fáth a mbímid i gcónaí ag brath ar chabhair ón dtaobh amuigh? An bhfuil an claonadh sin ionainn ó aimsir na Seacabíteach? Cén fáth a rithimid go Davos, nó cén fáth rith i dtreo na mboc mór pé áit eile ina gcruinníonn siad?

Sea, leath na litríochta a tháinig anuas chugainn sa dá theanga baineann sé le bheith ag lorg cabhrach ón dtaobh amuigh; filíocht na hAislinge, Éire bhocht, briste brúite agus í ag impí ar laoch éigin teacht ina gaobhar ag marcaíocht. Litríocht an tslánaithe is ceart a thabhairt uirthi. Róisin Dubh, Dark Rosaleen, Cathleen Ní Houhlihan, an tSeanbhean Bhocht, Cáit Ní Dhuibhir, Mise Éire, sine mé ná an Chailleach Bhéara. An Droimeann Donn Dáil.



An Chros Tau, i dToraigh, Tír Chonaill



Aillte an Mhothair, Co. an Chláir



Leabhar Cheanannais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An bhfuil bród ar bith fágtha ionainn Gaeil? Cad a tharla d'idéalachas Dev, an Choileánaigh is an Phiarsaigh, an fhís sin a raibh an dóchas laistiar di, dóchas go mbeadh muintir na tíre seo féinchothaitheach agus go mbeadh neamhspleáchas ceart bainte amach againn? Cé atá i leaba na leon?

Déantar gairí faoi na ceannairí thuasluaite na laethanta seo. Athbheochan na teanga? Athbheochan an cheoil náisiúnta agus na ndamhsaí is gach aon ní eile a bhain leo? Slán leis an Impireacht, leis an gComhlathas ab ea?

Ná bí ag magadh fút féin! Leathamadáin ab ea lucht na haislinge sin. Ar phláinéad eile ar fad a bhíodar! A leithéid de smaointe áiféiseacha!

Sin tuairim na bunaíochta sa lá atá inniu ann. An bhfuilimid imithe

rófhada ar bhóthar an bhacaigh anois sa tslí nach féidir féinbhród agus neamhthuilleamaíocht a shamhlú níos mó? Cad faoi thraidisiún na peannaireachta a athbheochan sa tír seo mar shampla? (Níl ansin ach gné amháin dár n-oidhreacht -d'fhéadfaí na céadta eile a lua.) Nach bhfuil Leabhar Cheanannais ar cheann de mhórsheoda an Iarthair?

Nach é obair sin na n-aingeal a tharraingíonn an t-uafás cuairteoirí chun na tíre seo chuile bhliain? Is é an rud is luachmhaire atá againne Gaeil, an tseoid sa choróin ó thaobh na turasóireachta cultúrtha de. Nach raibh sé ar bharr an liosta ag an mBanríon Eilís, bail uirthi, go ndéanfadh sí scagadh air nuair a thug sí cuairt orainn?

Sa domhan iar-nua-aoiseach seo, imíonn eolas agus oidhreacht leo siúd a théann sa chré. Sin mura ndéantar

tréanriarracht choinsiasach chun an traidisiún áirithe sin a chaomhnú agus a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile.

Thug cara liom cuairt ar an Liobáin cúpla mí ó shin. Áit sách dainséarach le bheith ag spaisteoireacht thart, a deir tú, ach is fear ann féin é an duine seo, cineál Bodach an Chóta Lachtna. Agus é ag siúl sna cúlsráideanna, tháinig sé ar ionad an-bheag ina raibh scríobhaithe deireanacha Arabacha na tíre sin ag obair leo.

Labhair sé le seanfhear ansin, fear a raibh ochtó bliain, beagnach, slánaithe aige, fear a d'fhoghlaim ceird na peannaireachta Araibise óna athair féin nuair a bhí sé ina dhéagóir, ceird atá i mbéal an bháis fiú sa tír ársa sin.

Ba é an t-aon uair a mbeadh an scríobhaí sin gnóthach i mbun coimisiúin ná nuair a bhí toghchán ar na bacáin, de réir dealraimh. Sa lá atá

inniu ann, arsa an seanfhear le mo chara, ní raibh d'obair aige ach biachláir dheasa a chur le chéile do phálás an Uachtaráin nó do lucht rialtais na tíre sin. Biachláir! É sin nó cuireadh chun bainise agus ócáidí eile na móruaisle. Ní raibh spéis dá laghad ag an rialtas in athbheochan na ceirde ársa sin, agus gheobhadh sí bás leis an bhfear aosta seo.

Bhí níos mó spéise ag lucht turasóireachta - Meiriceánaigh agus Iaránaigh ach go háirithe - sna seoda a chruthaigh sé gach lá ná mar a bhí ag rialtas láir is rialtas áitiúil a thíre féin. Is bocht an scéal é ach sin mar a bhí. Níl ach dornán peannairí oile Araibise fágtha sa Liobáin anois agus iad cnaagosta a bhformhór acu.

Cad a bhíonn ar siúl ag an bpeannaire seo nuair a bhíonn sé diomhaoín, mar a bhíonn go minic na laethanta seo? Ag obair ar leagan den Leabhar Naofa, an Córan (cathain a bheidh leagan Gaeilge againn de scríoptúir bheannaithe an domhain?). Thógfadh chuile chóip den Chóran trí bliana air le críochnú agus bhí sé anois ag obair ar an tríú cóip de. An cineál oibre sin a choinnigh a mheabhair slán agus a thug níos gaire d'Allah é, é báite go fisiceach agus go spioradálta sa chúram.

Nuair a mhol na scríobhaithe deireanacha sin do rialtas na tíre rud éigin a dhéanamh chun an traidisiún ársa seo, ar gnó freisin é, a choinneáil ag imeacht, dúradh leo nach raibh feidhm lena leithéid a thuilleadh. Nach bhfuil ríomhairí anois againn, a dúradh leo. Ach níl ríomhaire ar bith in ann an scil láimhe áirithe sin a athchruthú.

Bhí tionchar láidir ag Ioslam ar fhorbairt na sean-scríbhneoireachta Araibise mar, de réir an traidisiúin, d'aithris an Fáidh Mahamad an Córan Beannaithe do na scríobhaithe agus rinneadh athscríobh air níos déanaí. Bhí stíleanna agus scoileanna peannaireachta difriúla acu sa Liobáin tráth den tsaol. Tá na scoileanna sin ar fad dearmadta anois. Bhí béim an-láidir ar ealaín na peannaireachta mar ní cheadaítear fíor an duine a léiríu san ealaín Mhoslamach.

Fuaireas The Secret of Kells ón siopa DVD an lá faoi dheireadh. An-scannán. Éireannaigh óga a rinne é. Cé mhéad turasóir nua a mealladh chun na hÉireann dá bharr? Cad tá á dhéanamh againn chun lucht scileanna, lucht fise, lucht ealaíne a choimeád sa bhaile? D'fhéadfaí go leor leor eile a dhéanamh ar son na turasóireachta cultúrtha agus fostaíocht a chruthú ina theannta sin. Cuirimis chuige!

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin



Crógacht an tSagairt Óig

TÁ fear óg ó Chúil Aodha le hoirniú ina shagart an mhí seo chugainn. Duine é Damien Ó Loingsigh de bheirt sa tír atá le móideanna na sagartóireachta a ghla-cadh i mbliana.

An uair dheireannach a raibh an Chomhdháil Eocairisteach in Éirinn, in 1932, is dócha go raibh a chéad oiread ag dul le sagartóireacht gach bliain. An uair úd, bhí an Eaglais i réim in Éirinn, ba mhian gach tuismitheora go mbeadh mac leo ina sagart. Tá a fhios againn gurb é a mhalairt de scéal atá ann anois.

Sin an Eaglais a bhfuil Damien Ó Loingsigh ag tabhairt a shaol di i gceann cúpla seachtain. Eaglais atá buailte faoi chois de bharr na gconspóidí go léir a lean ionsaithe míchuí a rinne líon áirithe sagart de ghlúin eile ar pháistí.

Ní miste a rá freisin go bhfuil cúin-sí eile i gceist le meath na hEaglaise - ach ba é mí-iompar náireach dornán (i gcomhthéacs na hEaglaise uilig) a sagairt féin buille maraithe na muice.

Má thagann an Eaglais ar ais i réim in Éirinn nó i dtír ar bith arís, ar éigean go dtitfidh sin amach le linn ré an Athar Damien, in ainneoin a chuid iarrachtaí is fearr. Táim ag déanamh talamh tirim de go mbeidh an Eaglais



An chéad ghlúin eile, Patrick McCamley (10) as Droichead Átha ag baint suilt as an aifreann dheireanach, an Statio Orbis, ag an Chomhdháil Eocairisteach Idirnáisiúnta i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath.

[PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

linn i rith an ama. Mhair sí 2000 bliain agus is cinnte go raibh sí faoi bhagairt le linn an ama sin freisin.

Mairfidh sí ach cén chuma a bheidh uirthí?

Tá deireadh lena huilechumhacht. Beidh sí lagtha, cosúil mar a bhain reachtaíocht stádas na hEaglaise Bunaidh d'Eaglais na hÉireann.

Feasta ní raibh gá ag an bpobal Caitliceach an deachún a íoc leis an mhinistir áitiúil, fiú is ná raibh siad in aon Eaglais leis.

Nuair a théann tú go cnámh na huilinne, is é an t-airgead tús agus deireadh gach scéil.

Cinnte, tá Eaglais Chaitliceach na hÉireann ag fulaingt faoi láthair. Níl na bailiúcháin chomh líonmhar is a bhíodh. Níl an teacht isteach ann a thuilleadh is a bhíodh. Níl na sluaite a bhíodh ag freastal ar na searmanais éagsúla agus níl an dream atá go fóill ag freastal chomh flaithiúil céanna. Ní saol bog atá roimh shagart nua-oirnithe; a mhalairt glan.

Táimse go fóill ag freastal ar an Aifreann. Ar aon dul le go leor daoine eile i mbailte beaga fán dtuath, is ócáid phobail é an tAifreann. Is ann a chasann tú le do chairde. An ceathrú uair a chloig tar éis an Aifrin, tui-

smitheoirí ag caint, páistí ag spraoi, is é ceann de na tráthanna is taithneamhaí de sheachtain ar bith é. Murab ionann agus go leor rudaí eile sa lá inniu, tá sé saor in aisce.

Tá ceangal níos láidre arís agam leis an séipéal áitiúil trí Chór Chúil Aodha. Ar éigean go gcreidim féin é ach táim ag canadh leis an gCór seo le breis is dhá scór bliain! Deirtear gur ionann canadh agus paidreoireacht faoi dhó - más ea, táim ag déanamh go maith. Bhí tráth ann go mbíodh orm bileog a bheith liom ionas nach gclisfeadh na focail orm. Ní hé go bhfuil siad de ghlanmheabhair agam anois, is amhlaidh go bhfuil siad stóráilte in áit éigean san fhochoinsias agus a luaithe a thosaíonn an ceol, tagann siad chugam gan agó ar bith.

Chomh fada agus a bhaineann sé liomsa, níl san Eaglais ach an séipéal seo, an Cór agus an pobal agus, ar ndóigh, an sagart, fear a tháinig go dtí an paróiste agus é óg agus ina shagart cunta. Anois is Sagart Paróiste é, gan aon sagart óg chun cabhrú leis. Déanann sé obair mhíorúilteach chun riar a dhéanamh ar gach éinne agus ar gach ócáid, báistí, Céad Chomaoineach, póstaí, sochraidí. Rinne sé ceiliúradh anuraidh ar dhá scór bliain mar Shagart.

Ní bhaineann an Eaglais liom taobh

amuigh de Chúil Aodha. Níl suim agam in Easpaig - agus go deimhin níl aon Easpag againn sa deoise tar éis don Dr. Seán Mac Aoidh éirí as mar gheall ar an méid a tugadh chun solais i dTuarascáil Chluain - ná i ráitis ón Róimh nó rud ar bith den sórt sin. Ní bhím ar mo shuaimhneas ag freastal ar Aifrin i bparóistí eile seachas i mo cheantar féin.

Mar is ionann le cúrsaí den sórt seo, mairim faoi amhras síoraí. Nach é sin an fíor chreideamh!

Is sampla mise, ceapaim, den sórt 'Caitliceach' a bheidh san Eaglais sin a mbeidh an tAthair Damien ag dul i mbun a ghairm ann. Tá daoine ann a thabharfadh 'Caitliceach a la carte' orm. Níl a fhios agam. Creidim, ceapaim, i bpríomhtheachtaireachtaí na hEaglaise. Is amhlaidh nach bhfuilim rómhuiníneach as an Eaglais mar Theachtaire! Ní hionann sin agus aon easpa iontaoibh a bheith agam as sagairt ar nós an té atá le hoirniú agus an tsagairt pharóiste atá againn.

Cinnte, tá dúshlán mór roimh an Ath Damien. Is mó arís an meas atá agamsa agus ag an phobal lena mbainim air dá bharr. Beidh ceiliúradh mór sa Halla i gCúil Aodha tar éis a chéad Aifreann mar shagart i Séipéal Chúil Aodha ar an 23 Iúil. Go n-éirí leat, a Athair!

SÚIL SIAR na Seachtaine

Debbie is an nGaeilge sa Dáil



Donncha Ó hÉallaithe

MAIDIN an 16 Meán Fómhair 1961 shroich an spéirling, ar a tugadh 'Hurricane Debbie', cósta Iarthar na hÉireann. Thosaigh an spéirling amach ó chósta thiar na hAfraice agus ghluais sí i dtosach siar ó thuaidh i dtreo na nAsóir. Ach in áit cúrsa siar a choinneáil, mar is gnáthach, bhí a hintinn féin ag Debbie agus chas sí soir ag déanamh ar Éirinn. Faoin am sin, bhí luas na gaoithe laghdaithe go dtí 100 míle sa uair ach fós féin sula raibh Debbie réidh in Éirinn bhí seisear déag maraithe aici, ceathrar acu ó chlann amháin i gCo an Chabháin, nuair a thit crann ar an gcarr ina raibh siad ag taisteal.

Sa Ghaeltacht rinne Debbie scrios ar chuid de na tithe gloine, a tógadh faoi

scéim Gaeltachta a cuireadh ar bun sa bhliain 1948. Tógadh 95 teach gloine i gConamara agus 100 eile i nGort an Chóirce, Dún na nGall. Faoin scéim cuireadh plandaí ar fáil le trátaí a fhás agus díoladh na trátaí do na feilméirí ar mhargadh na hÉireann. Tá corcheann de na tithe gloine, a tógadh faoin scéim, fós le feiceáil i gceantar Chois Fharraige.

Ar an gcéad leathanach den nuachtán INNIU, leathchéad bliain ó shin, tuairiscíodh gur tarraingíodh aníos sa Dáil ceist na dtithe gloine, a raibh scrios déanta ag Debbie orthu, naoi mí roimhe sin. An Fine Gaelach ó Ghaillimh, Fintan Coogan (1910 - 1984), a chuir an cheist i mBéarla ar Aire na Gaeltachta, Micheál Ó Móráin (FF). Ní mó ná sásta a bhí sé gur tugadh an freagra i nGaeilge agus nuair a d'éiligh sé freagra i mBéarla, thapaigh Jack Lynch (FF) an deis spalla a chaitheamh le Fine Gael i dtaobh na Gaeilge.

Ba mhaith é Coogan le spalla a chaitheamh é féin. Gabha ó Chathair na Gaillimhe ab ea Coogan, agus

aithne mhór air i gCois Fharraige. Idir na blianta 1954 agus 1977 bhí sé ina Theachta Dála do Ghaillimh Thiar. Uair amháin le linn feachtais thoghcháin, bhí sé ag labhairt i mBéarla leis an slua sa Spidéal tar éis an aifrin. Nuair a chuir roinnt daoine ó Chearta Sibhialta na Gaeltachta isteach air, deirtear go ndúirt sé ar ais leo: "I shoed horses for some of your fathers before ye were born and I haven't been paid yet!".

INNIU, 15 Meitheamh, 1962

Tithe Gloine an Iarthair

D'éiligh Teachta Freagra i mBéarla 'Agus é ag tabhairt freagra i nGaeilge ar cheist a chuir an tUas. Fiontán Ó Cuagáin, T.D., air i mBéarla faoin damáiste a rinne stoirmeacha an gheimhridh do na tithe gloine in Iarthair na Gaillimhe dúirt Aire na Gaeltachta, an tUas. Micheál Ó Móráin: "I mí Meán Fómhair, 1961, rinne



Fintan Coogan TD, ag bronnadh duais do chrógacht ar Thomas A. Joyce (22) as Inis Oírr siar in 1974.

stoirm damáiste mór ar ocht gcinn de na tithe gloine a bhí in úsáid le roinnt blianta anuas agus ar fhorhmór na dtithe nua a bhí díreach críochnaithe nó gar de bheith críochnaithe i gCona-

mara. I gcás na seantithe, tuigim go raibh dhá cheann acu faoi árachas ag na úinéirí. Sna sé cásanna eile tá socruithe á ndéanamh ag an Roinn Talmhaíochta chun an damáiste a rinneadh a dheisiú - trian den chostas a bheith le seasamh ag an úinéir i ngach cás. Tá an cheist faoi dheisiú na dtithe nua á phlé go fóill idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus na conraitheoirí." [...]

MR. COOGAN: Do chuir mé ceist i mBéarla agus ba mhaith liom an freagra a d'fháil i mBéarla.

AN CEANN COMHAIRLE: Ní gá é sin a dhéanamh.

MICHEÁL Ó MÓRÁIN: Nach bhfuil an Teachta i ndán (sic) é a thuiscint?

MR. COOGAN: Do chuireas an cheist i mBéarla agus teastaíonn an freagra uaim i mBéarla.

Thug an tAire aistriúchán ansin ar an bhfreagra a bhí tugtha aige cheana féin.

Nuair a bhí deire ráite aige, dúirt an tAire Tionscail agus Tráchtála, Seán Ó Loingsigh: "We have to teach Irish to Fine Gael."

Eagarfhocal



Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Anois cad a dhéanfaimis?

SIN é mar sin, vótáil na Gréagaigh ar son páirtithe a ghlacfaidh leis an déine agus le treoir eacnamaíochta ón mBruiséil.

Beidh an déine i bhfeidhm go mór sa Ghréig anois, na billiúin Euro níos lú sa chóras.

Beidh geilleagar na Gréige féin níos lú

- i.e. beidh muintir na Gréige níos boichte ná mar atá inniu.

Tá gach seans go mbeidh fíorbhochtanais sa tír sin agus go mbeidh an Ghréig ar an tír is boichte san Eoraip - tá daoine ann nach bhfuil dóthain bia acu cheana féin.

Cé nach féidir go mbeidh an Ghréig ina tír den tríú domhan, beidh sí ina tír den dara domhan amach anseo.

An bhfuil muid á iarraidh sin i ndairíre? An bhfuil muid i mbád an euro le chéile nó nach bhfuil?

Rinne an Eoraip botún nuair a lig siad

an Ghréig isteach san euro, rinne an Ghréig botún nuair a d'iarr siad dul isteach sa euro.

Ba lochtach é an córas euro ón gcéad lá, agus tá na Gréagaigh ag íoc as na botúin a rinneadh sa Bhrúiséil agus i mBeirlín.

Foireann Sacair Phoblacht na hÉireann

MAITH go leor, tubaiste a bhí ann.

Chuaigh foireann Trapattoni go dtí an Pholainn, d'imir siad go holc, chaill siad gach cluiche.

Ba é an t-aon rud dearfach a tharla ná gur cheol lucht tacaíochta na hÉireann curfá *'The Fields of Athenry'* arís agus arís eile nuair ba léir go raibh an chúis cailte i gcoinne na Spáinne.

Ach léirigh siad meon iontach dearfach agus go raibh lucht leanúna na hÉireann ansin sa Pholainn chun sult a bhaint as an

gcomórtas, beag beann ar na torthaí.

Ambasadóirí maithe a bhí i lucht tacaíochta na hÉireann, gan aon amhras,, mar a bhíonn iontu i gcónaí.

Téimid, Éireannaigh, chuig comórtais mar seo chun spraoi a bheith againn, le canadh, chun a bheith ag ól agus ag ceiliúradh

Is beag cúrsaí a bhaineann le sacar in Éirinn atá chomh conspóideach le Roy Keane agus rinne sé roinnt ráiteas a bhí an-ghéar i leith na foirne agus an lucht

tacaíochtaí

"I think the players and even the supporters, they all have to change their mentality, it's just nonsense from players speaking after the games about how great the supporters are."

"They want to see the team winning - let's not kid ourselves, we're a small country, we're up against it, but let's not just go along for the sing-song every now and again."

Tá an tromlach de lucht tacaíochta na

hÉireann den tuairim go bhfuil Roy Keane mícheart an uair seo.

Ach seans gur cheart dúinn smaoineamh faoina cháineadh rud beag níos doimhne, seans go bhfuil rian den fhírinne ina racht?

Ar cheart dúinn a bheith ag súil le níos mó ón bhfoireann agus ón FAI seachas díreach a bheith sásta le cibé rud a chaitear chugainn?

Mar sin féin, a Roy, tóg go bóg é! Ní mórán a bhuaigh tú féin mar bhainisteoir!

Ardán: Tuarastail Shinn Féin - Freagraíonn an Páirtí



Peadar Tóibín, TD

IS léitheoir Gaelscéal seachtainiúil mé ón lá ar foilsíodh an chéad eagrán agus bainim an-sult as ach caithfidh mé a rá go raibh díomá ormsa an t-alt a scríobh Concubhar Ó Liatháin an tseachtain seo caite a léamh.

Bhí an t-alt uafásach míchruinn agus léirigh sé thar aon rud eile leis-ciúlacht, claontacht agus frith Shinn Féineachas an údair.

Dúirt Concubhar Ó Liatháin go raibh an méid a fhaigheann Teachtaí Dála Shinn Féin mar 'cúiteamh ar a saothair ar son a dtoghthóirí' cosúil leis an Tríú Rún Fatima.

Dúirt sé gur iomaí uair a chuir sé an cheist ach nach raibh aon urlabhraí sásta aon fhreagra beacht a thabhairt dó.

Ar dtús, ní mór dom a rá go labhraím faoin ábhar seo go minic ar an raidió agus ar an teilifís mar gur cúis bróid é domsa.

Cheistigh mé an chuid is mó de mo comhghleacaithe Oireachtais an raibh Concubhar Ó Liatháin riamh i dteagmháil leo agus dúirt siad nach raibh.

Cheistigh mé ár bpreasoifig i dTeach Laighean, an raibh Concubhar i dteagmháil leo am ar bith ar an ábhar seo agus dúirt siad nach raibh.

Faigheann gach Teachta Dála an meán ioncam - €34,000.

Is é sin an meántuarastal sa stáit seo de réir An Phríomh-Oifig Staidrimh.

Dúirt Concubhar go bhfaigheann an páirtí an farasbarr €58,000. Is praiseach amach is amach é seo.

Mar is eol do chách le suim beag i gcúrsaí polaitíochta, ní féidir le haon saoránach níos mó ná €6,348.69 a thabhairt do pháirtithe polaitiúla gach bliain.

Ní gá ach glaoch fón dhá nóiméid a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí chun an t-eolas sin a fháil amach.

Chuir Concubhar an cheist 'an íocann an TD cáin ar an €92,672 agus an dtugann sé/sí an farasbarr thar €34,000 tar éis cáin a bheith íoctha ar an bpáirtí?'

Nach bhfuil a fhios ag Concubhar



go bhfuil sé in aghaidh an dlí gan cáin a íoc ar iomlán do tuarastail?

Ní gá ach glaoch fón dhá nóiméid a chuir chuig na Coimisinéirí Cánach chun an t-eolas sin a fháil amach.

Scríobh Concubhar 'Nó an é an páirtí a íocann an cháin agus a thugann an €34,000 don TD bocht?'

Ar cén pláinéid ar féidir le páirtí polaitiúla do chuid cánach a íoc de réir an dlí?

Freisin caithfimid a rá go dtógaimid abhaile ioncam ar ionann an méid a bhíonn fágtha tar áis cáin a íoc ar an €34,000.

Cad ar tharlaíonn leis an bhfarasbarr?

Fostaím duine sa bhreis chun obair dháilcheantair a dhéanamh.

In ainneoin an méid atá scríofa ag Concubhar, téann sciar mór go leor ar ais chuig an stáitchiste.

Íoctar PAYE, PRSI agus USC ar tuarastail an fostaí seo freisin. (seo thar an méid a íocaimid muid féin ar ár tuarastail féin). Baineann muintir na Mí an-tairbhe as sin agus is duine níos lú é atá dífhostaithe agus de bharr sin coiglíonn an stáit ar a laghad €20,000 gach bliain.

Freisin caithfidh mé a rá gurb é an tairbhe is mó i mo thuairim-se ná go bhfuil fíor-thaithí ag gach ball d'fhoireann Shinn Féin i dTeach Laighean ar cé chomh deacair agus atá sé maireachtáil sa lá atá inniu ann. Seo taithí nach bhfuil ag baill an rialtais a fhaigheann, in uaireanta, cúig oiread an mhéid sin airgid.

Mar aon leis an tuarastal, faigheann gach TD sa stát Liúntas Taistil agus Iostas agus Liúntas Ionadaíocht Poiblí. Thug mé féin €5,895.85 ar ais don stát an bliain seo caite. Chuir Pearse Doherty ó Sinn Féin rún os comhair na Dála an Meitheamh seo chaite ag iarraidh tuarastal gach TD a

íslíú ach diúltáigh an rialtas é a chuir i bhfeidhm.

Ar deireadh, is stát neamhspleách í deisceart na hÉireann. Is féidir linn cáin a bhailiú agus caiteachas a íslíú nó a ardú. Is féidir linn dul i mbun idirbheartaíochta idirnáisiúnta agus is féidir linn conarthaí idirnáisiúnta a glacadh nó a dhiúltú. Dá bharr sin tá roghanna polaitiúla ag an rialtas sa Deisceart.

Faraor níl an chumhacht ná na roghanna sin ag muintir an Tuaiscirt fós. Táimid ag déanamh ar ndíchill é athrú.

Tá mé féin agus gach ball de Shinn Féin dílis do mhuintir na hÉireann, níl dabht faoi sin. Tá sé sin léirithe inár gcuid oibre agus má thugann tú na pobalbhreitheanna faoi deara, tá a fhios ag muintir na hÉireann sin freisin.

Níl an t-am ná an spás agam chun dul tríd an méid botún eile atá déanta ag Concubhar, ach tá súil agam go mbeidh caighdeán níos airde aige sa todhchaí.

TD de chuid Shinn Féin don Mhí Thiar é Peadar Tóibín agus is é atá ina urlabhraí Gaeltachta ag an bpáirtí

Bitseáil, ‘Keane-eadh’ agus an scian sa droim



Eoghan Ó Néill

DÉANANN daoine áirithe beag de nós na nÉireannach dul ag lorg sóláis sa ‘Díomua glórmhar’. Ach cad é nach dtabharfá ar son díomua glórmhar an tseachtain seo?

Go fiú treascairt 5-1 ón Iodáil ghlacfa leis ach foireann na hÉireann a bheith ag imirt leis an tsaoirse agus an rithim agus an scil agus an t-anam a samhlaíonn tú le himreoirí maithe.

Bhí an ceart ar fad ag Roy Keane. Ba cheart do Trapattoni 11 imreoir nua a chur ar an bpáirc i gcoinne na hIodáile agus ligean dóibh imirt.

Bhí rud éigin spleodrach, splancúil, neamhshrianta, siamsúil, tuillte ag lucht tacaíochta na hÉireann.

Ach ní bhfuairéamar go fiú spleachadh beag bídeach ar a macasamhail ónár laochra.

Fuairéamar peil as Ifreann.

Bhíomar ar an bhfoireann ba mheasa ag UEFA Euro 2012, duais a bhaineamar gan stró, gan iomaitheoir ar bith eile cóngarach dúinn.

In Poznan, casadh peileadóirí fantaisíochta na hÉireann ar fhíor-peileadóirí na Mór-roinne.

Chan na hÉireannaigh, d’imir na Spáinnigh.

Thig fiche leithscéal a lua ach níl oiread agus leithscéal amháin fiúntach acu.

Ní raibh Trapattoni ná a fhoireann inchurtha leis an jab.

Níl samhlaíocht acu, tá siad eaglach, ní thig leo pasáil, níl acu ach an t-aon phlean aonarach amháin; tá na seanfhonduirí róshean agus tá na hógánaigh fágtha ar an taobhlíne gan taithí.

Ní rabhamar maith go leor do Chorn na hEorpa agus is d’ádh a tharla ann muid.



Teachtaireacht shoiléir do Roy Keane ó fhear amháin de lucht leanúna na hÉireann in Poznan, An Pholainn, oíche Dé Luain. [PIC: DAVID MAHER / SPORTSFILE]

Níor cháiligh muid ar feadh 10 mbliana do mhórchomórtas agus is baol nach mbeimid ag cáiliú do mhórchomórtas eile go gceann 10 mbliana eile.

Thig do rogha leithscéil a lorg ach tá leithscéal amháin nach féidir a lua.

Is é sin gur tír bheag muid agus gur foinse beag tallainne atá againn.

Tá daonra níos lú ag an Chróit ná mar atá ag Éirinn.

Ach breathnaigh ar an gcroí agus ar an anam agus ar an tallann agus ar an stíl imeartha a bhí ag foireann na Cróite i gcoinne na hÉireann nó i gcoinne na Spáinne nó i gcoinne na hIodáile.

Nó breathnaigh ar an Danmhairg a bhfuil daonra 6 mhilliún inti, mórán ar aon dul linn féin.

Nár iontach an troid a chuir siadsan ar an Ghearmáin agus an Ísiltír gan

Bhí an ceart ar fad ag Roy Keane. Ba cheart do Trapattoni 11 imreoir nua a chur ar an bpáirc i gcoinne na hIodáile agus ligean dóibh imirt. Bhí rud éigin spleodrach, splancúil, neamhshrianta, siamsúil, tuillte ag lucht tacaíochta na hÉireann.

trácht ar a gcaismirt leis an bPor-taingéil.

Agus cad faoin nGréig lena daonra de 11 milliún duine?

Foireann acu nach bhfuil farasbarr tallainne aici.

Ina ainneoin sin, thug siad a raibh acu in achan cluiche, agus cháiligh siad do na babhtá ceannais.

Seachas caoineadh faoi, is amhlaidh gur fhógair Raymond Verheije, traenálaí aclaíochta na Rúise, go raibh an Rúis amuigh as an gcomórtas agus é tuillte acu. Dúirt sé go raibh 80% den imirt acu sa dara leath ach nár chruthaigh siad aon deiseanna scórála. Thraoslaigh se a mbua leis an nGréig agus le Poblacht na Seice.

Anailís fhuarchúiseach tuisceanach seachas an bhitseáil agus an ‘Keane-eadh’ agus an scian sa droim a líon nuachtáin agus meáin na hÉireann ó thosaigh an comórtas seo.

Ag pointe amháin, mhothaigh mé go raibh mé ag éisteacht le meáin na Breataine agus lena ndearcadh siúd, gur ‘dual dúinn baint’.

Cad é nach mbainfimis ó tharla

oiread sin réaltaí ón ‘Premiership’ a bheith againn seachas na himreoirí seo le hainmneacha neamhaitheanta ó leithéidí La Liga nó Serie A nó an Bundesliga?

B’fhéidir go bhfuil mé beagán soineanta ach mothaím míchompor-dach i gcónaí gurb é t-airgead atá ar chúl gach rud sa sacar ag an leibhéal seo.

Leanfaidh an bhitseáil sna meáin cionn is go ndíolann sé nuachtáin agus go gcuireann sé lucht féachána / lucht éisteachta breise ar fáil do na meáin leictreonacha.

Rachaidh réalta móra na hÉireann ar ais chuig an jab laethúil agus na milliúin ina bpóca acu, iad beag beann ar na fiacha a charnigh an lucht féachána a rinne a mbealach go Poznan.

Agus cé gur chlis ar fhoireann na hÉireann sa chéad bhabhta de Chorn na hEorpa shaothraigh Cumann Sacar na hÉireann €7m as a bheith páirteach ann.

Agus is beag nár luaigh mé Trap.

Ní bheidh seisear bocht nuair a shocrófar ar deireadh bata agus seic a thabhairt dó.

Ní hionann agus ár lucht tacaíochta nach bhfuil iontu ach fonóta i stair an UEFA.

Ach beidh cuimhne ag na maithe móra Éireannacha ar an bpóta óir a thit isteach ina lámha ag Euro 2012.

Agus cad faoi Enda?

I ndomhan Enda níl le déanamh chun gach rud a chur i gceart ach foireann Uile-Éireann a bheith ann.

An bhfuil cúrfá na ‘Billy Boys’ ar eolas aige (*Up to our necks in Fenian blood*) go fóill nó tá an ceann áirithe sin ar na hamhráin is ansa le lucht tacaíochta Thuaisceart Éireann.

I gcás an tsacair, b’fhearr liom an gné Uile-Éirinn a chur ar an méar fhada.

Níl práinn leis.

Tá foireann uileoileánda ann, a Enda, foireann a mheallann daoine ó gach cearn den oileán.

Go díreach tabhair ‘Ireland’ air seachas ‘the Republic of Ireland team’, agus ansin meall Martin O’Neill le bheith ina bhainisteoir air.

An jab is fearr ar domhan!



Conall Ó Móráin

TÁ scrúdaithe na hArdteiste beagnach críochnaithe agus dóibh siúd nach bhfuil cliú acu cén tslí bheatha ar mhaith leo díriú uirthi, seo moladh díobh. Bhí mise sa tsáinn céanna agus an Ardteist déanta agam.

Smaoinigh mé ar a dhul le leigheas,

dlí, cuntasaiocht - agus i ndeireadh báire ní dhean mé aon cheann acu. Tá mé anois tar éis a bheith ag obair le breis agus tríocha bliain agus tá slite beatha difriúla caite agam i rith an ama sin idir irisíocht, léachtóireacht, caidreamh poiblí, craoladh, scríobh, stochróicéireacht - raon leathan d’aontófá?

Ach is ar an Satharn seo caite a thosaigh mé ag smaoineamh ar céard é an jab ab fhearr gur mhaith liom a bheith agam?

Ar ndóigh, bheadh sé go deas a bheith i mo réalta scannáin nó a leithéid - de bharr an airgid go mór mór - ach tá mé ag iarraidh a bheith réadúil faoi seo agus ní dóigh go bhfuil m’ainm ar aon

liosta ag léiritheoirí Hollywood.

I bhfocail eile níl sé sin chun tarlú.

Is dóigh go n-éiríonn ár gcuid mianta níos simplí agus muid ag éirí níos aosta. Nuair a bhíonn an saol á gcrá is í an tslí shimplí a lorgaíonn muid.

Ónár chuala mé faoi fhear amháin, cúpla bliain ó shin, agus an tslí bheatha atá aige (i ndáiríre níl a fhios agam an bhfuil sé fós á dhéanamh) tá mé éadmhar. Is éard a rinne an fear seo ná gur chroch sé leis síos go dtí grian na Spáinne.

Rinne sé bainistíocht ar roinnt árasán agus an phríomhshlí bheatha a bhí aige ná a bheith ag déanamh aistriúchán go Gaeilge.

Anois, níor bhuail mé leis an bhfear

seo riamh ach tá pictiúir intinne agam dó i gcónaí, é ina shuí sa scáth i mbodega beag, ag obair leis, saol deas simplí - dóthain aige agus gan aon duine le cur isteach air. Mar a deir mé (agus tá má tá sé fós á dhéanamh), bhí éad glan amach orm.

Sé a chur ag smaoineamh faoi seo mé ná go raibh deacrachtaí móra agam le mo ríomhaire agus bog earra an ríomhphoist, Outlook.

Ón Déardaoin seo caite, bhí mo chóras cumarsáide leis an saol amuigh briste agus cosúil le cos bhriste ní thugann tú faoi deara cé chomh mór agus a bhíonn tú ag brath air go dtí nuair nach bhfuil sé agat. Ón Déardaoin, d’fhéadfá a rá go bhfuil céim

ollscoile déanta agam ag iarraidh bealaí Outlook a thuiscint - ach caithfidh mé a admháil gur theip orm.

Ar an Satharn thosaigh mé ag obair chun Outlook a shocrú ag a hocht a chlog ar maidin. Chuaigh mé i dteangmháil le duine (ní fios cé hí nó shé nó cá bhfuil cónaí orthu) a fuair mé trí cheangal ar an idirlíon. Chaith an duine seo sé huaire an chloig ag iarraidh m’Outlook a shocrú agus cé gur innealtóir traenáilte é theip air siúd freisin, rud, ait go leor, a thug saghas sásamh dom, mar nach mise amháin nach raibh in ann teacht thart ar an bhfadhb - cé go raibh orm fós díol as a chuid ama. Cé a dúirt go dtagann ciall le haois?

Ceachtanna fós eile le foghlaim!



Páidí Ó Lionáird

NACH ormsa atá an cathú inniu? ‘A bheith ag oscailt mo chlab faoi Mhick Wallace bocht? “Ná ligfeá dó?” atá cloiste go minic agam le seachtain anuas. Bhuel ligfinn, ach gur shamhlaíos iomarcach san iomlán an ‘oráid’ neamhghalánta a thug sé uaidh i nDáil Éireann an tseachtain seo chaite.

“Leagan an teach seo (Dáil Éireann) spriocanna agus tairseacha arda le sroíchint, spriocanna foirfeachta. Nílímse foirfe. Níl ionam ach gnáthfhear daona agus déanaim botúin. Níl mé chun athrú anois.” Bhuel, murar féidir leat na spriocanna a shroíchint, ná bí ann.

Agus ní hé Wallace amháin atá san áit mhícheart!

Ina cholún an tseachtain seo chaite, bhí mo chomhghleacaí, Conall Ó Móráin ag déanamh tagartha don easpa cur chuige agus é ag ceistiú luachanna nuachta RTÉ - galar atá fós ag tarrac áirde a lucht féachana agus éisteachta araon.

Bhuel, táimse chun áird a tharrac ar scéal eile fós atá ag déanamh iontais domsa.

Cén fáth go bhfuil na sluaite ball foirne ag RTÉ sa Pholainn agus san Úcráin?

Nílím tiubh. Tá a fhios agam go bhfuil Craobhchomórtas Sacair na hEorpa ar siúl ansin faoi láthair - comórtas a bhfuil fíorbheagán d’ábhar suime dúinne ann i ndiaidh fheachtas lagiarrachta na foirne againn féinig.

Tá a fhios agam go bhfuil cuid daoibh ag ceapadh - ‘nach raibh colún agat an tseachtain faoi dheireadh á a rá gur cóir dúinn ar fad



Foireann RTÉ d’Euro 2012. Kenny Cunningham, Liam Brady, John Giles, Darragh Maloney, Eamon Dunphy, Bill O’Herlihy, Richard Sadlier agus Hector Ó hEochagáin, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath an mhí seo caite. [PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

tacú go tréan leis an bhfoireann?’ Láncheart. Bhí, ach ní dóigh liom gur cheap éinne go mbeadh an oiread san in easnamh orthu.

Cén dochar, táim fós bródúil astu toisc gur cháiligh siad ar an gcéad dul síos. Agus is fiú i gcónaí dul sa tseans i gCraobhchomórtas mar seo; ní bheadh a ‘fhios agat riamh cad a tharlódh. Níl sé i bhfad ó shin ó bhuaigh an Ghréig!

Ar aon chuma, cén bhaint atá aige seo lenár ggraoltóir náisiúnta? Bhuel, tá an-bhaint aige leis an scéal áirithe seo.

Cosúil le Mick Wallace, admhaím aineolas ar go leor ábhair agus admhaím chomh maith go bhfuil bearnaí móra i raon leathan ábhair atá ar m’eolas agam. Ach cheapfainn go n-aontódh móramh léitheoirí an cholúin seo liom dá ndéarfainn go bhfuil tuiscint éigin agam ar na meáin, ar léiriú raidió nó teilifíse agus a bhfuil i gceist chun iad a chur i gcrích.

Bheadh formhór mór de mo chuid

taithí bunaithe ar mo chuid craoltóireachta le TG4 ach tá cuid de sin déanta faoi scáth RTÉ freisin.

Mar sin, tá ceist agam; cé mhéid ball foirne a thógann sé chun na cláracha agus na tuairiscí nuachta spóirt a thabhairt dúinne sa bhaile?

Cé mhéid ball foirne atá ag RTÉ sa Pholainn agus san Úcráin? Beirt? Cúigear? Deichniúr? Scór? Níos mó b’fhéidir?

Bhuel dá mba le TG4 a bheadh siad, déarfainn fíorbheagán. Dornán ar a mhéid. Ach i gcás RTÉ - agus tuigim go bhfuil na hilmheáin i gceist - raidió, teilifís, idirlíon, cláracha spóirt, na cluichí féin, tuairiscí nuachta agus mar sin de, bí cinnte go bhfuil os cionn scór agus b’fhéidir i bhfad níos mó ná sin i gceist.

Tá na glórtha a chloisimid ar an raidió, na haghaidhe a fheicimid ar an dteilifís, na tráchtairí agus lucht anailíse na gcluichí (bíodh is go bhfuil siadsan sa stiúideo i mBaile Átha Cliath, don fhormhór). Bíonn na tráchtairí raidió i láthair freisin ar

ndoigh. Ach ina dteannta siúd ar fad, tá léiritheoirí, teicneoirí, taighdeoirí, cúntóirí léirithe agus duine nó beirt nach iad san iad san áireamh freisin.

Ach tá baint ag na hiriseoirí spóirt, na tráchtairí agus lucht anailíse leis an ócáid seo. Tá, agus tugann a gclúdach an-tsásamh agus an-fhaoiseamh dúinne atá sa bhaile.

Ach is leis na cláracha ‘...mar sin de...’ atá an fhadhb agamsa! Cén ghnó a bhí ag cláracha ar nós clár raidió John Murray, Pat Kenny nó Hector a ‘bheith ag craoladh ón bPolainn le coicís anuas?

Ní rabhadar ann don tréimhse ar fad ach bhíodar ann. Cén fáth? Cad a fuaireamar uatha nach bhfaighimis dá mba tuairiscí déanta ag baill foirne eile a bheadh ann? Cinnte bhí tuairisc Kenny ó cheann de na sluachampaí géibhinn a bhí in úsáid ag réimeas Naitsíoch na Gearmáine suimiúil.

Suimiúil mar ábhar maith faisnéise, ach ní chuige sin a íoctar táillí móra le Pat Kenny. Íoctar é dá ghrinneas aigne, dá chúram cúrsaí reatha

agus polaitíochta agus dá chumas agallthóireachta.

Tá John Murray agus Hector araon spraoiúil agus is chuige sin atá siad fostaithe - le spioraid an náisiúin a ardú agus a bheith ag iarraidh muid a tharrac ó dhoircheacht ina bhfuilimid. An gá iad a sheoladh chuig an bPolainn le sin a bhaint amach?

An le blas ar shaol an lucht tacaíochta cáiliúil Éireannach a thabhairt dúinne sa bhaile atá siad ann? Más ea, an bhfuil siad ag fanacht i bpobail nó i gcarbháin nó ar chúl mionbhus atá siad ag caitheamh gach oíche? Agus an ar bhuiséad teoranta per diem atá siad ag maireachtáil?

Ní dóigh liom é.

Tá an tír beo -bocht, caint seasta faoin dara beart airgid tarthrála ón ESM agus ónár ‘gcairde’ eile Mór-roinne, an Euro fhéin i mbaol mar chóras airgeadais agus ár ggraoltóir náisiúnta ar spraoi sa Pholainn

Is léir go bhfuil ceachtanna cirte caiteachais airgid an phobail fós le foghlaim ag an ggraoltóir náisiúnta.

Tá mé ar mhisean pearsanta faoi láthair ag iarraidh mo chuid airgid a chaitheamh sa bhaile, ar earraí agus ar sheirbhísí Éireannacha, más féidir é, chun mo chuid (beag) a dhéanamh ar son gheilleagar na tíre.

Níor thug sé aon sásamh dom go raibh orm mo chuid airgid a sheoladh, buíochas le Visa, thar sáile mar gur cheap mé nach mbeadh aon duine ar fáil chun an obair seo a dhéanamh sa bhaile ar an Satharn. Bhí mé mícheart, agus seo pointe m’alt.

Tar éis don eachtrannach cliseadh tháinig mé ar fhear, arís trí ceangal ar an idirlíon, atá lonnaithe i gCill Orglan, i gContae Chiarraí. Maurice Harmon is ainm don laoch seo agus [\[support.com\]\(http://support.com\) a chomhlacht.](http://www.irishpc-</p></div><div data-bbox=)

Tugaim lán-phoiblíocht dó de bharr a ndearna sé dom. Chaith sé tráthnóna Dé Sathairn, go dtí a seacht a chlog istoíche, ag obair óna oifig i gCiarraí agus le bogearra cianda bhí sé in ann ‘dul isteach’ i mo ríomhaire agus, buíochas le Dia, shocraigh sé é. Ní stopfadh sé go dtí go raibh an fhadhb sáraithe aige. Mar a deir mé, fíorlaoch, agus a chuid costais breá réasúnta freisin. Molaim é.

Ach seo fear, lonnaithe i gceantar iargúlta, agus mar gheall ar an idirlíon is féidir leis, agus dúirt sé liom go ndéanann sé, ríomhairí agus bogearraí a shocrú ar fud an domhain.

Nach breá an tslí bheatha í sin? Is

Tá mé ar mhisean pearsanta faoi láthair ag iarraidh mo chuid airgid a chaitheamh sa bhaile, ar earraí agus ar sheirbhísí Éireannacha, más féidir é, chun mo chuid (beag) a dhéanamh ar son gheilleagar na tíre.

féidir leis fanacht in aice a theaghlaigh, a chairde agus a phléisiúir ach fós a bheith ag obair ar fud na cruinne agus, mar a deir na tráchtairí, níl aon chúlú eacnamaíochta ar an idirlíon. In áit a

bheith ag brath ar an 6 mhilliún duine atá ina gcónaí ar an oileán seo is féidir leis a cheird a chleachtadh ar an 6 bhilliún nó breis atá ina gcónaí ar domhan.

Dóibh siúd atá anois ag smaoineamh ar céard is cóir dóibh a dhéanamh mar shlí bheatha, ní fhéadfainn bun-thraenáil sa teicneolaíocht faisnéise a mholadh mór go leor. Seo eolas is féidir leat a bhreith leat aon áit, is féidir a chleachtadh aon áit agus fiú le 450,000 duine gan obair sa tír seo tá ganntanas daoine ann a bhfuil oiliúint sa TF orthu.

Ní thuigim cén fáth nach bhfuil grodchúrsaí in TF ar fáil do chách, níl siad daor, agus d’fhéadfadh daoine a

bheith ag saothrú slite beatha mhaith laistigh do leathbhliain. Seo go díreach an sórt obair atá ag teastáil sa tír mar, má tá tú ag socrú bogearraí thar lear, fiú agus tú i do shuí i gCiarraí, tá tú ag easpórtáil, agus dá bharr sin tá tú ag tabhairt airgid isteach sa tír, rud atá ag teastáil go géar.

Tá fhios agam go bhfuil cnoic mhóra eacnamaíochta le sárú ag an rialtas ach an mise amháin a cheapann nach bhfuil faic cruthaitheach ar siúl acu chun réiteach a fháil ar an difhostaíocht sa tír?. Tá cuma phair-iliseach orthu - gan aon mhórghníomh acu chun spreagadh a dhéanamh ar an tír ná orainne, na saoránaigh. Céard go díreach atá ar siúl ag an rialtas?

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag pic@gaelsceal.ie. Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar www.gaelsceal.ie




An slua a d'fhreastail ar Champa Samhraidh Ógras Thrá Lí anuraidh. Beidh na campaí ar siúl arís i mbliana, i mí Iúil agus i mí Lúnasa, le dá champa nua; ceann i nGaelscoil Aogáin in Oileán Chiarraí agus ceann i Scoil Náglá de Rís i mBaile an Mhuilinn. Tá tuilleadh eolais fúthu ar fáil ó www.ogras.ie.



Scribhneoirí Éireannacha ó Chiorcal Scribhneoireachta Ghaoth Dobhair agus scríbhneoirí as Albain, Máirín Uí Fhearraigh, Eoghan Mc Giolla Bhríde, Niall O'Gallagher, Alison Lang, Kayla Reed, Máire Wren agus Síle Uí Ghallchóir ag cearclann scríbhneoireachta ar an Satharn seo caite.



Mairéad Nic Niallais ón tógra “Scríobh Leabhar” i dTír Chonaill ag déanamh bronnadh ar Frances Nic Géadaigh ó RTE Raidió na Gaeltachta. PIC: TOMÁS Ó CUIREÁIN



An slua a bhreathnaigh ar chluich na hÉireann in aghaidh na Spáinne sa chomórtas Euro 2012, i gClub Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath ar an Déardaoin seo caite. Chaill na hÉireannaigh an cluiche, 4 - 0.



Siúbhán Nic Grianna ó Údarás na Gaeltachta, Seán Stewart, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Declan Dooley, Méara Cathrach na Gaillimhe, an Comhairleoir Hildegard Naughton, Iggy Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge agus Pat Joyce ó Ollmhargadh na Seoirge ag Beárbaiciú Chairde Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Radisson Blu i gCathair na Gaillimhe an Déardaoin seo caite.



Foghlaimoirí Gaeilge ó Pheiriú, ón mBrasaíl, ón Spáinn, ón nGearmáin, ón Iodáil, ón Ísiltír, ón Ungáir agus as Éirinn ag freastal ar chúrsa Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath le déanaí. Beidh dianchúrsaí Gaeilge ar siúl san ardchathair dhá oíche sa tseachtain thar thréimhsí trí seachtainí ón 10 - 26 Iúil agus ón 7 - 23 Lúnasa 2012. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.cnag.ie/courses.



Ceoltóirí agus damhsóirí ó Bhunscoil an Iúir in éineacht lena múinteoirí agus an tAire Cultúir, Carál Ní Chuilín, ag oscailt oifigiúil Leabharlann an Iúir le déanaí.



Fergus Ó Conghaile, Príomhoide nua Ghaelscoil an Chuilinn i mBaile an Tirialaigh, Baile Átha Cliath, in éineacht lena nia, Fionn Ó hIarnáin. Is scoil nua lánGhaeilge, chomhoideachais í Gaeilscoil an Chuilinn a osclóidhi Meán Fómhair 2012.



Bhí bronnadh gradam ar pháistí scoile a ghlac páirt sa togra "Scríobh Leabhar" ar siúl in Óstán Loch Altán i nGort an Chóirce, Tír Chonaill, an tséachtain seo caite. Ionad Oideachais Ghort an Chóirce a reachtáileann an togra agus Foras na Gaeilge a dhéanann páirt-mhaoiniú air. Sa phictiúr, tá páistí ó Scoil Mhín na Manrach, Sara Ní Dhomhnaill, Méabh Ní Bhaoill, Saffron Ní Bhaoill agus Lilly Lainchbury a bhain duaiseanna. Ina gcuideachta tá Frances Nic Géadaigh, RTÉ Raidió na Gaeltachta a bhronn na duaiseanna. PIC: TOMÁS Ó CUIREÁIN



Na ceoltóirí, Cailíosa Ní Dhúill, Méabh Lowe, Eoghan Ó Ceallacháin, Jervis Óg McCaul, Eve Ní Dhonartaigh, Mairéad Ní Cathmhaoil agus Caolán Mc Cartan ó Bhunscoil an Iúir ag seinm ag oscailt oifigiúil Leabharlann an Iúir le déanaí.



Clann Uí Ghallachóir ó Bhán Éamainn ag an Rith Cuimhneacháin 5 Chiliméadar sa Chlochán Liath i nDún na nGall an deireadh seachtain seo caite. PIC: EOIN MCGARVEY



Alaister Wilson agus a iníon, Amy, ag an Rith Cuimhneacháin 5 Chiliméadar sa Chlochán Liath i nDún na nGall an deireadh seachtain seo caite. PIC: EOIN MCGARVEY.

NUAHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUAHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

An Spidéal Dúshlán Damhsa ar an Sean-Nós

BEIDH oíche mhór steipeanna ar siúl san Tobar ar an Spidéal i gCo. Na Gaillimhe ar an Aoine, 29 Meitheamh, ar mhaithe leis an bhFéile Traidphicnic a bheidh ar siúl ar an mbaile sin ar an 6 agus 7 Iúil.

An oíche sin, beidh ar na daoine a thóg an dúshlán, damhsa ar an sean-nós a fhoghlaim, dul in iomaíocht lena chéile ar an ardán agus cúpla céim ar an sean-nós a dhéanamh. Beidh níos lú ná 3 seachtainí caite acu ag foghlaim an damhsa.

Is iad na daoine a bheidh ag damhsa ná Bairbre Uí Choistealbha ó RTÉ Raidió na Gaeltachta, Tissy Guillou ó Nurturing Touch, Debs Ní Ghibne ón AIB sa Spidéal, Maureen O'Connell ó Hand In Hand, Tara Ní Dhiarmada ón eagraíocht, Madra, Aodhán Ó Maoileoin agus Aonghus Ó Flatharta ó TG4 agus Pádraic an Táilliúra agus Tony Mc Sherry ó Oifig An Phoist sa Spidéal chomh maith le cúpla duine eile.

Tosóidh an oíche ag 8.30in agus beidh táille €5 ar an doras. Rachaidh an t-airgead uilig go dtí an fhéile Traidphicnic, féile cheoil, damhsa agus siamsaíochta na Gaeltachta. Tá muintir an Spidéil ag iarraidh ar chúirteoirí a theacht go dtí an baile chun blas de chultúr na Gaeltachta a fháil agus a thabhairt abhaile leo. Cuirfear ceardlanna bodhráin, spúnóga agus neart eile ar siúl dóibh saor in aisce. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.traidphicnic.com. KMG

Deireadh an bhóthair beagnach sroichte?

Máirtín Ó Catháin

TABHARFAR deis eile don phobal a gcuid tuairimí a chur i láthair faoi cheist an bhóthair nua as Scríb go Gaillimh as seo go ceann coicíse nó trí seachtainí.

Ach ceaptar go mbeidh fíor-mhíshástacht i measc an phobail faoina roghanna atá ann anois; ní cosúil go mbeidh glacadh le ceachtar den dá chúrsa atá san áireamh.

Fágfaidh sin go dtiocfaidh brú dá réir ar Chomhairleoirí Contae Chonamara gan tacú leis an tionscnamh - agus fágfaidh sin Comhairle Contae na Gaillimhe i bponc.

Go maith ó thuaidh sa sliabh a theastódh an bóthar ó fhormhór mhuintir Chonamara de réir na dtuairimí atá cloiste go dtí seo. Ach ní chuirfear an bóthar ar an gcúrsa sin; tá cuid mhór den chriathrach sin faoi scáth SAC nó caomhnú

éicint eile.

Sa mullach air sin, tá sé ráite ag innealtóirí Chomhairle Contae na Gaillimhe nach mbeidís i bhfábhar an bóthar a chur píos ó thuaidh mar, a deir siad, go mbeadh an baol ann nach n-úsáidfadh daoine é.

Nuair a cuireadh an plean amach ar taispeáint go deiridh dúradh i 51% de na haighneachtaí a cuireadh isteach gur sa sliabh amach ó thuaidh an áit cheart don bhóthar nua.

Ba as taobh Chois Fharraige, soir chomh fada le Bearna, a tháinig bunáite na n-aighneachtaí. Bhí 30% i bhfábhar go gcuirfí caoi as an nua ar an mbóthar atá ann faoi láthair. Ach dá gcuirfí feabhas mór ar an mbóthar atá ann, chuile sheans go mbeadh roinnt tithe i mbaol freisin agus bheadh gairdíní agus garrantaí réabtha

Gabhfar trí na rúibricí arís anois agus cuirfear an scéim ar taispeáint go poiblí. Ach tiocfaidh an

crú ar an tairne níos deireanaí i mbliana. Is ar éigin go mbeidh tacaíocht ar bith ag na cúrsaí atá leagtha amach i measc Chomhairleoirí Chonamara. Tarlóidh rud fíor-neamhghnách ansin: beidh ar Chomhairleoirí Contae na Gaillimhe uilig vóta a chaitheamh faoi cheist an bhóthair nua. Tá seo ag cuir an-imní ar fheidhmeannaigh na Comhairle Contae i nGaillimh.

Meastar go mbeidh tuairim agus €3m caite ar phleanáil an bhóthair faoin tráth sin. Tá na hinnealtóirí agus na bainisteoirí ag iarraidh go gcoinneofaí leis an tionscnaimh agus nach mbeadh sé le rá gur cur amú airgid a bhí sa bplean uilig. Ach, is ar éigin go dtabharfaidh Comhairleoirí as taobh thoir de Ghaillimh tacaíocht don phlean má bhíonn Comhairleoirí Chonamara ina aghaidh. Cinneadh stairiúil a bheidh le tógáil - droim láimhe a thabhairt d'fhorbairt bóthair i gConamara.

Inis Oírr Spraoi in Áras Éanna

BEIDH léiriúchán dátheangach i nGaeilge agus sa Chatalóinis, 'Spraoi - Banar agus na Gombeens' ar siúl san ionad ealaíona, Áras Éanna, in Inis Oírr ar an Satharn seo, 23 Meitheamh.

Baineann an léiriúchán le beirt bhuachaillí a chaithfidh na constaicí a sháru a tharraingíonn cúrsaí teanga agus cultúir idir an bheirt acu. Marc Mac Lochlainn a bheidh ag stiúradh an tseó agus beidh na haisteoirí, Jonathan Gunning agus Miquel Barceló sa léiriú. Tá costas €5 ar thicéid agus tosóidh an seó ag 12in.

Tabharfaidh an fídléiragus an t-amhránaí, Mairéad Ní Mhaonaigh, seó ar an lá céanna ag 8in, in éineacht le Manus Lunny ar an ngiotár. Tógadh Mairéad i nGaeltacht Gaoth Dobhair i dTír Chonaill agus ceol timpeall uirthi an t-am ar fad. Bhí cáil ar a hathair, Francie, mar mhúinteoir veidhlín agus bhí an-eolas aige ar cheol na háite. Bhunaigh Mairéad agus a fear céile, Frankie Kennedy, go ndéana Dia grásta air, an grúpa Altan.

Tá ticéid agus tuilleadh eolais ar fáil ó Áras Éanna ar 099 75150 nó www.araseanna.ie. KMG

Maigh Eo Deireadh seachtaine Gaeilge ar Chliara

BEIDH deireadh seachtaine Gaeilge ar siúl ar Chliara i Maigh Eo ar an Aoine, 29 Meitheamh go dtí an Domhnach, 1 Iúil.

Cuirfear tús leis na himeachtaí ar an Aoine le hoíche cheoil le Des Cafferky agus a chairde. Beidh cluichí peile agus tóraíocht taisce ar siúl ar fud an oileáin ar an Satharn agus beidh deis ag duine nó grúpa duais de €200 a bhuachan as an tóraíocht taisce.

Beidh céilí mór ar siúl san oíche Dé Sathairn agus seinnfidh Jackson Roc & Pervish ina dhiaidh sin. Cuirfear seó puipéad ar siúl ar an Domhnach sula n-imíonn gach duine.

Beidh taispeántas ealaíne agus margadh faoin aer ar siúl le linn na deireadh seachtaine ar fad.

Tá costas €15 ar an mbád go dtí an oileán agus tá cúpla rogha lóistín ar fáil. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Mary ar 086 081 9896 nó ó Mháirtín ar 087 690 1876. KMG



Siún Nic Gearailt, pearsa teilifíse, léitheoir nuachta RTÉ agus céimí Ollscoil na hÉireann (OÉ), Gaillimh agus an Dr Seathrún Ó Tuairisg, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, ag seoladh cúrsa nua, MA sa Chumarsáid, in OÉ Gaillimh le déanaí.

CATHAIR NA GAILLIMHE

Tóraíocht Taisce na bhFoghlaithé Mara

BEIDH Tóraíocht Taisce na bhFoghlaithé Mara, ag úsáid léitheoir cód, Quick Read (QR) ar fhón cliste, ar siúl mar chuid d’imeachtaí Rás Aigéin Volvo ar mhaithe le heagraíocht Clann Shíomóin na Gaillimhe ón 30 Meitheamh go dtí 8 Iúil.

Is féidir ticéid a cheannach don tóraíocht ó Ionad Chlann Shíomóin ar Bhóthar Thuama ar €10 do theaghlach nó ó www.galwaysimon.ie. Gheobhaidh tú cód QR leis an ticéad agus nuair a dhéanfaidh tú scanadh air leis an léitheoir cód QR i do fhón, gheobhaidh

tú leideanna go dtí an chéad chód eile. Beidh ort na cóid ar fad a scanadh isteach i do fhón chun na leideanna eile a fháil agus beidh ceisteanna le freagairt freisin. Beidh téama foghlaithe mara ar na ceisteanna. Gheobhaidh an grúpa nó an duine a fhreagraíonn an méid is mó ceisteanna i gceart duais ag deireadh na seachtaine agus beidh neart crannchuir ar siúl le linn na seachtaine freisin.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Paul ar 091 381835 nó funraising@galwaysimon.ie. KMG



Daltaí ó rang a sé i Scoil Dara sa Rinn Mhór i nGaillimh ag seoladh 'Tóraíocht Taisce na bhFoghlaithé Mara' a bheidh ar siúl le linn imeachtaí Rás Aigéin Volvo ar son an eagraíochta, Clann Shíomóin, Gaillimh.

Iarracht le borradh a chur faoi thionscail na mbradán in Iarthar Chonamara

Máirtín Ó Catháin

TUIGTEAR go bhfuil iarracht láidir ar bun faoi láthair, faoi stiúir Údarás na Gaeltachta, le borradh a chur faoi thionscail na feilméireachta bradán in iarthar Chonamara.

Is cosúil go bhfuil cúpla infheisteoir tagtha chun cinn agus suim acu gnó a bhunú.

Meastar go bhféadfaí 10,000 tonna bradán sa mbliain a thairgiú ar chóstaí thiar Chonamara bunaithe ar na ceadúnais atá i bhfeidhm. Ach níl na táillí bliantúla íoctha ar chuid mhaith de na ceadúnais mar nach raibh na comhlachtaí a bhí ann in acmhainn sin a dhéanamh.

Tá an cheist seo ina constaic le fada mar nach féidir aon obair fheilméireachta bradán a dhéanamh sna réimsí farraige atá i gceist nó go nglanfar na riaráistí ar na ceadúnais.

Meastar go bhféadfadh leathmhilliún euro de bhille a bheith i gceist.

Ba i gceantar Charna a cuireadh tús leis an bhfeilméireacht bradán in Éirinn i ndeireadh na 1970idí agus bhí an-dóchas as an tionscail san am sin.

Bhí Údarás na Gaeltachta fite fuaite ann agus ceapadh go mbeadh an fheilméireacht bradán ina crann taca do phobail cois cósta in iarthar na hÉireann.

Bhí daoine sna pobail sin a bhí cleachtaithe leis an bhfarraige agus ní raibh aon choimhthíos acu roimh láimhsiú agus próiseáil éisc. Ach tháinig conspóidí móra faoi chúrsaí timpeallachta chun cinn ina dhiaidh sin.

Sa mullach air sin, theagmhaigh galair do na bradán agus rinneadh slad orthu roinnt babhtaí. D’ísligh

an praghas ar na margaí chomh maith agus thit go leor comhlachtaí.

Bhí isliú tubaisteach ar an bhfostaíocht in Iorras Aitheach agus i gceantar na nOileán dá bharr seo uilig. Chaill na bancanna muinín i dtionscail na mbradán i gConamara. B’éigean d’Údarás na Gaeltacht socruithe práinne a dhéanamh cúpla geábh le roinnt blianta leis an tionscail a choinneáil beo ar chósta thiar Chonamara.

Bhíodh os cionn 170 duine ag obair i dtionscail na mbradán i bpobail Charna agus Chill Chiaráin scór blianta ó shin agus bhí na scórtha eile bainteach leis i gceantar na nOileán agus roinnt eile thimpeall na Ceathrún Rua. Níl ach tuairim scór duine fanta ag plé leis in Iorras Aitheach anois agus beagán i gceantar na nOileán.

Tuigtear anois go bhfuil Bord Iascaigh Mhara agus Údarás na Gaeltachta gaibhte doimhin go maith san iarracht le hathbheochan a dhéanamh ar an tionscail in iarthar Chonamara. Tá infheisteoirí ar an tairseach ach caithfidh siadsan a bheith sásta gur fiú a dhul an chuid eile den bhealach. Tá na ceisteanna seo á bplé anois.

Tuigtear go gcreideann Bord Iascaigh Mhara nach gcuirfeadh an fheilm mhór atá beartaithe i gCuan na Gaillimhe aon bhlas as don iarracht in iarthar Chonamara. Feictear dóibh go bhféadfadh comhoibriú a bheith ann.

Tá brú ar Údarás na Gaeltachta le fada de bharr a bhfuil de dhífhostaíocht i gceantair Ghaeltachta atá scoite amach ó chathracha agus ó bhailte móra agus tá iarthar Chonamara ar cheann de na samplaí is measa de sin.



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelisceal.ie



Baile Átha Cliath

Bréagór aimsithe i mbunscoil

TÁ pírit, nó bréagór, faighte ag an Roinn Oideachais i mbunscoil a tógadh in 2006 i gCaisleán Cnucha, Baile Átha Cliath.



Thángthas ar phírit i Scoil Naomh Pádraig, a tógadh in 2006.

Cothaíonn pírit fadhbanna má bhíonn sé mar chuid d’ábhar tógála i bhfoirgnimh toisc go méadaíonn sé nuair a éiríonn sé fliuch.

De réir comhairleoir áitiúil de chuid Fhine Gael, Kieran Dennison, lúbadh frámaí doirse, staighrí agus cláir sciorta i Scoil Naomh Pádraig de bharr na faidhbe agus thángthas ar scoilteanna ar fud an fhoirgnimh chomh maith.

“Tá sábháilteacht rithábachtach ach cosnóidh sé cúpla milliún euro é a chur ina cheart,” arsa Dennison. “Tá an-diomá go deo orm go gcaithfidh acmhainní gann a úsáid chun scoileanna a tógadh le déanaí a dhéanamh sábháilte.”

Chuir sé an milleán faoin bhfadhb ar “chaighdeán tógála míshlachtmhara” a bhí i bhfeidhm le blianta fada agus “drochrialú” a rinne comhrialtas Fhianna Fáil agus an Chomhaontais Ghlais.

“N’fheadar céard iad na foirgnimh shibhialta eile atá le teacht chun cinn amach anseo agus iad ionfhabhtaithe le pírit,” ar seisean.

Úsáideadh ábhar ó roinnt cairéal ina raibh pírit chun na mílte tithe a thógáil in oirthear Laighean le linn an Tíogair Cheiltigh.

Bhunaigh an tAire Comhshaoil, Phil Hogan, ‘Pyrite Panel’ le breathnú ar an bhfadhb agus meastar go mbeidh sé ag foilsiú tuairisce an mhí seo chugainn. CÓB.

Oíche Ghaelach i gCumann an Chloighthí

TÁ grúpa Gaeilgeoirí Chluain Dolcáin ag eagrú Oíche Ghaelach i gCumann an Chloighthí ar an Aoine bheag seo. Beidh an ócáid ar siúl i mbeár an chumainn, ar Bhóthar an Chlochair, ó 8.00in ar aghaidh agus beidh ceoltóirí traidisiúnta i láthair. Is é seo an dara himeacht atá eagraithe ag Gaeilgeoirí Chluain Dolcáin, i gcomhar le hÁras Chrónáin.

Feis na nGael

BEIDH Feis na nGael ar siúl ar an Aoine agus an Satharn seo, 22 agus 23 Meitheamh i mBaile Átha Cliath. Beidh na hamhránaithe, Maeve Mackinnon agus Alasdair MacIllebhain as Albain i láthair, in éineacht leis an bpíobaire, Liam Crouse. Beidh na ceoltóirí Éireannacha, Lorcán Mac Mathúna, Rónán Ó Riagáin agus Irene Ní Eochaidh ann freisin.

Cuirfidh Liam Crouse ‘Cuairt ar Chiorcal Comhrá’ ar siúl ar an Aoine ag tús sa siopa leabhar, Connolly Books ar Sráid Essex Thoir. Beidh seisiún ceoil agus amhránaíochta le lucht na hAlban ar siúl san Market Cafe i Margadh na Carraige Duibhe ag 7.30in an oíche sin. Tá costas €15 ar bhéile dhá chúrsa agus ceol. Is féidir d’fhion féin a thabhairt leat agus is gá áit a chuir in áirithe trí riomhphost@sheoladhchugblackrockmarketcafe@gmail.com nó trí ghlaoch ar 086 3151786.

Beidh neart ceardlanna ar siúl ar an Satharn i gClub Chonradh na Gaeilge ar Sráid Fhearchair. Beidh ceardlann rince ar an sean-nós le Rónán Ó Riagáin ar siúl ó 10rn go dtí 4.30in agus beidh costas €20 air sin. Beidh ciorcal comhrá i nGaidhlig na hAlban ar siúl ó 11rn go dtí 1in agus beidh costas €10 air. Cuirfear ceardlann amhránaíochta i nGaidhlig leis na hAlbanaigh ar siúl ó 2in go dtí 4.30in agus beidh costas €10 air.

LAIGHIN
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Cuirfear deireadh leis an bhféile le seisiún amhránaíochta, ceoil, rince agus spraoi as Éirinn agus Albain i gClub Chonradh na Gaeilge ó 9in ar an Satharn. Tá tuilleadh eolais faoin bhféile ar fáil ar www.feisnangael.com. KMG.

An Mhí Céilí Crosbhóthair in Ucht Uí Néill

BEIDH an 29ú Fíorchéilí Crosbhóthair Bliantúil ar siúl in Ucht Uí Néill, i gCo. na Mí ar an gCéadaoin 4 Iúil 2012. An chraobh áitiúil de Chairde Rince Céilí na hÉireann atá ag eagrú an chéilí seo. Tagann rincoirí ó cheann ceann na tíre chun páirt a ghlacadh san ócáid seo agus tagann go leor turasóirí chun an céilí a fheiceáil chomh maith. Banna Céilí Tara a bheidh ag seinm ar an oíche, tosóidh imeachtaí ar 9.00in, beidh saorchead isteach agus beidh tae agus araile ar díol san áit. Má bhíonn sé ag cur báistí, rachaidh an céilí ar aghaidh sa halla áitiúil.

AN IARMHÍ

Deireadh le cur le Briogáid an Iarthair



Deir an tAire Stáit sa Roinn Cosanta go laghdófaí líon na saighdiúraí i nDún Chostúim ó 1,050 go 1,000. Grianghraf: Photocall Ireland.

MAR chuid den athstruchtúrú ar an Arm, tá sé tugtha le fios ag an rialtas go gcuirfear deireadh le Briogáid an Iarthair, atá lonnaithe i mBaile Átha Luain. Beidh dhá bhriogáid ag an Arm as seo amach, Briogáid an Oirthir i mBaile Átha Cliath agus Briogáid an Deiscirt i gCorcaigh. Cháin polaiteoirí áitiúla an cinneadh ag rá gur buille don bhaile a bhí ann. Ag freagairt ceiste sa Dáil ó Robert Troy ó Fhianna Fáil an tseachtain seo caite, dúirt Aire Stáit na Ranna Cosanta, Paul Kehoe, go raibh “tuairimíocht dhiúltach” faoi thodhchaí Dhún Chostúim i mBaile Átha

Luain ag cothú imní sa cheantar. Cháin sé tuairimíochta go bhféadfaí 600 saighdiúir a bhogadh ón mbaile de bharr an athstruchtúraithe ach dúirt sé go laghdófaí líon na saighdiúirí sa bheairic ó 1,050 go 1,000. Dúirt an Teachta Troy go raibh “an-díomá” air faoi fhreagra an Aire. “Tá níos mó ná 1,400 saighdiúir ceangailte le Dún Chostúim i mBaile Átha Luain, nuair a chuirtear an fhoireann atá ag feidhmiú thar lear san áireamh, ach beidh teorann de 1,000 air sin de réir an Aire Stáit. “Bogfar ar a laghad 400

saighdiúir ó Bhaile Átha Luain, agus caillfidh an geilleagar áitiúil €20 milliún de bharr an chinnidh seo.” Dúirt sé gur cur i géill a bhí san athbhreithniú atá ar bun ag an rialtas ar na fórsaí cosanta. “Cén fáth go bhfuil an rialtas i gcoinne na hIarmhí? Dhún siad Dún Mhic Coluim sa Mhuileann gCearr agus atá siad ag íslíú stádaís Dhún Chostúim i mBaile Átha Luain,” ar seisean. Cháin Teachta Dála eile ó Longfort-An Iarmhí, James Bannon ó Fhine Gael, an cinneadh chomh maith. Dúirt sé gur drochlá a bhí ann do lár na tíre.

“Tá díomá orm go dtógfar Ceathrú Bhriogáid an Iarthair ón gceantar. Ní hé Baile Átha Cliath croílár tireolaíochta na tíre,” arsa sé. Dúirt sé go raibh sé thar am an rialtas deireadh a chur leis an dearcadh go bhfuil Baile Átha Cliath níos tábhachtaí ná an chuid eile den tír. Cháin sé Fianna Fáil chomh maith, áfach, ag rá gur dhún siad Dún Longfoirt agus go raibh sé beartaithe acu an Dún sa Mhuileann gCearr a dhúnadh chomh maith. D’éirigh Teachta Dála an Lucht Oibre, Willie Penrose, as an rialtas anuraidh nuair a dúnadh Dún Mhic Coluim sa Mhuileann gCearr. CÓB.

CILL DARA



Bhí ar an gcomhlacht Greyhound 5,000 burla dramhaíola bhardach a bhogadh ó dhá láthair i gCill Dara. GRI-ANGHRAF: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND.

Dramhaíl bogtha ó láithreacha neamhúdairithe

TÁ dramhaíl bharda bogtha ó dhá láthair neamhúdairithe i gCill Dara atá á bhfiosrú faoi láthair. Tá an t-iniúchadh ar bun ag Comhairle Contae Chill Dara agus ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le búrlaí dramhaíola a bhí á stóráil ag an gcomhlacht Greyhound gan ceadúnas. Dúirt an Chomhairle gur tháinig siad ar dhá láthair stórála nach raibh údairithe, ceann ag Coill an Dúin, an Urnaí agus ceann eile ag Baile Uí Chroidheáin, Maigh Nuad. Thángthas ar 3,000 burla dramhaíola ag Coill an Dúin agus 2,000 burla ag Baile Uí Chroidheáin

agus tá sé ráite ag an gComhairle gur ón bhfoinse céanna a tháinig siad araon. Dúirt an Chomhairle go bhfuil an dramhaíl, a tháinig ó Bhaile Átha Cliath, bogtha ón dá láthair anois. Dúirt siad freisin nach raibh siad ag cur as an áireamh go raibh níos mó láithreacha sa chontae a raibh dramhaíl á stóráil iontu gan ceadúnas. Bhronn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seirbhís bailiúcháin dramhaíola na Comhairle ar Greyhound i mí Eanáir seo caite. Bailíonn an comhlacht dramhaíl i limistéar Chomhairle Contae Bhaile Átha Claith Theas chomh maith. CÓB.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

'Lá Idirnáisiúnta an Cheoil' sa Daingean

MÁ tá aon bhlaise ceoil id' chorp, ní fearr áit a bheithfeá ná i Lab na Mainistreach sa Daingean, amárach an 21ú lá, 'Lá Idirnáisiúnta an Cheoil'.

Roimh lón beidh ceol breá clasaiceach ar siúla le béim ar Schubert. Ar a 4pm beidh snagcheol ar fáil agus ar a 7.30 pm beidh ceol agus amhráin thraidisiúnta le daoine mar Páidí 'Mhárthain', agus ógánaigh ó scoileanna an cheantair. Ina dhiaidh sin, beidh mór- sheisiún ceoil ann ina mbeidh daoine mar Muireann Nic Amhlaoibh páirteach. Tá saor chéad isteach.

Prátaí blasta!



"CAITHFIDH go bhfuil fírinne éigin ina ndeir siad siúd fé theocht na cruinne", arsa Páidí 'Mhárthain', an t-amhránaí, "mar tá an aimsir imithe sna cata fiaigh". Ach ní raibh sé ró-dhiúltach fés na scálaí gránna gaoithe a bhuail an tír le coicís, "mar nár ghoilleadar, ná an bháistigh chomh mór orainne agus a dhein i bhformhór na tíre".

In ainneoin gaoth agus báisteach, is léir go bhfuil na prátaí ag fás, mar beidh Comórtas idirpharóiste 'An Phráta', ar bun arís i mbliana. Comórtas é seo a tionscnaíodh anraidh. Bhí 71 iomaitheoir ann agus lean ardsport agus 'leibhéal,' an

CATHAIR CHORCAÍ

Bíodh Caifé Gaelach agat i gCafé Cois Laoi!

Katie McGreal

D'OSCAIL lucht Gael-Taca ar Phort Uí Shúilleabháin i gCathair Chorcaí an 'Café Cois Laoi' i bhfoirgneamh Ghael-Taca ar an Luan seo caite.

Is caifé dátheangach é seo ina mbeadh lucht Ghael-Taca ag súil go mbeidh daoine ag baint úsáide as cúpla focal.

"Ach ní chuirimid brú ar éinne," a deir Helena Ní Dheá, atá ag obair sa chaifé agus a chuir an plean gnó don chaifé le chéile mar chuid de mhodúil a bhí le déanamh aici san ollscoil.

Rinne sí an plean gnó cúpla mí ó shin agus thosaigh sí ag obair ar an gcaifé féin mí ó shin. Is í Ní Dheá an t-aon fhostóir sa chaifé faoi láthair ach fostófar duine eile le cabhrú léi i gceann tamaill.

Tá cistí milse, cistí cupa, ceapairí, fillteoga, scónaí, deochanna te agus fuara ar fáil sa chaifé a bheidh ar oscailt ó 9rn go dtí 6in gach lá seachas an Domhnach. Fáilte roimh chách.



Café Cois Laoi, caifé dátheangach nua a d'oscail Gael-Taca ar Phort Uí Shúilleabháin ar an Luan seo caite.

comórtas.

Is é mar bheidh i mbliana ná go mbeidh, mar a bhí anuraidh, comórtas don bpráta is fearr, [is blasta is dócha] ins gach paróiste agus ansan beidh an chraobh idir na buaiteoirí ins na paróistí i dtábhairne TP i mBaile na nGall.

Bíonn duine fé leith luaite le gach paróiste le cúrsaí a eagrú agus i mbliana tá leathnú beag mar go bhfuil An Daingean i gceist agus go mbeidh béim fé leith ar na scoileanna sa cheantar. Beidh a lá acu i scoil na Muirí ar an Aoine seo chugainn. Siad na heagraithe sna paróistí ná, i nDún Chaoin, Fionán Ó hÓgáin, Paróiste an Fheirtéaraigh, Máiréad Fheirtéar, i bparóiste Mhárthain, is í Berní Ní Ghairbhia an t-eagraí, Máire Ní Léime a bheidh i bparóiste an Daingin. I bparóiste na Cille Uachtarach, Breandán Ó Conchúir a bheidh ar na bioráin agus Aongus Ó Murchú, Cois Mara. is é Pádraig Ó hUallacháin atá i mbun eagair i bParóiste Mórdhach/Chill Chuáin agus Eric Prestige i BhFionn Trá. Tá súil againn go mbeidh rath an tséin orthu agus ná beidh aon phrátaí dubha acu. "Táthar ag súil," a deir an hÓgánach, "go mbeidh méadú ar an líon daoine ó ghach páirt ó anuraidh, "tosnú a bhí go maith," dar leis.

Fios ag Míolta Móra ar an aimsir!

BHAIN a raibh i láthair ar an Luan seo caite an-shásamh as an gcaint a thug Caoimhín Ó Flannghaile ón nDaingean, i Músaem Chorca Dhuibhne ar an mBuaitín, fé mhíolta


móra. Bhí baint nach beag ag Caoimhín le bunú láthair mara, nó 'Mara Beo' sa Daingean, mar a tugtar air go hoifigiúil. Tá an togra rathúil seo lonnaithe mar a raibh Ceardscoil an Daingin, gur dúnadh í sa bhliain 1985. Bhí cáil ar Mhaidhcí Ó Lúing ón nDaingean mar shaineolaí ar an ndúlra agus choimeád sé na húdaráis ar an eolas fé éisc, ainmhithe éanlaithe nó plandaí neamh-choitianta a sheoltaí isteach nó a fhásfadh sa cheantar. Ar bhás Mhaidhcí ghlac Caoimhín an dualgas leanúint leis an obair. Dar le Caoimhín go mbraitheann na míolta móra an dea-aimsir nó an drochaimsir ag teacht i bhfad roimh na saineolaithe daonna. Bhí baint ag an gComhairle Oidhreachta leis an ócáid.

Cumann Rothaíochta Chorca Dhuibhne

TÁ Cumann Rothaíochta Chorca Dhuibhne lán de lúcháir de thoradh an líon ball atá cláraithe sa chumann laistigh d'achar gearr. Le déanaí, bhí 180 duine páirteach i rás 'dúshláine' 110 Km a d'eagraíodar timpeall na leithinse.

"Is ar shon cairdis, sólais agus sláinte a bhímid ag rothaíocht," a dúirt urlabhraí "agus is ar an Satharn is gnáthaí a bhímid ag bóithreoireacht." Sa chás seo is ar shon carthanachta a bhíodar ag rothaíocht. D'éirigh leo breis agus €3,000 a chnuasach trí urraíochtaí, i bhfad chun cinn ar anuraidh.

'The House on an Irish Hillside'



BHÍ slua mór i láthair i dtábhairne Uí Mhurchú ar an mBuaitín ar an Aoine seo caite nuair a seoladh an leabhar, 'The House on an Irish Hillside', le Felicity Hayes-McCoy. Tá Felicity a saolaíodh i mBaile Átha Cliath ag cur fúithi lena fear céile Wilf Judd, i mBaile Uí Bhóithín, i bparóiste Mhárthain le tamall de bhlianta.

Sa leabhar fé na saol go dtí seo, cuireann Felicity síos ar a céad geabh mar mhac léinn ar scoláireacht Gaeilge Ollscoile go Corca Dhuibhne agus mar a thit sí i ngrá leis an dúthaigh. Bhí sí ag cur fúithi i dtig Uí Mhuirthile i gCill Chúile daoine a chuaigh i bhfeidhm go mór uirthi.

Bean is ea Felicity a thuill moladh as a haisteoireacht, a scríbhneoireacht chruthaitheach agus as scrípteanna

teilifise agus raidió le linn di a bheith ag cur fúithi i Londain Shasana ar feadh blianta. Tá céim sa Ghaolainn aici ó COAC agus is cainteoir cruinn Gaeilge í. Tar éis di an tigh i mBaile Uí Bhoithín a cheannach, tuigeadh di mar gur tigh bothántaíochta é, ar dtugtaí 'Tigh an Mháirtínigh', agus uaireanta, 'Tigh Neilí Mhuiris'. Ba bhean mhórchroíoch í Neilí agus a céile Pádraig 'Sheáin' Máirtín. Faid a mhaireadar, ba thig bothántaíochta é, seacht lá na seachtaine. Níor cheil Felicity agus a céile ar stair an tí, mar gur thionscnaigh siad bothántaíocht iad féin. Thugadar cuireadh do mhuintir an bhaile agus slíocht na ndaoine a thaithíodh an tigh, a theacht go dtí oícheanta comhrá, amhráin agus ceoil. Fear ceoil, ciúin geanúil is ea Wilf agus le linn a shaoil i Londain scríbh sé ceol do cheoldrámaí agus stiúraigh sé foirne ceoil. Ceann des na chéad rudaí a dhein sé ar theacht go Baile Uí Bhoithín ná consairtín a cheannach agus ba ghearr go raibh sé ag seint le ceoltóirí traidisiúnta an cheantair. Tá sé ar fheabhas, leis, i gcumadh dánta grinn.

Deir Felicity gur chuir sí aithne ar bhéaloideas agus a leanann é le linn di geábhanna a thabhairt ar mhuintir a hathar sa Ghaillimh, ina hóige. Cé go raibh a hathair ina ollamh le stair in Ollscoil na Gaillimhe ó 1958 go dtí 1975, bhí buanchónaí air i mBaile Átha Cliath. Fuair sé bás i gcathair na Gaillimhe sa bhliain 1975, in aois seasca sé bliain. Bhí sé pósta le Máiréad Ní Chonchúir, ó Inis Córthaidh agus bhí cúigear clainne orthu, triúr iníon agus beirt mhac.

Níl aon amhras ach go mbainfidh Corca Dhuibhne mar cheantar turasóireachta buntáiste mhór as an leabhar seo. Dar le Felicity go bhfuil na radharcanna dosháraithe, an suaimhneas agus an sólás a

MUMHAIN
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

bhaineann leis an dtigh agus an baile ina bhfuil siad ag cur fúthu agus an éagsúlacht dathanna a chaitheann an ghrian, fíortharraingteach. Cinnte beidh tóir ar leabhar Felicity, ní amháin i gCorca Dhuibhne, ach ar fuaid na cruinne, go mór mhór i Sasana. Is dócha ná féadfadh Fáilte Éireann pé gaisce fógraíochta a dhéanfaidís fé Chorca Dhuibhne, aon bhreith a bheith acu, ná aon dream eile ach oiread, ar an dtionchar dearfach a bheidh ag an leabhar seo ar chúrsaí turasóireachta in Iarthar Duibhneach. Ach an teachtaireacht is treise, is dócha, ná "cad iad," mar a deir sí, "na príomhachtaí i saol an duine agus conas is féidir a theacht ar shaol sásta suaimhneasach?" Is léir go bhfuil sí ann nó garr dó.

Is iad Hodder agus Stoughton na foilsitheoirí agus tá an leabhar ar díol ar €18.14.



John Colleary ó 'The Savage Eye', ar chlé, in éineacht le Fred Cook agus Carol Tobin agus iad ag iarraidh síob a fháil go dtí Contae Chiarraí faoi choinne an 'Kerry Comedy Festival 2012' a bheas ar siúl ón 29 Meitheamh go dtí 1 Iúil i gCill Airne, i dTrá Lí agus sa Daingean. Is féidir níos mó a fháil amach ar www.kerrycomedyfest.com [PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND]

ULAI DH
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Doire
Féile Charn
Tóchair

BEIDH Féile Charn Tóchair 2012 ar siúl i nDoire ar feadh coicise, ón Domhnach, 1 Iúil, go dtí an Domhnach, 15 Iúil.

Beidh neart imeachtaí éagsúla ar siúl le linn na féile.

Cuirfidh Paul McCooey siúlóid tre-

oraithe dátheangach ar siúl ar an 1 Iúil thart fá shliabh Charn Tóchair ag tosú ag 2in ag Ionad an Chairn ar Bhóthar Thír Chiana i Machaire Rátha.

Beidh Tóraíocht Taisce dátheangach ar siúl ar an Déardaoin, 5 Iúil, a thosóidh ag 7in in Ionad an Chairn agus beidh táille £10 in aghaidh an chairr air. Cuirfear sólaistí ar fáil ar fhilleadh chuig an Ionad.

Beidh Scoil Samhraidh Ghaeilge do dhaoine fásta ar siúl le linn na féile freisin, ón Luan, 9 Iúil go dtí an Chéadaoin, 11 Iúil. Cuirfear bunrang, meánrang agus ardrang ar siúl sna maidineacha agus beidh gníomhaíochtaí éagsúla, ar nós siúlóid sléibhte agus ealaín agus ceardaíocht ar siúl sna tráthnónta.

Beidh Rith an Chairn ar siúl ar Shliabh Charn Tóchair ar an Déardaoin, 12 Iúil. Is rith 3.2 míle atá ann, 464 méadar in airde agus tosóidh sé ag 11m agus beidh bearbaiciú ar siúl in Ionad an Chairn ina dhiaidh. Beidh áiseanna cithfholtha ar fáil do na reathaithe in áras CLG Roibeard Éiméid Sleacht Néill i ndiaidh an rása. Beidh siúlóid teaghlaigh ar siúl ag an am céanna, ag teacht le chéile ag 10.30m i gcarrchlós an chnoic.

Tá tuilleadh eolais faoin bhféile agus na himeachtaí eile a bheidh ar siúl ar fáil ó Choiste Forbartha Charn Tóchair ar 028 79549978 nó eolas@ancarn.org. KMG

Na Rosa
Glacadóir
ceaptha ar
chomhlacht
ar an Chlochán
Liath

CHEAP Danske Bank glacadóir ar chomhlacht réadmhaoine ar an gClochán Liath le déanaí. Bonith an comhlacht atá i gceist agus is iad na stiúrthóirí ná Susan Boner, Alison Smith agus Hugh Boner. Tá seoltaí acu uilig fán gClochán Liath. Níl aon duine acu ina stiúrthóir ar chomhlacht ar bith eile. Níor chomhdaigh an chomhlacht cuntais riamh.

Is é Fergus Lowe ó Sherry Fitzgerald Kennedy Lowe a ceapadh mar glacadóir.

Dúirt foinsí sa cheantar gur dheisigh Bonith teach, agus go ndearna siad jab an-slachtmhar. Faraor, tharla sin nuair a bhí an margadh na tithíochta ag teip agus ní raibh siad ábalta an teach a dhíol. De réir doiciméid san Oifig Um Clárú Cuideachtaí, ba i Meitheamh 2007 a thosaigh Bonith ag gníomhú agus thart ar an am sin a thosaigh an meath ar earnáil na réadmhaoine. AMC

Ard Mhacha
Comharthaí
Gaeilge ag an
mórchomhlacht

FUAIR an grúpa pobail, Cumann Pobail Dhroim Airg in Ard Mhacha aitheantas don Ghaeilge sa mhórchomhlacht aibhléise Power NI atá sna Sé Chontae, tríd an gcomórtas 'The Big Energy Saving Challenge' a d'eagraigh an comhlacht le déanaí.

Bhí an comhlacht ag iarraidh an phobail a spreagadh chun fuinneamh agus leictreachas a shábháil sna Sé Chontae leis an gcomórtas.

D'áitigh an Cumann ar Power NI comharthaí dátheangacha a chur in airde toisc go bhfuil roinnt mhaith páistí sa cheantar ag freastal ar an nGaelscolaíocht sa cheantar agus tá neart daoine fásta ag foghlaim Gaeilge ag ranganna agus d'éirigh lena iarratas.

Tá Cumann Pobail Dhroim Airg i measc sé ghrúpa eile atá san iomaíocht chun an comórtas a bhuachaint.

"Tá muid iontach sásta a bheith san iomaíocht sa scéim seo agus tá lúcháir orainn gur éist siad linn inár n-iarratas an Ghaeilge a chur san áireamh ar an gcomhartha nua," a dúirt Stiofán Mac Cléirigh, cathaoir-



Ceann de na comharthaí dátheangacha ón gcomhlacht aibhléise, Power NI atá le feiceáil i nDroim Airg in Ard Mhacha i ndiaidh obair an ghrúpa pobail, Cumann Pobail Dhroim Airg.

leach an Chumainn faoin gcomórtas. Fógrófar buaiteoirí ar chomórtais in Óstán Cathair Ard Mhacha ar an 25 Meitheamh. KMG

Tír Eoghain
'Gaeltacht Thír Eoghain'

BEIDH Gaeltacht Thír Eoghain i gCabhan an Chaorthainn (Pomeroy) sa chontae ón Luain 2ú go dtí an Aoine 6ú Iúil.

Beidh seo ar an tríú bliain as a chéile a mbeidh an dianchúrsa Gaeilge seo ann.

Beidh ranganna ag trí leibhéal ann agus is in Institiúid na Cean-nasaíochta Éireannaigh a bheidh an Ghaeltacht thar na cúig lá. Mairfidh cúrsaí ó 9.30 go dtí 3.30. Beidh ranganna foirmiúla ann ar maidin ach beidh na himeachtaí i ndiaidh am lóin níos neamhfoirmiúla. I measc na n-imeachtaí Gaeilge a bhéas ar shíúil ansin beidh filíocht, agus cearclann amhránaíochta.

Níl teorann ar bith ar líon na mac léinn. Bhí 85 ann an céad bliain agus thart ar 50 an bhliain seo caite. Tá lóistín ar fáil sa cheantar, idir iostas féinfhreastail agus leaba agus bricfeasta.

£50 (€62) a bheidh ar an gcúrsa cúig lá. Beidh caifé ar maidin, agus lón éadrom, mar chuid de sin. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach glaoch ar 028 (048 ón bPoblacht) 87757800 nó ríomhphost a chur chuig kathleen-burns@googlemail.com. AMC

RANN NA FEIRSTE

'Feda' Ó Dónaill ar liosta na loiceach cánach

Anton Mac Cába

TÁ Brian 'Feda' O'Donnell, fear gnó as Rann na Feirste, ar liosta na loiceach cánach a d'fhoilsigh na Coimisinéirí Ioncaim an seachtain seo caite.

Bhí €38,420 i gceist sa loiceadh seo ina raibh cáin ioncam; cuntas bréige nár chuntas cónaitheach é; achmhainní eischósta; agus táirge árachais i gceist.

Is é O'Donnell agus Bríd Ní Dhomhnaill, a bhfuil seoladh i Rann na Feirste aici chomh maith, an bheirt stiúrthóirí ar chomhlacht Bus Feda. Is leis an mbeirt stiúrthóirí na scaireanna sa chomhlacht agus 50% an duine acu. De réir na gcuntas is déanaí a comhdaíodh, rinne an chomhlacht brabach €20,634 sa bhliain 2010.

Cuireann Bus Feda seirbhís rialta laethúil ar fáil idir iarthar Dhún na nGall agus Gaillimh.



Cuireann an comhlacht, leis, seirbhís rialta ar fáil idir an ceantar sin agus Glaschú.



An galfaire Graeme McDowell, as Port Rois, Co. Aontroma ó dhúchais, in éineacht le Darragh Curtis, 2 ½ bhliain d'aois, atá ina othair in Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn, Baile Átha Cliath. Thug McDowell cuairt ar an ospidéal chun €200,000 a bhronnadh ar an Aonad Cairdiach mar chuid den fheachtas 'Fix Crumlin' [PIC : MARK STEDMAN / PHOTOCALL IRELAND]

DOIRE CHOLM CILLE

Fáilte curtha ag an DUP roimh 'Londonderry'

Colm Ó Broin

TÁ fáilte curtha comhairleoirí áitiúla ón DUP agus an UUP roimh ráiteas a rinne an tAire Dlí agus Cirt sa Dáil inar bhain sé úsáid as an ainm 'Londonderry.'

Ag caint dó faoi athnu-achan ar dhlíthe frithsceimhlitheoireachta, rinne Alan Shatter cur síos ar ionsaithe foréigiúnacha a tharla sa Tuaisceart le tamall anuas, ina measc, "two pipe bombs set off in Londonderry on 19 January 2012."

Chuir Comhairleoir Cathrach an DUP, Gary Middleton, fáilte roimh an ráiteas.

"Tá sé go hiontach go bhfuil aire Éireannach sásta úsáid a bhaint na hainmneacha éagsúla atá ag daoine don chathair.

"Cuirim fáilte roimh an aitheantas atá á léiriú ag an Aire go bhfuil, i ndeireadh na dála, pobal anseo a bhaineann úsáid as an ainm oifigiúil don chathair."

Chuir an Comhairleoir Mary Hamilton ón UUP fáilte roimh ráiteas an Aire chomh maith. "Is é Londonderry ainm oifigiúil na cathrach agus níor cheart go mbeadh



fadhb ag éinne leis toisc go dtugann sé aitheantas don dá phobal óir tá 'London' agus 'Derry' ann," ar sise.

Dúirt iarMhéara na cathrach, Colum Eastwood ón SDLP, go raibh 'iontas' air

gur úsáid an tAire Shatter 'Londonderry'.

"Ní chuireann sé isteach orm má úsáideann duine 'Londonderry' fad is nach gcuireann siad bac ormsa 'Derry' a rá," ar seisean.

"Ach is rud eile é nuair a úsáideann Aire Éireannach an téarma gan aon tagairt a dhéanamh do 'Derry' ag an am céanna, bheinn ag iarraidh a fháil amach an bhfuil polasaí nua ag an rialtas 'Lon-

donderry' a úsáid as seo amach."

Cháin Jonathan O'Brien ó Shinn Féin ráiteas an Aire Shatter le linn na díospóireachta Dála ag rá go raibh díomá air faoin ráiteas

agus nach raibh sé cuí go mbainfeadh Aire úsáid as an ainm.

Dúirt an tAire go mbaineann sé úsáid as an dá ainm don chathair toisc go n-úsáideann an dá phobal ó thuaidh ainmneacha éagsúla. Dúirt sé gur úsáid sé 'Derry' níos minice de bharr na spéise atá aige i gcúrsaí sacair agus gur bhreá leis dá mbeadh foireann sacair amháin ag 'oileán na hÉireann' amach anseo.

D'athraigh comhairle chathrach Dhoire ainm an údaráis ó 'Londonderry City Council' go 'Derry City Council' in 1984 ach dhiúltaigh an Ardchúirt i mBéal Feirste ainm oifigiúil na cathrach a athrú go 'Derry' in 2006.

Ní féidir ainm na cathrach a athrú gan cead ó Her Majesty's Most Honourable Privy Council, nó an Privy Council mar is fearr aithne air. Tá polaiteoirí sinsearach ó Theach na dTeachtaí agus ó Theach na dTiarnaí sa Ríocht Aontaithe ar an gcomhairle agus is é leas-Phríomh-aAire na Breataine, Nick Clegg, uachtarán na comhairle. I measc na nithe a rialaíonn siad ná cairteanna ríoga a bhronntar ar chathracha.

BEATHA

Cén fáth nach bhfuil ag éirí go maith leo?

Katie McGreal ar Shaol agus ar Fhadhbanna Thithe Tábhairne na Tíre seo

Tá díolachán agus brabús na dtithe tábhairne tar éis íslíú le roinnt blianta anuas. Deirtear go bhfuil an locht ar an gcosc ar chaitheamh tobac taobh istigh agus ar na dlíthe a bhaineann le tiomaint faoi thionchar an óil.

Ach céard faoi thithe tábhairne atá i lár na gcathracha, na háiteanna a bhfuil an-chuid iompair phoiblí timpeall orthu agus a bhfuil áiteanna deasa taobh amuigh de dhaoine atá ag iarraidh tobac caitheamh?

Cén fáth nach bhfuil ag éirí go maith leo sin?

“Níor chuir an cosc ar chaitheamh tobac isteach mórán orainne,” a dúirt Michael Kilmartin, ó Barry’s of Douglas i gCorcaigh agus ní dóigh leis gur chuir na dlíthe mar gheall ar thiomaint faoi thionchar an óil isteach air ach an oiread, “de bharr an chórais iompar phoiblí agus na dtacsaithe atá timpeall orainn.”

Chuir an cúlú eacnamaíochta isteach ar obair Mhichael den chéad uair in 2008. Bhí íslíú ar na méid custaiméirí a bhí aige ag an am sin ach d’ardaigh sé arís nuair a d’éirigh daoine níos cleachtaí ar an íslíú pá agus ar an ngearradh siar. Síleann Michael go bhfuil daoine ag ól i mbealach difriúil sna tithe tábhairne anois.

Deir Peggy Vather, oibrí in Doyles i gCathair Bhaile Átha Cliath, gur chuir an cosc ar thobac a chaitheamh isteach orthu toisc nach bhfuil aon spás acu gur féidir le daoine tobac a chaitheamh seachas ar an tsráid. Ach, níor chuir na dlíthe mar gheall ar thiomaint faoi thionchar an óil isteach uirthi de bharr an chórais iompair phoiblí atá sa cheantar.

Deir an bheirt acu gurb iad na siopaí an fhadhb is mó atá acu. Is féidir leo sin alcól a dhíol ag praghas níos ísle ná an bunphraghas sa teach tábhairne agus dá bharr sin, ólann níos mó daoine sa bhaile.

Is féidir canna Bulmers a cheannach i Lidl ar €1.99 agus tá an méid céanna sa channa sin agus atá i bpionta a fhaigheann tú ar idir €4 agus €5 i dteach tábhairne. Is féidir buidéal fíona a fháil in Dunnes ar €8.94, nó níos lú, agus gheobhaidh tú 4 nó 5 gloine an, ach cosnaíonn gloine amháin fíona i dteach tábhairne thart ar €4 nó €5. Is féidir 20 buidéal Budweiser a fháil i Lidl ar €15 ach cosnaíonn ceann amháin i dteach tábhairne thart ar €4 nó €5. Tá na figiúirí mar an gcéanna i ngach uile sórt alcóil. Cosnaíonn canna Guinness €1.99 i Lidl ach cosnóidh pionta thart ar €3 nó €4 sa teach tábhairne.



Chuir Barack Obama an teach tábhairne, Ollie Hayes, ar an léarscáil, ach an gcoinneoidh sé sin custaiméirí an tí nó an mbeidh ar úinéirí an tí tuilleadh oibre a dhéanamh le dul i ngleic leis an sochaí?



An bhfuil deireadh le theacht ar thithe tábhairne den chineál seo?

Deir cathaoirleach Ghrúpa Thionscal na nDeochanna, Éire (DIGI), Kieran Tobin, gur thosaigh an laghdú ar líon na gcustaiméirí i dtithe tábhairne na tíre in 2008.

De réir thuairisc bhliantúil 2010 Chónaidhm Lucht Deochanna Alcóil na hÉireann (ABFI), thit díolacháin na tithe tábhairne 10% an bhliain sin agus dhíoladar 77% da gcuid fíona i siopaí eisceadúnais (off licence) an bhliain chéanna. De réir na tuairisce iomláin, níor tháinig aon fheabhas ar chúrsaí do lucht tithe tábhairne an bhliain sin.

Thit díolachán alcóil sa chéad cheathrú de 2011 de réir an ABFI.

“Ólann daoine ag ócáidí speisialta amháin anois,” a deir Peggy, “roimh an gcúlú eacnamaíochta, chuaigh daoine go dtí an pub i ndiaidh oibre ach anois, téann siad le haghaidh ócáide éigin,

imeachta spóirt nó breithlá éigin.”

Ciallaíonn sé sin nach bhfuil daoine ag ól an oiread céanna agus a d’ólaidís cheana.

Rinne an IBA tuairisc in 2010 dar teideal, ‘Irish Beer Market’ a léirigh gur ardaigh díolachán alcóil sna siopaí 4.5% an bhliain sin agus gur thit díolachán sna tithe tábhairne an méid céanna.

“Léiríonn an tuairisc go bhfuil an meath in earnáil na dtithe tábhairne ag leanúint ar aghaidh,” a deir Stephen Lynam, an Feidhmeannach Sinsearach san IBA. “Bhí a fhios againn cheana gur chaill siad (tithe tábhairne) an ceathrú cuid dá gcustaiméirí. Ag an am céanna, thugamar faoi deara go raibh ardú tagtha ar dhíolachán beorach sna siopaí eisceadúnais (off-licences) agus sna hollmhargaí.”



Níor chuir an cosc ar chaitheamh tobac isteach ar chustaiméirí Doyles, dar leis an oibrí, Peggy Vather.



Cén fáth go bhfuil deacrachtaí ag na tithe tábhairne ar nós, Lanigan’s Plough i lár Cathair Bhaile Átha Cliath?

Léiríonn tuairisc ó Grúpa Thionscal na nDeochanna, Éire (DIGI), gur thit díolacháin alcóil i dtithe tábhairne 7.2% in 2011. Ag an am céanna, tháinig ardú den mheid céanna ar dhíolachán alcóil in ollmhargaí agus i siopaí eisceadúnais. De réir na bhfigiúirí ó mhí Aibreán 2012, díoltar beagnach 60% de na deochanna alcóil in Éirinn in ollmhargaí agus i siopaí eisceadúnais.

Deir saineolaí na tithe tábhairne, John Keating, a rugadh agus a tógadh i dtionscal na dtithe tábhairne agus ar d’oibrigh mar bhainisteoir agus mar úinéir in Searsons, The Church Bar agus roinnt tithe tábhairne eile timpeall Baile Átha Cliath, “Tá ar thithe tábhairne athrú in éineacht leis an sochaí.”

Faoi láthair, tá an tsochaí ag fulaingt

de bharr easpa airgid agus an chúlú eacnamaíochta agus murar féidir le húnéirí agus le bainisteoirí na dtithe tábhairne athruithe a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis an sochaí nua seo, ní bheidh na tithe tábhairne chomh tábhachtach dúinn a thuilleadh.

Tá níos lú airgid ag gach duine faoi láthair. Caithfidh praghsanna dul i ngleic leis an íslíú airgid sin, praghsanna sna tithe tábhairne san áireamh. Más féidir liom buidéal Pinot Grigio a cheannach i Lidl ar €5.99, ceannóidh mé é sin seachas an praghas céanna a chaitheamh ar ghloine amháin i dteach tábhairne.

Múna rachaidh na praghsanna síos an nglacaimid leis an gcaife chun bualadh le cairde - cosúil lenár gcol ceathair ar mhórthír na hEorpa - in ionad an tí tábhairne?

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

Bosca 106 ag athrú!



Diarmuid Ó Mathúna

TÁ lucht Raidió na Life 106.4fm i mBaile Átha Cliath ag bogadh an chláir, Bosca 106, ó 8in ar an Aoine go dtí 6in ar an gCéadaoin ó inniu ar aghaidh.

Pléann láithreoir an chláir, Diarmuid Ó Mathúna gach rud ó chúrsaí ceoil, teilifíse agus scannáin go dtí cúrsaí spóirt, reatha agus litríochta lena gcuid aionna le linn an chláir irise seo.

Bíonn an comórtas ‘Béarla ar Bith’ ar siúl go rialta freisin agus beidh sé ar siúl inniu. Bíonn ar na hiomaitheoirí labhairt ar feadh 30 soicind beo ar an aer ar thopaic faoi leith, gan oiread agus focal amháin Béarla a úsáid.

Cuirfear tús le cúpla rud nua le linn an chláir freisin, leis an am nua seo. Rachaidh Diarmuid in iomaíocht le

láithreoirí Raidió na Life eile i gcomhair comórtais nua agus pléifear ceolchoirmeacha laethúil le linn an chláir freisin.

“Táimid ag siúl le níos mó éisteacht a fháil ag an am nua,” a deir léiritheoir an chláir, Lisa Madden.

Is féidir dul i dteagmháil leis an gclár ar a leathanach Facebook, ar Twitter nó tríd an ríomhphost ag clár-bosca@gmail.com.

Is stáisiún raidió pobail sainspéise é Raidió na Life a bunaíodh le seirbhís raidió pobal a sholáthar do phobal na Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird ar bhonn neamhbhrabúsach. Is féidir éisteacht leis an stáisiún ar líne, taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath ar www.raidionalife.ie.

Príomhscannán á thaifead i gCill Mhantáin agus i gCiarraí

TÁ an comhléiriú Éireannach / Gearmánach ar an bpríomhscannán, ‘Run and Jump’, á thaifead i gCill Mhantáin faoi láthair agus rachaidh siad go Ciarraí ina dhiaidh.

Thosaigh an taifead ar an Luan, 11 Meitheamh agus beidh sé ar siúl ar feadh 5 seachtainí.

Scannán grinn, drámatúil atá ann, faoi bhean atá ag iarraidh dul i ngleic le stróc a fear céile. Bíonn sí cairdiúil go leor leis an taighdeoir Meiriceánach, Ted, atá ansin le staidéar a dhéanamh ar chás a céile..

Páirteach sa scannán seo, tá na haisteoirí Éireannacha, Edward MacLiam ó na sobaldrámaí, Eastenders agus Holby City agus Sharon Horgan ó Death of a Superhero mar aon leis an Sasanach, Maxine Peake, agus an Meiriceánach, Will Forte.

Is í Steph Green atá ina stiúrthóir ar an scannán agus scríobh an t-údar Éireannach, Ailbhe Keogan an script.

Léireoidh an comhlacht Samson Films as Baile Átha Cliath an scannán seo i gcomhar leis an gcomhlacht Gearmánach, Bavaria Films.

Fuairadar maoiniú don scannán ó Bhord Scannán na hÉireann, ó Údarás Craolacháin na hÉireann, ó Eurimages, an ciste tacaíochta léir-



Edward MacLiam

iúcháin ó Chomhairle na hEorpa chomh, maith le neart infheisteacht Gearmánacha.

‘Grabbers’ a osclóidh Féile Scannán na Gaillimhe

OSCLÓIDH an príomhscannán Éireannach, ‘Grabbers’, Féile Scannán na Gaillimhe 2012 a bheidh ar siúl ón 10 Iúil go dtí an 15 Iúil, a d’fhógair lucht an scannáin an tseachtain seo caite.

Scannán faoi ollphéistean-na é seo ina bhfuil na Gardaí ag iarraidh muintir an bhaile a shábháil ó oirc mhóra atá ag déanamh ionsaí ar an mbaile.

Is é Jon Wright as Béal Feirste a stiúraigh an scannán agus is é an scannánóir, Kevin Lehane a scríobh é agus beidh na haisteoirí Éireannacha, Ruth Bradley ó ‘Love/Hate’ agus Bronagh Gallagher ó ‘Albert Nobbs’ páirteach ann.

Beidh ‘Grabbers’ le feiceáil i bhFéile Scannán Idirnáisiúnta Dhún Éideann freisin.


Beidh an scannán ar siúl san Town Hall Theatre i gCathair na Gaillimhe ag 7.30in ar an 10 Iúil. Tá ticéad ar fáil ar €20 an ceann ón Amharclann ach glaoch ar 091 569777.

Féach ar :

RTÉ a hAon: London Calling
Breathnóidh an tsraith seo ar bhuaiceanna agus íosphointí lúthchleasaithe na hÉireann agus iad ag iarraidh áit a fháil sna Cluichí Oilimpeacha 2012 i Londain an samhradh seo. Cloisimid faoi Kenneth Egan agus Catherine Walsh an tseachtain seo. Dé Máirt @ 10.35in.

3e: Blood, Sweat And Luxuries: Coffee
Athraíonn seisear daoine óg ón saol compordach atá acu go dtí saol simplí i mbailte beaga san Afraic agus san Áis. Tá cónaí orthu i mbotháin láibe agus oibríonn siad in éineacht le daoine i mianaigh agus i monarchana déantúsaíochta. Dé Luain @ 10rn.

TG4: Rad: The Groms Tour America
Rachaidh Christian Stevenson ar thuras go dtí na stáit, Colorado, Utah, Idaho agus Oregon in éineacht le grúpa scátálaithe (skateboarders). Tosófar i nDenver, áit ina bhfuil an pháirc scátála is mó ar domhan lonnaithe. Dé Domhnaigh @ 2.40in.



Catherine Walsh

Éist le :

UCC 98.3fm: Clár Ghael-Taca
Pléitear cúrsaí spóirt, ceoil agus nuachta le linn an chláir nua Gaeilge seo agus bíonn agallaimh acu le daoine éagsúla. Gach Déardaoin @ 4in.

RTÉ Raidió a haon: Drama on One: The Galway Girl
Cloisimid ‘A Galway Girl’, scéal Maisie agus Dermot a phós in 1950 agus a bhfuil neart rudaí éagsúla curtha díobh acu le chéile. Scríobh Geraldine Aron an scéal agus is iad Clare Barrett agus Joe Hanley na haisteoirí. Dé Domhnaigh @ 8in.



Bóthar na Trá i nGaillimh.



Proinsias Mac Aonghusa

RTÉ Raidió na Gaeltachta: An Chraobh ar an bhFál
Sa chlár deireanach den tsraith seo, a chuirfidh Máirín Nic Con Iomaire i láthair, pléifear an t-iriseoir, an fear polaitíochta, an taidhleoir, an fear cúise agus an scríbhneoir, Proinsias Mac Aonghusa. Dé Domhnaigh @ 1.15in.



Raidió Uirbeach Gaeilge
106.4FM
RAIDIÓ NA LIFE
Cuisle na Cathrach
do Bhaile Átha Cliath!

Stáisiún Gaeilge Átha Cliath

Sceideal, Podchraoltaí & Beoshruith ar

www.raidionalife.ie



Taifeadadh & Léiriú
Fuaime
Tel: 01-6616333

Le cabhair ó:



Foras na Gaeilge

NUACHT Litríochta



'Twisted Truths: Stories from the Irish'

'Twisted Truths: Stories from the Irish'
Roghnaith ag Brian Ó Conchubhair
€18, Cludach bog, 263 lch
Cló Iar-Chonnacht

Léirmheas le
Meadhbh Ní Eadhra

TUGANN an cnuasach seo cuid den scríbhneoireacht Ghaeilge is fearr agus is nuálaí le triocha bliain le chéile faoi chlúdach amháin. Aistriúcháin go Béarla ar rogha gearrscéalta ón Gaeilge atá ann a thugann blaiseadh d'éagsúlacht na scríbhneoireachta comhaimseartha Gaeilge don léitheoir. Cuireann an réamhrá leis an scríbhneoir buacach, Colm Tóibín, tús leis an mbailiúchán agus leagann sé síos comhthéacs don scríbhneoireacht seo don léitheoir.

Is é Brian Ó Conchubhair, Ollamh Cúnta i Roinn Theanga & Litríocht na Gaeilge in Ollscoil Notre Dame, a roghnaigh na scéalta agus cuireann sé comhthéacs leo sa réamhrá atá scríofa aige don chnuasach.

Tá an leabhar foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht faoi chlúdach bog agus tá costas €18 air.

Sainrogha chúramach ar dhá scéal fhichead agus iad

scríofa ag triúr údar déag atá sa chnuasach seo. Tá iliomad éagsúlachtaí idir na scéalta seo, cuid acu greannmhar, cuid eile acu imeallach, ach léiríonn siad uile ficsean léargasach. Is é seo an chéad chnuasach a thugann léiriú iomlánach ar an réimse nuálaíochta atá le fáil i scríbhneoireacht chomhaimseartha na hÉireann.

Tá cuma snasta, spéisiúil ar an leabhar féin agus is léir gur foilseachán d'ardchaighdeán atá ann.

Ar na scríbhneoirí sa chnuasach seo, tá Micheál Ó Conghaile, Angela Bourke, Deirdre Brennan, Fionntán de Brún, Séamas Mac Annaidh, Seán Mac Mathúna, Eilís Ní Dhuibhne, Dara Ó Conaola, Daithí Ó Muirí, Micheál Ó Ruairc, Gabriel Rosenstock, Daithí Sproule agus Alan Titley. Seans go dtarraingeoidh an cnuasach seo aird ar chuid de


scríbhneoirí agus scríbhneoireacht na Gaeilge, go háirithe i measc daoine gan Gaeilge, nó gan cumas léitheoireachta sa teanga. Tá sé aisteach a bheith ag léamh leaganacha Béarla de na scéalta seo, go háirithe má tá siad léite agat cheana féin i nGaeilge.

Éiríonn go maith leis na húdair i dtaobh an aistriúcháin de, agus thug mé faoi deara gur aistrigh anchuid de na húdair a gcuid scéalta féin. Tá cúpla scéal eile aistrithe ag daoine ar nós Gabriel Rosenstock, Micheál Ó hAodha agus Katherine Duffy, agus braithim gur cnuasach gearrscéalta d'ardchaighdeán atá anseo, a chuirfidh cuid de ghearrscéalta na Gaeilge ar fáil do mhargadh i bhfad níos leithne ná an gnáthcheann, mar gur i mBéarla atá siad sa chás seo. Ag an am céanna, thóg sé tamall orm dul i dtaithí ar a bheith ag léamh scéalta Béarla le leithéidí Alan Titley, mar go gceanglaím an Ghaeilge leis an scríbhneoir sin i gcónaí agus mar go bhfuil a fhéiniúlacht fite fuaite leis an teanga. Tá sé deas, mar sin, na scríbhneoirí seo agus a gcuid saothair, a fheiceáil i gcomhthéacs nua, comhthéacs níos leithne b'fhéidir, agus ceann a thabharfaidh deis do thuilleadh daoine sult a bhaint as a gcuid

scríbhneoireachta.

Mar a deir Brian Ó Conchubhair ag tús an leabhair, tá an fhuinneamh agus an tsamhlaíocht a bhaineann le scéalta béaloidis le sonrú sna scéalta seo go léir, cé go bhfuil formhór acu suite i suíomhanna comhaimseartha. Tá cosúlachtaí ann, gan amhras, idir cuid de na scéalta seo agus na seanscéalta béaloidis, ó thaobh stíle de agus ó thaobh ábhair de chomh maith.

Tá cuma snasta, spéisiúil ar an leabhar féin agus is léir gur foilseachán d'ardchaighdeán atá ann. Má tá sé de nós agat gearrscéalta a léamh, nó fiú mura bhfuil. is cinnte gur fiú tabhairt faoin leabhar seo. Coinneoidh na scéalta d'aird agus an buntáiste a bhaineann leis an leabhar ná gur féidir leat na scéalta a léamh in ord ar bith is mian leat féin, agus is féidir teacht ar ais chuig na scéalta i do chuid ama féin. Tá locht amháin agam ar an leabhar agus sin an costas de €18. Sílim féin go bhfuil sin ró-ard d'an-chuid daoine na laethanta seo, ach má tá tú sásta an t-airgead a chaitheamh, ar aghaidh leat agus bain tairbhe as an gcnuasach. Nó, ar ndóigh, faigh ar iasacht ó chara leat é. An rud is tábhachtaí ná go léitear na scéalta!



Gradam IMPAC buaite ag Jon McGregor

TÁ sé fógartha gur bhuaigh 'Even the Dogs', leis an údar Jon McGregor, gradam Líteartha Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath, IMPAC, agus an duaischiste de €100,000 a ghabhann leis. Bhí 146 saothar eile in iomaíocht don duais, agus iad ainmnithe ag 162 leabharlann poiblí ó 45 thír éagsúla.

Cé gur i mBeirmiúda a rugadh McGregor, d'fhás sé aníos i Sasana. Tá dhá úrscéal eile foilsithe aige agus tá cáil orthu sin chomh maith.

Tá 'Even the Dogs' bunaithe ar an saol atá ag grúpa andúileach gan dídean, agus iad ag maireachtáil ó lá go lá, ag lorg foscaidh, alcóil nó drugaí. D'ainmnigh leabharlann sa Rúis an saothar seo chun dul in iomaíocht don duais.

Is iad leabharlanna



Jon McGregor

cathrach Bhaile Átha Cliath a eagraíonn an gradam seo, ar son Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus tugann IMPAC urraíocht don


duais. Is é McGregor an tríú údar Briotanach a bhuaigh an duais seo. Bhuaigh Andrew Miller agus Nicola Barker é in 1999 agus 2000.

Duais Walter Scott buaite ag Sebastian Barry

FÓGRAÍODH ag an deireadh seachtaine gur bhuaigh an scríbhneoir Éireannach, Sebastian Barry, duais Walter Scott dá úrscéal stairiúil, 'On Canaan's Side'. Tá an duais seo ar an gceann is mó ar domhan d'fhicsean stairiúil, agus bronnadh £25,000 ar an údar as an gradam a bhuachan.

Cuireadh tús leis an duais seo trí bliana ó shin agus tá sé ar cheann de na cúig dhuais liteartha is luachmháire sa Bhreatain. Caithfidh na leabhar a chuireann isteach ar an duais seo a bheith bunaithe i dtréimhse stairiúil, ar a laghad seasca bliain ó shin. Is ábhar spéise é, mar sin, gur sna 1990í atá an t-úrscéal seo bunaithe.

Ina ainneoin sin, deir na breithimh go bhfuil formhór den scéal féin suite sa chéad leath den aois seo, mar go bhfuil Lilly Bere, bean Éireannach atá 89 bliain d'aois, ag insint an scéil agus ag breathnú siar ar an méid atá tarlaithe ina saol.



NUACHT Litríochta



‘Séadna’

Léirmheas le Ciarán Dunbar

“EAGRÁN nua de mhórchla-saic liteartha na Gaeilge,” a deir an clúdach ar an leabhar seo ó Cois Life, leagan nua de ‘Séadna’ leis an Athair Pádraig Ó Laoghaire is ea é. Foilsíodh an leabhar den chéad uair in 1904.

Tá an leagan úr seo curtha ina eagar ag an Ollamh Liam Mac Mathúna, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Ainmníodh é ar ghearrliosta Ghradam Uí Shúilleabháin 2011.

Ba as Lios Carragáin é An tAthair Peadar Ó Laoghaire (1839-1920) i Múscraí in Iarthar Chorcaí.

“D’fhág sé a lorg go trom ar phrós na teanga nuair a d’éirigh leis a áitiú ar lucht próis na hathbheochana glacadh le “caint na ndaoine”, a deir sé faoi ar ainm.ie agus is mór an oidhreacht é sin gan amhras.


Mar aon leis an téacs iomlán, tá réamhrá cuimsitheach ann ar an saothar féin agus ar an stair a bhaineann leis.

Seasann an réamhrá seo mar shaothar ann féin, ábhar spéise a bheadh ann do dhaoine a bhfuil suim acu i stair na Gaeilge agus i stair na tréimhse seo, fiú dá mba rud é nár spreag an teacs féin mórán spéise sa duine céanna.

Tá closleabhar ar fáil chomh maith - rud atá an-fhiúntach i gcónaí i dteanga ar bith ach sa Ghaeilge go háirithe mar is foghlaimeoirí an chuid is mó againn agus tá foinsí foghlamtha dúchasacha de dhíth orainn i gcónaí.

Sa chás seo, tá an closleabhar á léamh i nGaolainn Mhúscraí amach is amach - canúint nach labhraítear chomh forleathan sin inniu, faraor - agus cuireann sé sin go mór lena luach.

Tá an leabhar á léamh ag Mairéad Uí Lionáird, cainteoir dúchais as Ghort na Scairte,



Baile Bhuirne.

Is léir gur cainteoir dúchais den scoth í Bean Uí Lionáird a bhfuil Gaolainn Mhúscraí go

láidir aici. Is cainteoir iontach soiléir í chomh maith, rud a chuireann le luach na dtaifeadán seo.

Caithfidh mé a rá, cé go mbím ag caint le cainteoirí dúchais Mhúscraí go minic, bíonn obair agam in amanna

gach rud a thuiscint - ach sin rud maith ar ndóigh, ní hé go bhfuil an Ghaeilge is fearr “rud beag dothuigthe” ach ba

shaibhir an Ghaeilge í agus ina dúshlán do mo chluasa Ultacha.

Beidh na dioscaí seo ina n-áis do fhoghlaimeoirí Gaeilge i gCúige Mumhan agus ar fud na cruinne do na glúnta atá amach romhainn.

Tá sé iontach i gcónaí nuair a bhíonn taifead ar fáil le leabhar ar bith i nGaeilge, go háirithe nuair is canúint leochaileach atá i gceist.

Caithfidh mé a rá áfach, dar liomsa, thiocfadh le caighdeán an taifeadáin féin a bheith beagán níos fearr.

Maidir le stíl an leabhair - mhothaigh mé go raibh sé deacair go leor é a léamh in amanna mar tá codanna de leagtha amach níos cosúla le drama ná le húrscéal.

Caithfidh mé a admháil go raibh sé ar mo dheasca le tamall, is minic a chuir mé tús lena léamh ach theip orm dul ar aghaidh.

Baineann an plota le socrú a dhéanann táilliúir darbh ainm Séadna leis ‘an bFhear Dubh’. Tá sé le tuiscint gurb é an Diabhal an Fear Dubh seo.

Bheadh sé doiligh dom úrscéal a thabhairt air. Mothaím gur tábhachtaí é mar fhoinsé Gaeilge ná mar litríocht.

Seans go bhfuil sé sin míchothrom? Seans gur orm féin atá an locht?

Mar sin de, ba mhaith liom fáilte a chur roimh léirmheas ar an leabhar seo ó thaobh na litríochta de - gabh i dteagmháil liom ag nuacht@gaelsceal.ie má tá spéis agat san obair sin.


Is cinnte go mbeidh mé ag éisteacht leis na taifeadáin agus mé ag iarraidh dul i dtaithí ar Ghaolainn Mhúscraí agus ar shaibhreas Gaeilge Pheadair Uí Laoghaire.

Ach b’fhéidir gurb é sin an fhadhb le litríocht scríofa i gcaint na ndaoine, go mbíonn go leor de chaint na ndaoine le fáil ann ach easpa litríochta?

Peadar Ua Laoghaire, Liam Mac Mathúna (eag.)
Séadna (clúdach bog)
Foilsithe: 2011
Leathanaigh: 334
€16.00 (bog)

Peadar Ua Laoghaire, Maighréad Uí Lionáird
(Léitheoir)
Séadna (closleabhar/audiobook)
Foilsithe: 2011
€24.00 (Pacáiste de 8 CD agus leabhrán eolais)

Crosfhocal 20.06.2012



NODA

TRASNA

- 2 Clúdaíonn sé caoraigh (5)
- 7 Airgead a íoctar as úsáid tí nó foirgnimh (4)
- 8 Cruith deartha amach le peann nó cailc (6)
- 9 Ag cur tús le tine, nó lampa a chur ar siúl (6)
- 11 Re, in éineacht (2)
- 13 Éisteacht faoin dlí? (5)
- 15 Fráma miotail éadrom a bhailiúnn' comharthaí teilifíse don bhaile (5)
- 18 Fad, limistéar, réimse (4)
- 19 Bior, talamh ag gobadh amach os cionn na farraige (4)
- 21 Glanann tú do chuid fiacra leis seo (4)
- 24 Cothú don chorp (3)
- 25 Deoch a óltar go rialta sa bhaile in Éirinn... ag Mrs Doyle, mar shampla (3)
- 26 Mianta olc a ghuí ar dhuine eile (5)
- 29 Iníon do dhearthár nó dheirfiúr (5)
- 30 Comhartha os cionn guta i dteanga scríofa (7)
- 32 Rud nach bhfuil cothrom nó féarailte (8)

SÍOS

- 1 Nuacht (5)
- 2 Fuaim íseal bróin (4)
- 3 Damhán __, cónaíonn sé nó sí i ngréasán (4)
- 4 Ábhar marfach má itheann nó ólann tú é (4)
- 5 Bealach, caoi (3)
- 6 Gaoth, mar shampla ag teach chugat ón iarthar (5)
- 10 Muirín (4)
- 12 Éan mór bán, a fhanann dílis dá chéile go deo, deirtear (4)
- 14 Cé chomh úr agus atá rudaí (4)
- 16 An rud is práinní, an __ is goire don scornach (3)
- 17 Aigne, barúil (6)
- 20 Sna flaithis, ar __ (5)
- 22 Tá 12 acu i dtroigh amháin (6)
- 23 An dara pearsa: tá mé ag trácht ortsa (2)
- 26 Tá ceithre cinn acu ar do lámh (agus ordóg) (4)
- 27 Costasach (4)
- 28 Taobh, aghaidh (3)
- 31 An, san uimhir iolra (2)

Crosfhocal

13.06.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Aodán Fullam

Achadh Úr,

Co. Chill Chainnigh



Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhan €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 25.06.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm

Seoladh

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie



An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin



Mise agus mo Kindle - an bronntanas is fearr a fuair mé riamh

Níl tada níos deise ná a bheith ag luí faoin ngrian, is cuma cén áit, agus tú báite i scéal, bíodh sé ina úrscéal, ina scéinséir nó ina leabhar dírb-heathaisnéise.


Chomh fada agus go bhfuil an leabhar fhéin go maith beidh muid breá sásta. Is maith liom leabhra.

Is maith liom go mór a bheith ag siúl timpeall siopaí leabhra ag breathnú tríd na rannóga éagsúla, ag déanamh cinnidh faoin leabhar atá mé ag dul a léamh agus ag baint sásaimh as an mboladh a bhíonn as an bpáipéar fiú.

Bhíodh mé ag babhtáil leabhra le daoine i gcónaí freisin sula bhfuair mé an Kindle ach anois tá an leabhar leictreonach seo tar éis saol na leabhra páipéir a chur in aer.

Bhí sé i bhfad go bhfuair mé ceann de na deiseanna sin, mar níor aontaigh mé leis, cé go raibh siad ag mo ghaolta agus ag roinnt mhaith de mo chuid cairde. Bhí siad ar fad á mholadh gó mór, ach cheap mé i gcónaí gur bhain sé maitheas éigin as a bheith ag léamh.

Ach caithfidh mé a admháil anois go raibh an ceart ar fad acu! Is é an Kindle an bronntanas is fearr a fuair mé riamh. Cheannaigh mo mhuintir ceann dhom do mo bhreithlá agus níor bhreathnaigh mé siar ó shin.



Ar an gcéad dul síos, tá os cionn milliún leabhar, nuachtán agus irisleabhar ar fáil don Kindle. Mar sin is cuma cén ceann a gheofas tú ní bheith tú gan ábhar maith le léamh agus má fhaigheann tú an fearas a bhfuil 3G agus Wi-Fi ann is féidir do rogha leabhar a íoslódáil taobh istigh de nóiméad.

Freisin, tá tú in ann idir míle ceithre chéad agus trí mhíle go leith leabhar a stóráil ar cheann de na huirlisí seo. Rud eile, níl an Kindle ar nós na dtáibléad eile a chaitear a luchtú tar éis cúpla uair an chloig oibre mar nach dteastaíonn é a luchtú ach uair sa mhí nó mar sin, ag

braith ar an méid úsáide a bhaintear as.

Agus ceann de na rudaí is deise liom fhéin faoin Kindle ná go bhfuil sé beag agus éadrom agus tá sé an-éasca é a chrochadh thart leat.

Tá aithne agam ar bhean a bhíodh ag léamh suas le deich leabhar agus í ar a cuid saoire coicise thar lear. Sheoladh sí a cuid leabhra sa bpost chuig an óstán ina mbeadh sí ag fanacht agus ag deireadh an tsaoire, sheoladh sí ar ais chuici fhéin iad sa mbaile. Ní dóigh liom go bhfuil an chraic sin ar bun aici níos mó mar fuair sise Kindle di féin freisin.

Ní chuireadh sé iontas ar bith orm dá mbeadh scoláirí a n-úsáid amach anseo freisin mar go bhfuil siad chomh praiticiúil sin. Tá sé foirfe do dhuine ar bith a bhíonn ag taisteal agus freisin tá foclóir ann, rud a mbainim fhéin an-úsáid as.

Mar gheall go bhfuil an Kindle chomh cosúil le leabhar, agus go deimhin sin an aidhm atá ag lucht a dhéanta, níl aon solas air le gur féidir é a léamh sa dorchadas ach ní fiú é a lochtadh faoi sin mar gur féidir solas beag a cheannach le nascadh leis.

Go deimhin, an t-aon locht i ndáiríre atá agam ar an Kindle ná an faitíos go gcuirfidh sé deireadh leis na siopaí leabhra agus na seilfeanna álainne leabhra atá bailithe ag daoine. Ach le chuide ré nua, cuirtear deireadh le ré eile.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9m go dtí 9m

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Pointí pionóis

Ceist: Conas a fáil amach an bhfuil aon phointí pionóis ar mo cheadúnas tiomána?

Freagra: Ní dhéantar pointí pionóis a thairgeadh ar do cheadúnas tiomána go físiúil. Tairgeadh iad ar thairgeadh do cheadúnais tiomána, atá á choimeád ag an gComhad Feithiclí Náisiúnta atá á oibriú ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Má rinne tú cion tiomána a dtabhaítear pointí pionóis di, gheobhaidh tú fógra scríofa ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) a insíonn duit gur cuireadh pointí pionóis le do cheadúnas tiomána.

Áireoidh an fógra seo d'ainm, seoladh, dáta, am agus áit an chion tiomána atá i gceist mar aon le dearbhú gur íoc tú an muirear seasta nó gur ciontaíodh thú sa chúirt i leith an chion sin. Áireofar leis an bhfógra an dáta a eisíodh duit an fógra chomh maith. Tá sé seo tábhachtach de bharr nach gcuirfeadh pointí le do cheadúnas ach 28 lá i ndiaidh an dáta seo.

Tá tréimhse saol trí bliana ag pointí pionóis. Ciallaíonn seo go bhfanfaidh siad ar do

cheadúnas reatha tiomána ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta tosaigh (dáta na héifeachtachta). Ní chuirfeadh aon tréimhse ina raibh do cheadúnas as dáta mar chuid de na 3 bliana. Má bhailiúnn tú 12 phointe agus má dhícháilítear thú ar feadh 6 mhí, bainfeadh na pointí a bhí ina n-údar leis an dícháilíu tar éis na 6 mhí.

Chun a fháil amach cé mhéid pointí pionóis atá ar thairgeadh do cheadúnais tiomána, déan teagmháil leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ag 1890 41 61 41 agus luaigh uimhir do cheadúnais tiomána.

Ina theannta sin, déantar an uile phointe pionóis a

chuirtear le do cheadúnas tiomána a thairgeadh ar chóras ríomhaire Pulse an Gharda Síochána ionas gurb eol do na Gardaí an méid pointí pionóis atá agat ar do cheadúnas tiomána.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Is ar Trapattoni atá an locht

Tuairim le Cillian Ó Conchúir

TRÍ cluiche, trí cailliúint, naoi gcúl aimsithe inár gcoinne agus muid ar an bhfoireann ba mheasa ag Euro 2012.

Filleann Giovanni Trapattoni agus conradh €2 milliúin, faighte aige roimh an gcomórtas, chun Éire a threorú i dtreo na Brasaíle i gceann dhá bhliain.

Níl aon freagracht glacadh aige as na torthaí, as na taispeántais ná as na cinntí atá déanta aige le coicís anuas.

Cé go bhfuil caint i measc na n-imreoirí sinsearach faoi éirí as, seans nach bhfuil sé sin tuillte ag leithéidí Shay Given, Richard Dunne, Robbie Keane, Damian Duff agus John O'Shea ón méid atá déanta acu dá dtír le 10 bliana anuas.

Ach, caithfear deireadh a chur leis an gcoincheap gur ionainn a bheith dílis d'imreoirí agus an post a tugadh do Trapattoni le déanamh. Ó tháinig Trapattoni, tá an dílseacht tar éis tabhairt le fíon don foireann go léir a thosaigh ar an Luan, nach bhfuil iomaíocht acu dá n-áit. Cé nach raibh mórán maitheasa déanta ag Aiden McGeady na ag Damian Duff i rith na



Céad chúl na hIodáile á scóráil i gcoinne Phoblacht na hÉireann oíche Dé Luain. Bhí Euro 2012 ina thubaiste d'fhoireann na hÉireann ó thús go deireadh. [PIC: DAVID MAHER / SPORTSFILE]

gcluichí i gcoinne na Cróite agus na Spáinne, lean Il Trap leo, in ainneoin go raibh Stephen Hunt agus James McClean ar an mbinse.

Tá sé mar dualgas ar Il Trap Éire a fhorbairt mar fhoireann.

Ní hionainn an fhoireann Éireanach a ghnóthaigh chomhscór i

gcoinne na Rúise sna babhtáí cáilithe agus an fhoireann ar tugadh léasadh di cluiche ar cluiche in Euro 2012, agus is ar Trapattoni atá an locht mar bhainisteoir.

Dúirt sé nach bhféadfadh sé peileadóirí ar nós Wes Hoolahan, Anthony Pilkington, Seamus Coleman, Ciaran Clarke ná James McCarthy, fiú, a imirt toisc go raibh sé tar éis imirt ar bhealach ar leith agus nach bheadh siad in ann dul i dtaithe le leagan amach na foirne. Más léiríú é Euro 2012 ar leagan amach an foirne, níl mórán le foghlaim acu. Tá an máistir tar éis dul i mbun scrúdaithe agus theip glan air.

Tá Denis O'Brien ag íoc leath den pá a thuilleann Trapattoni. Beidh air athsmaoineamh a dhéanamh air seo chomh maith. An í seo an cineáil foirne a bhfuil sé sásta airgead a chur isteach inti, ionas go ndéanfar iad a scríosadh ag craobhchomórtais.

Bhí uaisleacht ag baint leis an tslí gur tháinig bainisteoir na Sualainne amach tar éis dóibh cailliúint i gcoinne Sasana ag rá: "Má theastaíonn duine uaibh chun an fhreagracht a ghlacadh, mise an té sin. Má theastaíonn uaibh duine a chrochadh,

croch mise," a dúirt Eirik Hamren.

An meon a bhí ag Trapattoni tar éis d'Éire cliseadh i gcoinne na Spáinne ná go raibh na himreoirí eaglach. Níl sé tar éis freagracht a ghlacadh air féin as aon drochthaispeántas a thug foireann na hÉireann.

Anois, táimid ar aon leibhéal leis an Iúgslaiv (1984), an Danmhairg (2000) agus an Bhulgáir (2004) mar na foirne ba mheasa riamh i stair Chraobhchomórtais na hEorpa. Críochnaigh siad sin go léir le trí chailliúint agus le hocht cúl scóráilte ina gcoinne tar éis na dtí chluichí thosaigh.

Ní hé go bhfuilimid ag súil go mbeimid ina gCuraidh an Domhan faoi Trapattoni, ach ba mhaith linn ar a laghad, ár n-imreoirí is fearr a fheiceáil ag imirt cluiche i ndiaidh cluiche.

Tá buille crua faighte ag cáil il Trap. Ach an bhfuil sé chomh stalcach (stubborn) sin go bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh mar atá agus gan aird a thabhairt ar na himreoirí a d'fhéadfadh difríocht a dhéanamh.

Tá? Mar sin, má chuireann an FAI suas leis, ní bheidh ar lucht tacaíochta na hÉireann ticéid a chur in áirithe do Chorn an Domhain sa Bhrasail.

IOMÁINT

An féidir le BÁC an bua a fháil ar Chill Chainnigh?

Labhraíonn Cillian Ó Conchúir le Johnny McCaffrey, Baile Átha Cliath

MÁ tugann tú srachféachaint ar thorthaí Bhaile Átha Cliath sa tsraith, ní deas an léitheoireachta é (más duine de lucht tacaíochta Bhaile Átha Cliath thú). Bua amháin agus comhscór amháin tar éis seacht gcluiche a imirt agus iad dícháilithe go Roinn



Johnny McCaffrey, Baile Átha Cliath
[PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

a 1B den tsraith. Gan aon dímhéas a léiríú ar Laois, an céile comhraic a bhí acu sa babhta ceathrú ceannais de Craobh Laighean, b'iad na freasúra ab fhearr iad atá imeartha acu i mbliana. Theip glan orthu má díríonn daoine ar na torthaí sin. Ach an té nach bhfuil láidir, caithfidh sé a bheith glic. B'shin an plean a bhí ag Anthony Daly i mbliana agus súil chun cinn aige ar ccluiche leathcheannais na seachtaine seo. Dhein sé iarracht a mhalairt de threo a thógáil an bhliain seo caite. Rinne Baile Átha Cliath gach foireann a bhualadh nach mór agus iad ag díriú isteach ar an tsraith. Ach le teacht na craoibhe theip orthu i gcluiche ceannais Laighean, teip nach bhféadfaidís filladh uaidh go deireadh an tsamhradh. Murab ionainn agus Cill Chainnigh, tá cluiche craoibhe imeartha ag Baile Átha Cliath; bua cuim-sitheach, 3-23 i gcoinne

1-7, ar Laois. Ach mar a mhínigh Johnny McCaffrey do Ghaelscéal, tá an traenáil déanta ar slí gur féidir leo an buaicphointe aclaíochta a bhaint amach i dtreo dheireadh na craobhchomórtais.

"Cuireann tú an obair chrua thraenála isteach i mí Eanáir, Feabhra agus Márta agus imíonn sé sin ar leataobh faoi mar a imríonn tú níos mó iomána. Is ansin a fhaigheann tú an aclaíocht imeartha agus an ghéire imeartha chomh maith. Nuair a thagann an samhradh thart, mar sin, bíonn tú faoi lán seoil agus is ansin a bhíonn tú ag imirt na hiomána is fearr. Le cúnamh Dé, sin mar a bhéas ann i mbliana."

Ach de réir mar a chaill Baile Átha Cliath cluiche ar cluiche sa tsraith, bhí ionchais na Dubs sa craobhchomórtais ag ardú. Agus, in ainneoin na gcailliúintí, bhí Anthony Daly agus a fhoireann bhainistíochta ag tabhairt deise d'imreoirí óga taithí a fháil ar chluichí móra a imirt agus dar le McCaffrey feicfear an tairbhe sin sna seachtainí amach romhainn.

"Bhí an-chuid gortuithe againn le linn na sraithe ach rinne na himreoirí a tháinig isteach a ndícheall. Seans nach bhfaigheadh siad am imeartha dá mba rud é go raibh gach duine aclaí. Bhaineamar an-chuid gnéithe dearfacha as na imreoirí óga a tháinig isteach. "Bhí an-tionchar acu agus chuir siad a lámha in airde d'áit a fháil ar an bhfoireann don

chraobhchomórtais. An rud atá déanta aige sin don phainéil ná go bhfuil géariomaíocht ann chun áit a fháil. Tá gach áit ar fáil agus sin an méid atá uait. Beidh sé sin fíorthábhachtach dúinn amach anseo."

Ach in ainneoin na dtorthaí, bhí cuma mhaith ar Bhaile Átha Cliath sa tsraith. Chaill siad faoi dhó le pointe i gcoinne Chorcaigh agus Chill Chainnigh. Léirigh siad fuinneamh agus luas iontach agus bhí cuma taitneamhach ar an chaoi ar imir siad, gné a luaigh McCaffrey.

"Tá sé fíorthaitneamhach imirt ar an bhfoireann. Níl aon rud níos fearr nuair atá tú i gcluiche mór sa chraobhchomórtais nó i gcluiche dian agus an liathróid ag dul ó cheann ceann na páirce. Bíonn tú ag iarraidh greamú a chur isteach. "Bíonn leas a bhaint agat as an obair chrua agus an traenáil go léir ag an bpointe sin. Tá sé iontach a bheith páirteach i gcluichí mar sin. Tá sé taitneamhach imirt ann agus tá sé níos taitneamhaí fós nuair a fhaigheann tú an bua." An bua a fháil a Chill Chainnigh. Seans go bhfuil aigne Anthony Daly dírithe air sin ón lá a ceapadh é. Bíonn gach tosach lag, ach tar éis ceithre bliana, tá meon na himreoirí athraithe agus ní féidir an beagán a dhéanamh de thábhacht Daly sa phróiseas sin.

"Tá sé (Anthony Daly) tar éis proifisiúntacht a thabhairt chuig an

bhfoireann. D'ardaigh sé an caighdeán i ngach aon ghné den fhoireann. Chomh maith leis sin, tá foireann bhainistíochta den scoth aige. Is bainisteoir maith aonarach é agus spreagann sé imreoirí ar aghaidh atá ag iarraidh an bhuaicphointe a bhaint amach. "Measaim go raibh an muinín agus an creidiúint in easnamh ón foireann le roinnt blianta. Is féidir linn dul in iomaíocht leis na foirne móra agus iad a bhualadh. Tugann sé an-chuid muiníne duit ag dul amach chun páirce. Táimid tar éis cúpla foireann mhóra a chloí ar an mbealach agus tá súil agam gur féidir linn cúpla ceann eile a chur leis."

An féidir leo an bua a fháil ar Chill Chainnigh ar an Satharn? Sin í an cheist. Bhí an t-ádh le McCaffrey go raibh foireann mhionúir mhaith ag Baile Átha Cliath agus lean an rath sin chuig an ngrád faoi 21 chomh maith. Nuair a lean roinnt imreoirí óga faoi aois ar aghaidh chuig an bhfoireann sinsir, thosaigh cúrsaí ag athrú i mBaile Átha Cliath. Cúig nó sé bliana níos déanaí, tá Daly agus Baile Átha Cliath ar tí stair na hiomána i gCúige Laighean a athscríobh. Diaidh ar ndiaidh a tógtar na caisleáin. Tá ceann Daly nach mór tógtha ach má tá aon laigí ann, níl foireann níos fearr ná na Cait chun sochar a bhaint as na laigí sin chun foireann a scríos.

Ar an gcláí



Le John Allen

Cait agus Tiobradaigh
chun cinn go fóill

B Hí sé nóiméad imithe sa chluiche idir iománaithe na Gaillimhe agus Uíbh Fhailí an Domhnach seo chaite nuair a tháinig mé isteach sa seomra suite chun féachaint air. Cheapas go raibh mé ar an mbealach teilifíse mícheart nuair a d'fhéach mé ar an scór 2-1, sea, dhá chúl ag Gaillimh agus cúl amháin ag an bhfoireann baile.

Ach bhí an cluiche ceart agam agus thug an tús sin agus cúl eile go gairid ina dhiaidh an-bhuntaiste do Ghailimh agus farasbarr nár chailladar ina dhiaidh sin.

Faraor, ní dóigh liom gur fhoghlaim siad mórán as an gcoimhlínt ach níl aon dabht ach go bhfuil siad sásta a bheith ar ais i gcrabhbhluiche Laighean.

Rud a chuirfidh isteach ar an mbainistíocht ná gur ghéilleadar 3-15 i ndiaidh 4-12, a géilleadh don Iarmhí sa chluiche roimhe sin.

Mar sin féin, tá na tosaithe ag dul go maith agus is maith an rud dóibh nach bhfuil siad ag braith go hiomlán ar Joe Canning chun formhór na scóranna a fháil (níor scóráil sé ach dhá chúilín ón imirt ar an Domhnach).

Cé bheidh mar fhreasúra acu ar an ochtú lá d'Iúil? Bhuel, beidh a fhios againn ag am tae an Satharn beag seo i ndiaidh an leathchraobh eile idir na seaimpíní, Cill Chainnigh, agus Baile Átha Cliath.

Cad is féidir a rá faoi iománaithe Chill Chainnigh nach bhfuil ráite cheana féin. I mo thuairim seo í an fhoireann iomána is fearr a bhí ann riamh leis an bainisteoir is fearr.

Téann siad chun páirce arís an deireadh seachtaine seo i gcluiche leathcheannais Chraobh Laighean 2012 agus an bainisteoir Brian Cody fós mar cheannaire orthu ó 1999 i leith agus cad é mar chúriarracht atá aige ó thosaigh sé.

Ocht gcrabhbh Uile-Éireann, dosaen Craobh Laighean agus cúig chinn de shraitheanna Allianz buaite faoina stiúir.

Chomh maith leis an mbainisteoir iontach, tá cnámh droma d'imreoirí iontach ann den chuid is mó de ré Cody, ina measc Noel Hickey, JJ Delaney, Tommy Walsh, Henry Shefflin, Eoin Larkin, Brian Hogan agus Eddie Brennan atá éirithe as i mbliana. Chomh maith leis sin, go dtí seo, bhí foirne faoi aois Chill Chainnigh go mór in uachtar i gCúige Laighean agus as na foirne sin tiocfadh imreoir nó dó



Eoin Kelly, Port Láirge, ag ceiliúradh cúil os comhar Cian Dillon, ón gClár, Dé Domhnaigh. Grianghraf: Stephen McCarthy/SPORTSFILE.

chun cinn gach bliain.

B'fhéidir go bhfuil athrú tagtha air sin anois mar go bhfuil chuid de na foirne eile sa chúige ag teacht suas chuig caighdeán na gCat, rud a chuirfidh deireadh (b'fhéidir) leis an monaplacht atá ag Chill Chainnigh le fada an lá.

Ach don Satharn seo níl aon athrú mar tá Cill Chainnigh ag teacht isteach sa chluiche seo agus iad fós ar barr, cé go bhféadfadh Baile Átha Cliath a bheith ag breith orthu. Smaoinigh gur imir leaids na príomhchathrach na cluichí sraithe ar fad agus ar a laghad trian den chéad cúigear déag is fearr gortaithe.

Ach anois is cosúil go bhfuil an chuid is mó de na himreoirí is fearr réidh don chath. Bhí Ryan O'Dwyer a shrón seachtain ó shin ach deirtear do mbeidh sé ag tosú.

Ceapaim go mbeidh an-chluiche againn ach tá sé deacair féachaint thar

Thaispeáin Corcaigh ard-form le linn na gcluichí sraithe, is é sin go dtí an cluiche ceannais nuair a fuaireadar léasadh ó Chill Chainnigh.

na seaimpíní.

I bPáirc Uí Chaoimh ar an Domhnach, imreoidh péire de mhórnamhaid na hiománaíochta a chéile nuair a chuirfidh an fhoireann baile agus Tiobraid Árann chun páirce do chluiche leathcheannais na Mumhan. Thaispeáin Corcaigh ard-form le linn na gcluichí sraithe, is é sin go dtí an cluiche ceannais nuair a fuaireadar léasadh ó Chill Chainnigh.

Ach níl aon dabht ach go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag fhoireann Jimmy Barry Murphy. Bhíodar

níos fearr ná na Tiobradaigh i gcluiche leathcheannais na sraithe agus an cuma ar an scéil sa chluiche sin go raibh Tiobrad Árann imithe píosa maith siar ón ardchaighdeán a bhí sroichte acu le cúpla bliain.

Is buntáiste mór é do na Tiobradaigh go raibh cluiche dian acu i gcoinne Luimnigh cúpla seachtain ó shin agus cé nach rabhadar go hiontach an lá sin, is cinnte gur fhoghlaim an bhainistíocht cuid mhaith agus go mbeidh an fhoireann is fearr ag dul chun páirce an uair seo.

Is dóigh liom gur chríochnaigh formhór de na hiománaithe is fearr an lá sin. Buntáiste eile atá acu an uair seo ná go bhfuil mí eile traenála ag Lar Corbett agus chuala mé go bhfuil sé ag déanamh go maith.

Beidh sé deacair ar Chorcaigh an cluiche seo a bhuacaint i mo thuairimse. I ndiaidh an chluiche ceannais na sraithe, tá ceisteanna ann faoin gcúl-

báire, Martin Coleman, agus faoin lánchúláí, Stephen McDonnell. Tá éiginnteacht freisin faoi chomhdhéanamh na dtosaithe agus cibé imreoirí a thosóidh ní dóigh liom go mbeidh na roghnóirí lán de mhuinín astu.

Ní bheidh mórán eatarthu, ach ag an deireadh ceapaim go mbeidh Tiobraid Árann chun cinn.

Comhghairdeas le hiománaithe na nDéise a chuir ionadh orm an Domhnach seo chaite. D'imríodar le mórán spioraid agus féinmhuiníne agus, le cabhair na bhfear ionad a thugadar isteach, lean siad ag imirt go dtí an deireadh i gcluiche a bhí idir dhá ceann na meá go dtí an fheadóg dheiridh.

Ar ndóigh, beidh mé i bPáirc na Gael i Luimneach ar an Satharn áit a mbeimid ag bualadh le Laois sa chéad cluiche cáilithe iomána. Tuilleadh faoi sin an tseachtain seo chugainn.

Coimeád súil amach d'Aidan White

Labhraíonn **Cillian Ó Conchúir** le h**Aidan White**, réalt Phoblacht na hÉireann faoi 21

CÉ go bhfuil Leeds United agus imreoir cumasach idirnáisiúnta faoi 21 dá chuid, Aidan White, ag streachailt le teacht chun réiteach ar chonradh, gach seans gurb é an deis peil a imirt ag caighdeáin níos airde an tarraingt is mó dó chun Elland Road a fhágáil.

Ón am ar cheannaigh sé an club i mí Bealtaine 2011, tá cáineadh déanta ar Ken Bates faoin easpa airgid atá curtha isteach sa club aige.

Tá sé seo le feiceáil sa tslí nach bhfuil Leeds in ann leithéidí White, captaen na foirne, Robert Snodgrass agus an tosach Ross McCormack a choimeád ag an club.

Beidh conradh White críochnaithe ag deireadh na míosa seo, agus le ráflaí go bhfuil clubanna móra ar a thóir (deirtear go bhfuil suim ag Arsenal, Bolton, Norwich, Newcastle, Celtic, Werder Bremen agus Lille ann), is am cinniúnach atá ann do White.

"Níl cinnte cad atá chun tarlú," a dúirt White le Gaelscéal.

"Gan amhras tá Leeds fós ansin.

Dúirt mé go mbeinn ag díriú ar an dá cluiche (idirnáisiúnta faoi 21), agus go rachadh mé ar saoire ansin agus go smaoinéoinn ar mo thodhchaí. Faoi láthair níl a fhios agam cad atá chun tarlú.

"Tá sé go deas i gcónaí nuair a bhíonn sé luaite go bhfuil suim ag clubanna sa Príomhroinn ionat, ach níl a fhios agat cad atá fíor uaireanta.

Léiríonn sé go bhfuil tú tar éis dul chun cinn a dhéanamh agus caithfidh mé a bheith fíorbhuíoch agus leanúint ar aghaidh ag cur taispeántais isteach.

"Beidh briseadh beag agam agus feicimid cad a tharlóidh. Tá sé tuas san aer mar a deirtear. Le cúnamh Dé, socrófar rud éigin go luath."

An tséachtain seo caite, dúirt bainisteoir Leeds, Neil Warnock, nach raibh sé a cheapadh go mbeadh White ann an bhliain seo chugainn, ag rá leis an Yorkshire Evening Standard: "Ní dóigh liom go bhfuil sé chun glacadh leis an gconradh a thairg muid dó ón méid a bhí le rá ag a chomhairleoirí."

Má tá sé sin fíor, caithfidh White a theacht ar chinneadh i dtaobh peil leanúnach a imirt nó a bheith i gcoimhlint d'áit ar fhoireann a bhéas ag imirt i gCorn Eorpach an bhliain seo chugainn. Tar éis imirt do Leeds den chéad uair ag aois 16, is gné í an imirt leanúnach a bhfuil an t-imreoir 20 bliain d'aois ag díriú air an séasúr seo. D'fhéadfadh an imirt leanúnach a bheith mar toisca agus é ag roghnú cén áit go bhfuil White chun dul.

"Tá an méid sin iomaíochta chun imeartha sna clubanna inniu. Tá sé fíordheacair (áit a choimeád). Má bhíonn droch-chluiche amháin agat, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh tú amach ón bhfoireann ar feadh tamaill. Tá sé deacair d'áit a choimeád seachtain i ndiaidh seachtaine, ach buíochas le Dia, den chuid is mó den séasúr, táim tar éis sin a



Aidan White, Poblacht na hÉireann faoi 21 - in aicsean i gcoinne na Danmhairge [PIC: BARRY CREGG / SPORTSFILE]

dhéanamh.

"Rinne mé mo debut faoi Gary McAllister nuair a bhí mé 16. Bhí seisean iontach liom. Chaith sé isteach sa taobh domhain mé; bíonn ort snámh nó báfar tú. Rinne mé ceart go leor," ar sé, "agus lean sé uaidh sin. Bhí mé isteach is amach ar an bhfoireann ag an aois sin, rud a bhí uaim chun forbairt a dhéanamh." Chur gortaithe isteach ar líon na cluichí a thosaigh sé faoi McAllister agus ansin faoi Simon Grayson, a lig amach ar cíos é go Oldham.

"Bhí Grayson go maith dom freisin. Bhí orm dul amach ar cíos chun mé féin a léiriú agus chun forbairt a dhéanamh. D'fhill mé ó Oldham agus thosaigh rudaí ag feabhsú. D'imir mé an chuid is mó de na cluichí, 39/40 faoi Grayson agus (Neil) Warnock. Tá na bainisteoirí go léir tar éis cabhrú liom go mór, Noel King (bainisteoir foireann faoi 21 na hÉireann) ina measc."

Ba é King a thug isteach an lánchúlai/cliathánaí, arbh as Loch Garman a sheantuismitheoirí, ar an bhfoireann i mí Lúnasa seo caite, tar éis don imreoir imirt do Shasana faoi 19 in 2009. Tá sé tar éis imirt i ngach aon cluiche ó shin i leith, léiriú iontach ina measc i gcoinne na hIodáile

"Bhí Grayson go maith dom freisin. Bhí orm dul amach ar cíos chun mé féin a léiriú agus chun forbairt a dhéanamh. D'fhill mé ó Oldham agus thosaigh rudaí ag feabhsú. D'imir mé an chuid is mó de na cluichí, 39/40 faoi Grayson agus (Neil) Warnock. Tá na bainisteoirí go léir tar éis cabhrú liom go mór, Noel King (bainisteoir foireann faoi 21 na hÉireann) ina measc."

nuair a tháinig Éire ó dhá cúl chun deireadh chun chomhscór 2-2 a fháil níos luaithe an mhí seo.

"Nuair a ghlaigh Éire, ní raibh mé tar éis imirt le Sasana ar feadh tamaill. Ghlac mé leis láithreach. Ní raibh ceist ná amhras ann ar chor ar bith," a dúirt White, fear a bhfuil a chuid imeartha tar éis Éire a chur níos gaire

do chraobhchomórtas na hEorpa faoi 21 in Iosrael an bhliain seo chugainn.

"Tá cluiche amháin fágtha againn i gcoinne na hUngáire, na Tuirce agus na hIodáil. Más féidir linn dhá cluiche a bhuachan, nó bua amháin agus dhá chomhscór a fháil, bheadh sin foirfe (chun cáilíocht a bhaint amach). Táimid muiníneach. Tá roinnt imreoirí iontacha againn ag an aois seo agus táimid muiníneach gur féidir linn dul ar aghaidh agus cáiliú.

Níl aon amhras faoi thallann na foireann, le leithéidí Robbie Brady (Manchester United), Shane Duffy (Everton), Greg Cunningham (Manchester City), Conor Clifford (Chelsea) agus Ronan Murray (Ipswich). Bhí a tallann féin le feiceáil i gcoinne na hIodáile, ar an gcliathán ar chlé.

Rith sé go tréan ar an ionsaí i gcoinne chosaint an Iodáil. Bhreathnaigh sé cosúil le himreoir ardchéime agus le cúnamh Dé, tá na gortaithe curtha ar leataobh aige.

"Níl cinnte faoi sin," a dúirt sé go gealgháire, faoina thaispeántas i gcoinne na hIodáile ag cur lena chumas féin agus le haon aistriú a d'fhéadfadh tarlú.

"Téim amach ansin chun an taispeántais is fearr is féidir liom a thabhairt. Má léirim mé féin go maith, tá

sé go maith don foireann agus dom féin go pearsanta.

An príomhrud ná an toradh. Thugamar léiriú maith. Bhí a fhios againn nach cluiche éasca a bheadh ann agus bhaineamar toradh amach."

Is tréith í an cúthailéacht a bhaineann leis na himreoirí go léir faoi aois, agus ní haon eisceacht é White. Cuireann sé moladh i leataobh, ag rá go bhfuil gá aige fáil níos mó go fisiciúil agus chun mionrud nó dhó a athrú.

"Ní dóigh liom gur féidir leat stop a chur leis an bhforbairt. Caithfidh tú an léiriú is fearr a thabhairt agus leanúint leis an obair chrua."

Má bheartaíonn sé fanacht ag Leeds (níl an chuma air go dtarlóidh sé seo), má bhogann sé chuig an bpríomhroinn nó chuig an Mórroinn, ní bheidh easpa clubanna ar a thóir.

An leanfaidh sé i coiscéimeanna Eden Hazard ag Lille nó Mesut Özil ag Bremen? Nó, an leanfaidh sé ár n-imreoirí féin, Damian Duff nó James McClean, ag baint cosantóirí na príomhroinne as a chéile?

Cibé foireann a roghnaíonn sé, coimeád súil amach do White. Tá todhchaí órga amach roimh ceann de na himreoirí is fearr atá againn faoi aois.

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag sport@gaelsceal.ie

Gaelscéal
● 20.06.2012

“Bhí mé saonta - Cheap mé go rabhamar ar shruth na meala ...”

Réalt Iomána Chill Chainnigh, **Brian Hogan**, faoi agallamh ag **Cillian Ó Conchúir**

NACH ait mar a athraíonn cúrsaí thar tréimhse bliana.

Ag an tráth seo anuraidh dúradh go raibh ré imreoirí Chill Chainnigh ag teacht chun críche agus go raibh réalta iomána na príomhchathrach ag dul in airde. Bhí Baile Átha Cliath tar éis craobh na sraithe a bhuachan den chéad uair le breis agus 70 bliain.

Ach tar éis an cluiche sin a cailliúint, bhí ceacht foghlamtha ag Cill Chainnigh.

I mbliana, tar éis do Bhaile Áth Cliath a bheith dícháilithe ó Roinn a hAon den tSraith agus tar éis do Chill Chainnigh slad a dhéanamh ar Corcaigh, deirtear nach mbeidh mórán foirne ábalta dul i ngleic leis na Cait agus nach mbeidh foireann Bhaile Átha Cliath ann ag deireadh na bliana.

Déanann captaen Chill Chainnigh na bliana seo caite, Brian Hogan, miongháire nuair a cuimhníonn sé siar.

“An bhliain seo caite, bhí daoine ag ceapadh go raibh deireadh linn tar éis Chomórtas na Sraithe. Ní raibh muid sásta agus muid ag labhairt inár measc féin. Ach ní hé sin le rá go rabhaimid ag brú cnaipe práinne.

“Tá tú i do shuí sa seomra feistis le linn traenála, ag breathnú timpeall ar Tommy Walsh, JJ (Delaney), Henry (Shefflin), Larks (Eoin Larkin) agus (Richie) Power. Tuigeann tú nach bhfuil tú chomh fada sin ón sprioc.”

Tar éis an cáinte a fuair siad tar éis na sraithe a chailliúint, chuaigh Hogan ar aghaidh chun Corn Mhic Cárthaigh a ardú ag deireadh an tsamhradh. Ach i mbliana tá cúrsaí athraithe roimh an gcluiche i gcoinne na Dubs i bPort Laoise.

“Bhuaigh muid comórtas na sraithe go compordach, ach nílimid ag ceapadh go bhfuil na freagraí againn. Tá daoine a rá go bhfuil muid chun siúl isteach sa chraobh. Cac atá sa mhéid sin. Tá an tsraith ann ach sé seo an Craobhchomórtas.”

Cé gur tubaiste a bhí sa tsraith d’foireann Anthony Daly, ó thaobh torthaí de, tá imreoirí nua tugtha isteach aige agus tuigeann Hogan nach léiríú ceart a bhí i dtorthaí na sraithe ar an gcumas atá iontu.

“Cé go raibh siad díomách leis an tsraith, níl aon amhras ach go raibh siad ag díriú ar an gCraobhchomórtas ón gcéad lá. An rud is tábhachtaí ná cúpla imreoir nua a aimsiú sa tsraith agus gach imreoir a bhí gortaithe a fháil aclaí don craobhchomórtas - an



Brian Hogan ag crochadh mhacasamhail de Chorn Liam Mhic Chárthaigh tar éis do Chill Chainnigh an Chraobh a bhuachan anuraidh. PICTURE CREDIT: BARRY CREGG / SPORTSFILE

sprioc atá acu i mbliana.

“Rinne siad go maith anuraidh nuair a bhain siad cluiche leathcheannais amach i gCraobh na hÉireann ach tá corn na craobhchomórtas uathu i mbliana. Tá siad in áit mhaith ach caithfimid a bheith buartha faoinár bhfoireann féin, ionas go mbeimid réidh.”

Tar éis ceithre Chraobh Uile-Éireann a bhuachan go dtí seo le Cill Chainnigh, dar le Hogan, is iad na cuimhní buachana a thugann ar ais é bliain i ndiaidh bliana.

“An mothúcháin a fuair tú an Meán Fómhair seo caite, ar tráthnóna Iúil

“Go pearsanta, bhí Loch Garman mar ábhar mór díomá domsa. Ba bhuaiteoirí dúbailte Uile-Éireann iad Cill Chainnigh ag an am agus bhris mé isteach ar fhoireann a bhí ar thóir an tríú craobh as a chéile.”

tar éis cluiche crua sa chraobh a bhuachan. Déanann an sásamh sin tú a bhrú ar aghaidh. Bíonn sé sin uait chun tú a thógáil trí mhíonna fada an gheimhridh.”

Is cinnte go dtugann bonn Uile-Éireann cabhair d’imreoirí agus iad ag traenáil sa bhfuacht, ach d’foireann a bhfuil taithí na buachana faighte acu, an dúshlán is mó ná fanacht ag an mbarr.

Seans go luann Hogan na cailliúintí ar fad a d’fhulaing sé i ngeansaí Chill Chainnigh agus é ag rá cad as a thagann an spreagadh chun tuilleadh bonn a bhuachan.

“Go pearsanta, bhí Loch Garman mar ábhar mór díomá domsa. Ba bhuaiteoirí dúbailte Uile-Éireann iad Cill Chainnigh ag an am agus bhris mé isteach ar fhoireann a bhí ar thóir an tríú craobh as a chéile.

“Bhí mé saonta. Cheap mé go rabhamar ar shruth na meala, nach raibh orainn ach dul ar an páirc imeartha agus go mbeadh an bua againn. Bhí muid gafa an lá sin agus thóg sé dhá/trí bliana orm filleadh ar an bhfoireann tosaigh. Cuar foghlamtha géar a bhí ann dom agus fanann sé sin i m’aigne go pearsanta.

“Nuair a thagann cluichí craoibhe, smaoinoidh mé siar ar na cluichí a chaill mé ag rá liom féin: ná cuir tú féin sa chás gur féidir na mothúcháin sin a bhrath arís - mar spreagadh.”

Is iad Baile Áth Cliath an chéad dúshlán atá ag Cill Chainnigh i mbliana agus cé nach bhfuil mórán taithí ag na Cait as cluichí a cailliúint, is é láidreacht an phainéil an chosaint is fearr i gcoinne an iomarca muiníne a bheith acu. De bharr gurb iad Cill Chainnigh atá ann, tá eagla ar imreoirí roimh a n-áit ar an bhfoireann a chailleadh.

“Agus mé gortaithe ar feadh coicise, choimeád mé suil ar thraenáil, cé a bhí ag iomáint agus ag iomáint go maith. Déanann tú iarracht filleadh chomh luath agus is féidir agus a bheith ag iomáint go maith. Is maith le Brian (Cody) go mbeimid iomaíoch agus go gceapann gach imreoir go bhfuil deis acu. Ní thagann aon imreoirí chuig an foireann ag ceapadh gur ‘superstar’ iad, go bhfuil áit cinnte acu.” Ar deireadh, luann Hogan, an bainisteoir Brian Cody a threoraigh Cill Chainnigh chuig ocht gCraobh na hÉireann. Dar le Hogan, ba é Cody a chuir béim ar cheannasaíocht a bheith ag teacht ó na himreoirí féin sa seomra feistis, rud a thugann meáchan agus cumhacht sa bhreis don mhéid a bhíonn á rá.

“Is cuma más uimhir a haon tú nó uimhir a 29, tagann spreagadh ó gach cuid den seomra feistis. Tá Brian soiléir faoin méid atá uaidh ó gach imreoir.

“Cuireann sé béim ar an ngeansaí, gur onóir ata ann i a chaitheamh agus nach bhfuil an geansaí ach á choimeád agat don chéad imreoir eile atá ag teacht chun cinn. Ní théann sé ar thóir imreoirí. Bíonn sé uait nó ní bhíonn,” a deir Hogan.